RIALACHÁN (AE) 2023/1543 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 12 Iúil 2023

maidir le hOrduithe Eorpacha chun Fianaise a Thabhairt ar Aird agus Orduithe Caomhnaithe Eorpacha i gcomhair fianaise leictreonach in imeachtaí coiriúla agus chun pianbhreitheanna coimeádta a fhorghníomhú tar éis imeachtaí coiriúla

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 82(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ([1]),

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ([2]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá cuspóir leagtha amach ag an Aontas dó féin limistéar saoirse, slándála agus ceartais a chothabháil agus a fhorbairt. Ar mhaithe le limistéar den sórt sin a bhunú de réir a chéile, tá an tAontas chun bearta a ghlacadh a bhaineann leis an gcomhar breithiúnach in ábhair choiriúla bunaithe ar phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh do bhreithiúnais agus do chinntí breithiúnacha, a dtagraítear dóibh go coitianta mar bhunchloch an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla laistigh den Aontas ó bhí Comhairle Eorpach Tampere ann an 15 agus 16 Deireadh Fómhair 1999.

(2) Tá bearta chun fianaise leictreonach a fháil agus a chaomhnú le haghaidh imscrúduithe coiriúla agus ionchúisimh choiriúla ar fud an Aontais ag éirí níos tábhachtaí. Is riachtanach iad sásraí éifeachtacha chun fianaise leictreonach a fháil i dtaca le coiriúlacht a chomhrac, agus ba cheart sásraí den sórt sin a bheith faoi réir coinníollacha agus coimircí lena áirithiú go bhfuil siad ag comhlíonadh cearta bunúsacha agus prionsabail a aithnítear in Airteagal 6 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt') go hiomlán, go háirithe prionsabail an riachtanais agus na comhréireachta, agus na prionsabail a bhaineann le próiseas cuí, cosaint na príobháideachta agus sonraí pearsanta agus rúndacht na cumarsáide.

(3) Sa Ráiteas Comhpháirteach ó na hAirí Dlí agus Cirt agus ó na hAirí Gnóthaí Baile agus ó ionadaithe institiúidí an Aontais an 24 Márta 2016 maidir leis na hionsaithe sceimhlitheoireachta sa Bhruiséil leagadh béim ar an ngá a bhí, mar ábhar tosaíochta, le fianaise leictreonach a chaomhnú agus a bhailiú níos gasta agus níos éifeachtaí agus chun bearta nithiúla a shainaithint chuige sin.

(4) Leagadh béim i gconclúidí na Comhairle an 9 Meitheamh 2016 ar an méadú atá tagtha ar an tábhacht a bhaineann le fianaise leictreonach in imeachtaí coiriúla, agus ar an tábhacht a bhaineann leis an gcibearspás a chosaint ó mhí-úsáid agus ó ghníomhaíochtaí coiriúla ar mhaithe le leas an gheilleagair agus na sochaí agus dá bhrí sin, is gá go mbeadh uirlisí éifeachtacha ag údaráis forfheidhmithe dlí agus ag údaráis bhreithiúnacha chun gníomhartha coiriúla a bhaineann leis an gcibearspás a imscrúdú agus a ionchúiseamh.

(5) Sa teachtaireacht chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle an 13 Meán Fómhair 2017 maidir le hAthléimneacht, Díspreagadh agus Cosaint: Building strong cybersecurity for the EU [Cibearshlándáil láidir a thógáil don Aontas], leag an Coimisiún béim ar imscrúdú agus ionchúiseamh éifeachtach na coireachta cibearchumasaithe mar bhac fíorthábhachtach ar chibear-ionsaithe, agus ar an ngá atá le creat nós imeachta an lae inniu a chur in oiriúint níos fearr do ré an idirlín. Uaireanta, ní féidir leis na nósanna imeachta atá ann faoi láthair luas na gcibearionsaithe a láimhseáil, rud a chruthaíonn riachtanais ar leith le haghaidh comhar gasta thar theorainneacha.

(6) Sa rún ó Pharlaimint na hEorpa an 3 Deireadh Fómhair 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na cibearchoireachta ([3]), leagadh béim ar an ngá atá le modhanna a aimsiú chun fianaise leictreonach a dhaingniú agus a fháil níos gasta, chomh maith lena thábhachtaí atá dlúthchomhar idir údaráis forfheidhmithe dlí, tríú tíortha agus soláthraithe seirbhíse atá gníomhach ar chríoch na hEorpa, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) agus le Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón

([1]) IO C 367, 10.10.2018, lch. 88.
([2]) Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 13 Meitheamh 2023 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 27 Meitheamh 2023.
([3]) IO C 346, 27.9.2018, lch. 29.
([4]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

gComhairle ([5]), agus le comhaontuithe um chúnamh dlíthiúil frithpháirteach atá ann cheana. Tugadh chun suntais sa rún sin ó Pharlaimint na hEorpa freisin gur féidir leis an gcreat dlíthiúil ilroinnte atá ann faoi láthair dúshláin a chruthú do sholáthraithe seirbhíse atá ag iarraidh iarrataí ar fhorfheidhmiú an dlí a chomhlíonadh agus iarradh ar an gCoimisiún creat dlíthiúil Aontais a thíolacadh le haghaidh fianaise leictreonach lena ngabhann coimircí leordhóthanacha do chearta agus saoirsí na ndaoine uile lena mbaineann, agus ag an am céanna fáiltíodh roimh obair leanúnach an Choimisiúin ar ardán comhair ina mbeidh cainéal cumarsáide slán le haghaidh malartuithe digiteacha Orduithe Imscrúdaithe Eorpacha (EIOnna) le haghaidh fianaise leictreonach agus freagraí leictreonacha idir údaráis bhreithiúnacha an Aontais.

(7) Is féidir seirbhísí gréasánbhunaithe a sholáthar ó áit ar bith agus ní gá go mbeadh bonneagar fisiceach, áitribh ná foireann oibre acu sa tír ina dtairgtear an tseirbhís ábhartha. Dá bhrí sin, is minic a dhéantar fianaise leictreonach a stóráil lasmuigh den Stát imscrúdaithe nó le soláthraí seirbhíse lasmuigh den Stát sin, agus is minic a chruthaíonn sé sin dúshláin i ndáil le bailiú fianaise leictreonaí in imeachtaí coiriúla.

(8) Mar gheall ar an gcaoi ina soláthraítear seirbhísí gréasánbhunaithe, is minic a dhírítear iarrataí maidir le comhar breithiúnach ar Stáit atá ag óstáil líon mór soláthraithe seirbhíse. Ina theannta sin, tá méadú tagtha ar líon na n-iarrataí toisc go bhfuil méadú ag teacht ar an úsáid a bhaintear as seirbhísí gréasánbhunaithe. Le Treoir 2014/41/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]), foráiltear maidir leis an bhféidearthacht EIO a eisiúint chun fianaise a bhailiú i mBallstát eile. Ina theannta sin, foráiltear leis an gCoinbhinsiún a bhunaigh an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 34 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, maidir le Cúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh ([7]) ('an Coinbhinsiún maidir le Cúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla') go bhféadfaí fianaise a iarraidh ar Bhallstát eile. Mar sin féin, d'fhéadfadh nach mbeadh na nósanna imeachta agus na hamlínte dá bhforáiltear i dTreoir 2014/41/AE lena mbunaítear EIO agus sa Choinbhinsiún maidir le Cúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla, oiriúnach d'fianaise leictreonach, atá níos luainí agus a d'fhéadfaí a scriosadh ar bhealach níos éasca agus níos gasta. Is minic a thógann sé achar fada fianaise leictreonach a fháil nuair a úsáidtear bealaí an chomhair bhreithiúnaigh, agus mar thoradh air sin tarlaíonn nach mbíonn leideanna ar fáil a thuilleadh ina dhiaidh sin. Ina theannta sin, níl aon chreat comhchuibhithe ann don chomhar le soláthraithe seirbhíse, agus glacann soláthraithe áirithe i dtríú tíortha le hiarrataí díreacha i gcomhair sonraí seachas inneachar de réir mar atá ceadaithe ag a ndlí náisiúnta infheidhme. Mar thoradh air sin, bíonn Ballstáit ag brath níos mó agus níos mó ar bhealaí comhair dhírigh dheonaigh le soláthraithe seirbhíse nuair is ann dóibh, agus cuireann siad uirlisí náisiúnta, coinníollacha agus nósanna imeachta éagsúla i bhfeidhm. I gcás sonraí inneachair, tá beart aontaobhach déanta ag cuid de na Ballstáit, ach tá Ballstáit eile ag brath go fóill ar chomhar breithiúnach.

(9) Cruthaíonn an creat dlíthiúil ilroinnte dúshláin d'údaráis um fhorfheidhmiú an dlí, d'údaráis bhreithiúnacha agus do sholáthraithe seirbhíse atá ag iarraidh iarrataí dlíthiúla ar fhianaise leictreonach a chomhlíonadh, ós minice a bhíonn orthu aghaidh a thabhairt ar éiginnteacht dhlíthiúil agus, b'fhéidir, ar choinbhleachtaí dlí. Dá bhrí sin, is gá foráil a dhéanamh maidir le rialacha sonracha i ndáil le comhar breithiúnach trasteorann chun fianaise leictreonach a chaomhnú agus a tháirgeadh, ar rialacha iad lena dtugtar aghaidh ar chineál sonrach na fianaise leictreonaí. Ba cheart a áireamh sna rialacha sin oibleagáid ar sholáthraithe seirbhíse a chumhdaítear le raon feidhme an Rialacháin seo freagairt go díreach d'iarrataí a thagann ó údaráis i mBallstát eile. Dá bhrí sin, comhlánóidh an Rialachán seo dlí an Aontais atá ann cheana agus soiléireoidh sé na rialacha is infheidhme maidir le húdaráis forfheidhmithe dlí agus údaráis bhreithiúnacha agus maidir le soláthraithe seirbhíse i réimse na fianaise leictreonaí, agus comhlíonadh iomlán na gceart bunúsach á áirithiú ag an am céanna.

(10) Urramaítear leis an Rialachán seo na cearta bunúsacha agus cloíonn sé leis na prionsabail a aithnítear in Airteagal 6 CAE agus sa Chairt, sa dlí idirnáisiúnta agus i gcomhaontuithe idirnáisiúnta a bhfuil an tAontas ina pháirtí iontu nó a bhfuil na Ballstáit uile ina bpáirtí iontu, lena n-áirítear an Coinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, agus i mbunreachtanna na mBallstát, ina réimsí faoi seach dá gcur i bhfeidhm. Áirítear i measc na gceart agus na bprionsabal sin, go háirithe an ceart chun saoirse agus slándála, urraim don saol príobháideach agus do shaol an teaghlaigh, sonraí pearsanta a chosaint, an tsaoirse chun gnó a sheoladh, an ceart chun maoine, an ceart chun leigheas éifeachtach agus triail chóir a fháil, toimhde na neamhchiontachta agus an ceart chun cosaint a fháil, prionsabail na dlíthiúlachta agus na comhréireachta, chomh maith leis an gceart chun nach ndéanfar duine a thriail ná a phionósú faoi dhó in imeachtaí coiriúla i ngeall ar an gcion coiriúil céanna.

([5]) Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 i ndáil le cosaint daoine nádúrtha maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle (IO L 119, 4.5.2016, lch. 89).

([6]) Treoir 2014/41/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir leis an Ordú Imscrúdaithe Eorpach a úsáid in ábhair choiriúla (IO L 130, 1.5.2014, lch. 1).

([7]) Coinbhinsiún a bhunaigh an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 34 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, maidir le Cúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh (IO C 197, 12.7.2000, lch. 3).

(11) Níor cheart aon ní sa Rialachán seo a léirthuiscint mar thoirmeasc ar dhiúltú Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird a thabhairt ó údarás forfheidhmithe i gcás ina bhfuil cúiseanna lena chreidiúint, ar bhonn eilimintí oibiachtúla, gur eisíodh an tOrdú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird ar mhaithe le duine a ionchúiseamh nó a phionósú mar gheall ar inscne, bunadh ciníoch nó eitneach, reiligiún, gnéaschlaonadh, féiniúlacht inscne, náisiúntacht, teanga nó tuairimí polaitiúla an duine sin, nó go bhféadfaí seasamh an duine sin a dhochrú ar aon cheann de na cúiseanna sin.

(12) Braitheann sásra an Ordaithe Eorpaigh chun Fianaise a Thabhairt ar Aird agus an Ordaithe Caomhnaithe Eorpaigh le haghaidh fianaise leictreonach in imeachtaí coiriúla ar phrionsabal na muiníne frithpháirtí idir na Ballstáit agus ar thoimhde go gcomhlíonann na Ballstáit dlí an Aontais, an smacht reachta agus, go háirithe, cearta bunúsacha, ar gnéithe bunriachtanacha iad de limistéar saoirse, slándála agus ceartais an Aontais. Cuireann sásra den sórt sin ar chumas na n-údarás inniúil náisiúnta orduithe den sórt sin a sheoladh go díreach chuig soláthraithe seirbhíse.

(13) Is cearta bunúsacha iad urraim don saol príobháideach agus do shaol an teaghlaigh agus daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta. I gcomhréir le hAirteagal 7 agus Airteagal 8(1) den Chairt, tá sé de cheart ag gach duine go ndéanfar a saol príobháideach agus a saol teaghlaigh, a n-áit chónaithe, agus a gcuid cumarsáide a urramú.

(14) Agus an Rialachán seo á chur chun feidhme, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint agus a phróiseáil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 agus Treoir (AE) 2016/680, agus le Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]) lena n-áirítear i gcás úsáid bhreise a bhaint as sonraí a fhaightear, iad a tharchur nó a aistriú ar aghaidh.

(15) Níor cheart sonraí pearsanta a fhaightear faoin Rialachán seo a phróiseáil ach amháin nuair is gá sin a dhéanamh, agus ar bhealach atá comhréireach le críocha chosc, imscrúdú, bhrath agus ionchúiseamh na coiriúlachta nó ar mhaithe le pionóis choiriúla a fhorfheidhmiú agus cearta cosanta a fheidhmiú. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú, go háirithe, go mbeidh feidhm ag beartais agus bearta iomchuí um chosaint sonraí maidir le tarchur sonraí pearsanta ó údaráis ábhartha chuig soláthraithe seirbhíse chun críocha an Rialacháin seo, lena n-áirítear bearta chun slándáil na sonraí a áirithiú. Ba cheart do sholáthraithe seirbhíse na coimircí céanna a áirithiú i dtaca le sonraí pearsanta a tharchur chuig údaráis ábhartha. Ba cheart gur ag daoine údaraithe agus acu sin amháin a bheadh rochtain ar fhaisnéis ina bhfuil sonraí pearsanta ar féidir í a fháil trí phróisis fíordheimhniúcháin.

(16) Ba cheart feidhm a bheith ag na cearta nós imeachta a leagtar amach i dTreoracha 2010/64/AE ([9]), 2012/13/AE ([10]), 2013/48/AE ([11]), (AE) 2016/343 ([12]), (AE) 2016/800 ([13]) agus (AE) 2016/1919 ([14]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, laistigh de raon na dTreoracha seo, i ndáil le himeachtaí coiriúla a chumhdaítear leis an Rialachán seo i dtaca leis na Ballstáit atá faoi cheangal ag na Treoracha sin. Ba cheart feidhm a bheith ag na coimircí nós imeachta faoin gCairt freisin.

(17) Chun a áirithiú go n-urramófar go hiomlán cearta bunúsacha, ba cheart don údarás breithiúnach inniúil luach cruthúnais na fianaise arna bailiú i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo a mheasúnú i dtriail, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus i gcomhréir leis an gceart chun triail chóir a fháil agus an ceart chun cosanta go háirithe.

([8]) Treoir 2002/58/EC ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le cosaint príobháideachais san earnáil cumarsáide leictreonaí (Treoir um príobháideachas agus cumarsáid leictreonach) (IO L 201, 31.7.2002, lch. 37).

([9]) Treoir 2010/64/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2010 maidir leis an gceart chun ateangaireachta agus chun aistriúcháin in imeachtaí coiriúla (IO L 280, 26.10.2010, lch. 1).

([10]) Treoir 2012/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir leis an gceart chun faisnéise in imeachtaí coiriúla (IO L 142, 1.6.2012, lch. 1).

([11]) Treoir 2013/48/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 ar cheart chun dlíodóra in imeachtaí coiriúla agus in imeachtaí maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach, agus ar an gceart go gcuirfí tríú páirtí ar aon eolas nuair a chailltear an tsaoirse agus ar an gceart cumarsáid a dhéanamh le tríú daoine agus le húdaráis chonsalachta nuair a chailltear an tsaoirse (IO L 294, 6.11.2013, lch. 1).

([12]) Treoir (AE) 2016/343 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le neartú ar ghnéithe áirithe de thoimhde na neamhchiontachta agus den cheart chun bheith i láthair le linn na trialach in imeachtaí coiriúla (IO L 65, 11.3.2016, lch. 1).

([13]) Treoir (AE) 2016/800 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 ar choimircí nós imeachta do leanaí ar daoine iad atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe in imeachtaí coiriúla (IO L 132, 21.5.2016, lch. 1).

([14]) Treoir (AE) 2016/1919 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 ar chúnamh dlíthiúil do dhaoine atá faoi dhrochamhras agus do dhaoine atá cúisithe in imeachtaí coiriúla agus do dhaoine iarrtha in imeachtaí maidir le barántas gabhála Eorpach (IO L 297, 4.11.2016, lch. 1).

(18) Leagtar síos leis an Rialachán seo na rialacha faoina bhféadfaidh údarás breithiúnach inniúil san Aontas, in imeachtaí coiriúla, lena n-áirítear imscrúduithe coiriúla, nó chun pianbhreith choimeádta nó ordú coinneála a fhorghníomhú tar éis imeachtaí coiriúla i gcomhréir leis an Rialachán seo, ordú a thabhairt do sholáthraí seirbhíse a thairgeann seirbhísí san Aontas fianaise leictreonach a thabhairt ar aird nó a chaomhnú trí Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird nó trí Ordú Caomhnaithe Eorpach. Ba cheart don Rialachán seo a bheith infheidhme i ngach cás trasteorann ina bhfuil bunaíocht ainmnithe nó ionadaí dlíthiúil ainmnithe ag an soláthraí seirbhíse i mBallstát eile. Tá an Rialachán seo gan dochar do chumhachtaí na n-údarás náisiúnta dul i dteagmháil le soláthraithe seirbhíse atá bunaithe ar a gcríoch nó a bhfuil ionadaíocht á déanamh orthu ar a gcríoch chun gur féidir leo bearta náisiúnta comhchosúla a chomhlíonadh.

(19) Níor cheart a rialú leis an Rialachán seo ach bailiú sonraí arna stóráil ag soláthraí seirbhíse tráth a fhaightear Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird nó Ordú Caomhnaithe Eorpach. Níor cheart oibleagáid ghinearálta maidir le coinneáil sonraí a leagan síos do sholáthraithe seirbhíse agus níor cheart é a bheith d'éifeacht aige go ndéanfaí sonraí a choinneáil go ginearálta agus go neamh-idirdhealaitheach. Níor cheart a údarú leis an Rialachán seo ach oiread go ndéanfaí sonraí a idirghabháil ná a fháil ar sonraí iad a stóráiltear tar éis Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird nó Ordú Caomhnaithe Eorpach a fháil.

(20) Níor cheart do chur i bhfeidhm an Rialacháin seo difear a dhéanamh don úsáid a bhaineann soláthraithe seirbhíse nó a n-úsáideoirí as criptiú. Ba cheart sonraí atá á n-iarraidh trí bhíthin Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird nó Ordú Caomhnaithe Eorpach a sholáthar nó a chaomhnú gan beann ar iad a bheith criptithe nó gan a bheith criptithe. Níor cheart, áfach, go leagfaí síos leis an Rialachán seo aon oibleagáid ar sholáthraithe seirbhíse sonraí a dhíchriptiú.

(21) I mórán cásanna, ní dhéantar sonraí a stóráil ná a phróiseáil ar bhealach eile ar ghléas an úsáideora a thuilleadh, ach cuirtear ar fáil iad ar bhonneagar néalbhunaithe lena gcumasaítear rochtain a bheith orthu ó áit ar bith. Ní gá go mbeadh soláthraithe seirbhíse bunaithe i ndlínse faoi leith ná go mbeadh freastalaithe acu sa dlínse sin chun na seirbhísí sin a reáchtáil. Dá réir sin, níor cheart go mbraithfeadh cur i bhfeidhm an Rialacháin seo ar shuíomh iarbhír bhunaíocht an tsoláthraí seirbhíse ná ar shuíomh na saoráide um próiseáil nó um stóráil sonraí.

(22) Tá an Rialachán seo gan dochar do chumhachtaí imscrúdaitheacha na n-údarás in imeachtaí sibhialta agus riaracháin, nuair a d'fhéadfadh pionóis a bheith mar thoradh ar imeachtaí den sórt sin san áireamh.

(23) Ós rud é go bhféadfaí imeachtaí le haghaidh cúnamh dlíthiúil frithpháirteach a bhreithniú mar imeachtaí coiriúla i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme sna Ballstáit, ba cheart a shoiléiriú nár cheart Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird nó Ordú Caomhnaithe Eorpach a eisiúint chun cúnamh dlíthiúil frithpháirteach a sholáthar i mBallstát eile ná i dtríú tír. I gcásanna den sórt sin, ba cheart an iarraidh ar chúnamh dlíthiúil frithpháirteach a chur faoi bhráid an Bhallstáit nó an tríú tír a d'fhéadfadh cúnamh dlíthiúil frithpháirteach a sholáthar faoina dhlí náisiúnta.

(24) Faoi chuimsiú imeachtaí coiriúla, níor cheart an tOrdú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird agus an tOrdú Caomhnaithe Eorpach a eisiúint ach amháin i gcás imeachtaí coiriúla sonracha a bhaineann le cion coiriúil sonrach atá déanta cheana, tar éis meastóireacht aonair a dhéanamh ar riachtanas agus comhréireacht na n-orduithe sin i ngach cás ar leith, agus cearta an duine atá faoi dhrochamhras nó an duine atá cúisithe á gcur san áireamh.

(25) Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo freisin maidir le himeachtaí arna dtionscnamh ag údarás eisiúna chun duine ciontaithe a d'éalaigh ón gceartas a aimsiú, chun pianbhreith choimeádta nó ordú coinneála a fhorghníomhú tar éis imeachtaí coiriúla. I gcás inar forchuireadh an phianbhreith choimeádta nó an t-ordú coinneála le cinneadh a tugadh *in absentia*, áfach, níor cheart go mbeifí in ann Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird nó Ordú Caomhnaithe Eorpach a eisiúint, toisc go bhfuil éagsúlacht mhór idir dlíthe náisiúnta na mBallstát maidir le cinntí breithiúnacha a thugtar *in absentia* ar fud an Aontais.

(26) Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le soláthraithe seirbhíse a thairgeann seirbhísí san Aontas, agus níor cheart go bhféadfaí na horduithe dá bhforáiltear sa Rialachán seo a eisiúint ach amháin i gcás sonraí a bhaineann le seirbhísí a thairgtear san Aontas. Níor cheart seirbhísí a thairgtear go heisiach taobh amuigh den Aontas a áireamh i raon feidhme an Rialacháin seo, fiú má tá an soláthraí seirbhíse bunaithe san Aontas. Dá bhrí sin, níor cheart go gceadófaí leis an Rialachán seo aon rochtain ar shonraí seachas sonraí a bhaineann leis na seirbhísí a thairgeann na soláthraithe seirbhíse sin don úsáideoir san Aontas.

(27) Is iad na soláthraithe seirbhíse is ábhartha maidir le fianaise a bhailiú in imeachtaí coiriúla soláthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí agus soláthraithe sonracha sheirbhísí na sochaí faisnéise lena n-éascaítear idirghníomhaíocht idir úsáideoirí. Dá réir sin, ba cheart go gcumhdófaí an dá ghrúpa leis an Rialachán seo. Déantar seirbhísí cumarsáide leictreonaí a shainmhíniú i dTreoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([15]) agus áirítear leo seirbhísí cumarsáide idirphearsanta, amhail Prótacal Idirlín Guthaithe, seirbhísí

([15]) Treoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena mbunaítear an Cód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach (IO L 321, 17.12.2018, lch. 36).

um theachtaireachtaí meandracha agus seirbhísí ríomhphoist. Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán freisin maidir le soláthraithe seirbhíse eile na sochaí faisnéise de réir bhrí Threoir (AE) 2015/1535 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([16]) nach gcáilíonn mar sholáthraithe seirbhíse cumarsáide leictreonaí, ach a chuireann ar chumas a n-úsáideoirí cumarsáid a dhéanamh le chéile nó a tháirgeann seirbhísí dá n-úsáideoirí ar féidir úsáid a bhaint astu chun sonraí a phróiseáil nó a stóráil ar a son. Bheadh sé sin i gcomhréir leis na téarmaí a úsáidtear i gCoinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Cibearchoireacht (ETS Uimh 185), arna dhéanamh i mBúdaipeist an 23 Samhain 2001 ('Coinbhinsiún Bhúdaipeist'). Ba cheart próiseáil sonraí a thuiscint sa chiall theicniúil, is é sin cruthú nó athrú sonraí, is é sin le rá oibríochtaí teicniúla chun sonraí a thabhairt ar aird nó a athrú trí bhíthin cumhacht próiseála ríomhaire. Ba cheart a áireamh ar na catagóirí soláthraithe seirbhíse a chumhdaítear leis an Rialachán seo, mar shampla, margaí ar líne a sholáthraíonn cumas do thomhaltóirí agus do ghnólachtaí cumarsáid a dhéanamh le chéile, agus seirbhísí óstála eile, lena n-áirítear i gcás ina soláthraítear an tseirbhís trí néalríomhaireacht, chomh maith le hardáin chearrbhachais ar líne. I gcás nach gcuireann soláthraí seirbhíse sochaí faisnéise an cumas ar fáil dá úsáideoirí cumarsáid a dhéanamh le chéile ach leis an soláthraí seirbhíse amháin, nó nach soláthraíonn sé an cumas sonraí a stóráil nó a phróiseáil ar bhealach eile, nó i gcás nach comhpháirt shainiúil, is é sin le rá, cuid bhunriachtanach, den tseirbhís a sholáthraítear d'úsáideoirí é sonraí a stóráil, amhail seirbhísí dlí, innealtóireachta ailtireachta agus cuntasaíochta a sholáthraítear go cianda, níor cheart dó teacht faoi raon feidhme an tsainmhínithe ar 'soláthraí seirbhíse' a leagtar síos sa Rialachán seo, fiú más seirbhísí de chuid na sochaí faisnéise iad na seirbhísí a sholáthraíonn an soláthraí seirbhíse sin de réir bhrí Threoir (AE) 2015/1535.

(28) Soláthraithe seirbhísí bonneagair idirlín a bhaineann le hainmneacha agus uimhreacha a shannadh, amhail ainmneacha fearainn clárlann agus cláraitheoirí agus soláthraithe seirbhísí príobháideachta agus seachfhreastalaithe nó clárlanna réigiúnacha idirlín le haghaidh seoltaí prótacail idirlín (IP), tá siad ábhartha go háirithe maidir le sainaithint a dhéanamh ar na gníomhaithe atá taobh thiar de shuíomhanna gréasáin atá mailíseach nó i mbaol. Coinníonn sonraí a d'fhéadfadh a chur ar a gcumas go ndéanfaidís duine aonair nó eintiteas atá taobh thiar de shuíomh gréasáin a úsáidtear i ngníomhaíocht choiriúil a aithint, nó íospartach i ngníomhaíocht choiriúil.

(29) Chun a chinneadh an bhfuil seirbhísí á dtairiscint ag soláthraí seirbhíse san Aontas ní mór a mheas an gcumasaíonn an soláthraí seirbhíse daoine nádúrtha nó dlítheanacha i gceann amháin nó níos mó de na Ballstáit chun a chuid seirbhísí a úsáid. Mar sin féin, ba cheart a mheas nach leor inrochtaineacht chomhéadain ar líne san Aontas, amhail inrochtaineacht suímh gréasáin nó seoladh ríomhphoist nó sonraí teagmhála eile soláthraí seirbhíse nó idirghabhálaí, arna nglacadh ina n-aonar, chun a chinneadh go dtairgeann soláthraí seirbhíse seirbhísí san Aontas de réir bhrí an Rialacháin seo.

(30) Ba cheart nasc suntasach leis an Aontas a bheith ábhartha freisin maidir lena chinneadh cibé an dtairgeann soláthraí seirbhíse seirbhísí san Aontas. Ba cheart a mheas gur ann do nasc substaintiúil den sórt sin leis an Aontas nuair atá bunaíocht ag an soláthraí seirbhíse san Aontas. In éagmais bunaíocht den sórt sin, ba cheart an critéar le haghaidh nasc substaintiúil a bhunú ar chritéir shonracha fhíriciúla amhail líon suntasach úsáideoirí i gceann amháin nó níos mó de na Ballstáit, nó ar an mbonn go bhfuil gníomhaíochtaí á ndíriú ar Bhallstát amháin nó níos mó. Ba cheart a chinneadh an bhfuil gníomhaíochtaí á ndíriú ar Bhallstát amháin nó níos mó ar bhonn na gcúinsí ábhartha go léir, lena n-áirítear tosca amhail úsáid teanga nó airgeadra a mbaintear úsáid aisti nó as i gcoitinne sa Bhallstát sin, nó an fhéidearthacht a bhaineann le hearraí nó seirbhísí a ordú. D'fhéadfaí spriocdhíriú gníomhaíochtaí ar Bhallstát a dhíorthú freisin ó fheidhmchlár ('aip') a bheith ar fáil san aipmhargadh náisiúnta ábhartha, bíodh sin ina fhógraíocht áitiúil nó fógraíocht a sholáthar sa teanga a úsáidtear i gcoitinne sa Bhallstát sin, nó láimhseáil an chaidrimh le custaiméirí, amhail trí sheirbhís do chustaiméirí a sholáthar sa teanga a úsáidtear i gcoitinne sa Bhallstát sin. Ba cheart a mheas go bhfuil nasc substaintiúil ann freisin i gcás ina ndíríonn soláthraí seirbhíse a chuid gníomhaíochtaí ar Bhallstát amháin nó níos mó mar a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([17]). Ar an taobh eile, maidir le seirbhís a sholáthar chun an toirmeasc ar idirdhealú a leagtar síos i Rialachán (AE) 2018/302 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([18]) a chomhlíonadh, níor cheart a mheas, gan aon fhorais bhreise, go bhfuil an soláthar sin ag díriú nó ag spriocdhíriú gníomhaíochtaí ar chríoch ar leith laistigh den Aontas. Ba cheart feidhm a bheith ag na tosca céanna chun a chinneadh cé acu a thairgeann nó nach dtairgeann soláthraí seirbhíse seirbhísí i mBallstát.

([16]) Treoir (AE) 2015/1535 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meán Fómhair 2015 lena leagtar amach nós imeachta chun faisnéis a sholáthar i réimse na rialachán teicniúil agus na rialacha maidir le seirbhísí na Sochaí Faisnéise (IO L 241, 17.9.2015, lch. 1).

([17]) Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2012 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála (IO L 351, 20.12.2012, lch. 1).

([18]) Rialachán (AE) 2018/302 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Feabhra 2018 maidir le haghaidh a thabhairt ar gheobhlocáil nach bhfuil údar maith léi agus ar chineálacha eile idirdhealaithe bunaithe ar náisiúntacht, áit chónaithe nó áit bhunaithe custaiméirí laistigh den mhargadh inmheánach lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 2006/2004 agus (AE) 2017/2394 agus Treoir 2009/22/CE (IO L 60 I, 2.3.2018, lch. 1).

(31) Ba cheart don Rialachán seo catagóirí sonraí, sonraí suibscríobhaí, sonraí tráchta agus sonraí inneachair a chuimsiú. Tá an catagóiriú sin i gcomhréir le dlí go leor Ballstát agus le dlí an Aontais, amhail Treoir 2002/58/CE agus cásdlí na Cúirte Breithiúnais, chomh maith leis an dlí idirnáisiúnta, go háirithe Coinbhinsiún Bhúdaipeist.

(32) D'fhéadfadh seoltaí IP agus uimhreacha rochtana agus faisnéis ghaolmhar a bheith ina dtúsphointe ríthábhachtach d'imscrúduithe coiriúla nach eol céannacht duine atá faoi dhrochamhras iontu. Is iondúil go mbíonn siad mar chuid de thaifead imeachtaí, ar a dtugtar loga freastalaí freisin, a léiríonn tús agus deireadh seisiúin rochtana úsáideora ar sheirbhís. Is seoladh IP aonair, bíodh sin ina cheann statach nó ina cheann dinimiciúil, a bhíonn ann go minic nó sin aitheantóir eile a phiocann amach an comhéadan líonra a úsáideadh le linn an tseisiúin rochtana. Tá gá le faisnéis ghaolmhar maidir le tosú agus críochnú seisiúin rochtana úsáideora ar sheirbhís, amhail na poirt fhoinseacha agus stampa ama toisc gur minic a roinntear seoltaí IP i measc úsáideoirí, mar shampla i gcás ina bhfuil aistriúchán ar sheoladh líonra de ghrád iompróra (CGN) nó a choibhéis theicniúil i bhfeidhm. Mar sin féin, i gcomhréir le acquis an Aontais, caithfear a mheas gur sonraí pearsanta iad seoltaí IP agus go gcaithfidh siad tairbhe a bhaint as cosaint iomlán faoi acquis an Aontais maidir le cosaint sonraí. Ina theannta sin, in imthosca áirithe, is féidir a mheas gur sonraí tráchta iad seoltaí IP. Chomh maith leis sin, meastar gur sonraí tráchta i roinnt Ballstát iad uimhreacha rochtana agus faisnéis ghaolmhar. Mar sin féin, chun críche imscrúdú coiriúil ar leith, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar údaráis forfheidhmithe dlí seoladh IP a iarraidh chomh maith le huimhreacha rochtana agus faisnéis ghaolmhar chun an t-úsáideoir a shainaithint, agus chun na críche sin amháin, sular féidir sonraí suibscríobhaí a bhaineann leis an aitheantóir sin a iarraidh ar an soláthraí seirbhíse. I gcásanna den sórt sin, is iomchuí an córas céanna agus a chuirtear i bhfeidhm do shonraí suibscríobhaí a chur i bhfeidhm, mar a shainmhínítear sa Rialachán seo.

(33) I gcás nach n-iarrtar seoltaí IP, uimhreacha rochtana agus faisnéis ghaolmhar chun an t-úsáideoir a shainaithint in imscrúdú coiriúil ar leith, agus chun na críche sin amháin, iarrtar orthu go ginearálta faisnéis níos fearr a fháil a chuireann isteach ar phríobháideachas, amhail teagmhálacha agus cá bhfuil an t-úsáideoir. Dá réir sin, d'fhéadfadh siad próifíl chuimsitheach a bhunú de dhuine aonair lena mbaineann, ach, ag an am céanna, is féidir iad a phróiseáil agus a anailísiú ar bhealach níos éasca ná sonraí inneachair, toisc go gcuirtear i láthair iad i bhformáid struchtúrtha chaighdeánaithe. Tá sé fíor-riachtanach, dá bhrí sin, i gcásanna den sórt sin, go gcaithfear le seoltaí IP, uimhreacha rochtana agus faisnéis ghaolmhar nach n-iarrtar chun an t-úsáideoir a shainaithint in imscrúdú coiriúil sonrach agus chun na críche sin amháin, go gcaithfear leo mar shonraí tráchta agus go n-iarrfar iad faoi gcóras céanna le sonraí inneachair, mar a shainmhínítear sa Rialachán seo.

(34) Tá sonraí pearsanta sna catagóirí sonraí go léir agus mar sin tá siad cumhdaithe ag na coimircí faoi acquis cosanta sonraí an Aontais. Mar sin féin, ní hionann déine an tionchair ar chearta bunúsacha idir na catagóirí, go háirithe idir sonraí suibscríobhaí agus sonraí a iarrtar chun an t-úsáideoir a shainaithint mar a shainmhínítear sa Rialachán seo é, agus chun na críche sin amháin, ar thaobh amháin, agus sonraí tráchta, cé is moite de shonraí a iarrtar chun an t-úsáideoir a shainaithint mar a shainmhínítear sa Rialachán seo, agus chun na críche sin amháin, agus sonraí inneachair ar an taobh eile. Cé go bhféadfadh sonraí suibscríobhaí chomh maith le seoltaí IP, uimhreacha rochtana agus faisnéis ghaolmhar, i gcás ina n-iarrtar iad chun an t-úsáideoir a shainaithint agus chun na críche sin amháin, a bheith úsáideach chun torthaí tosaigh a fháil in imscrúdú faoi chéannacht duine atá faoi dhrochamhras, is minic a bhíonn sonraí tráchta, cé is moite de shonraí a iarrtar chun an t-úsáideoir a shainaithint mar a shainmhínítear sa Rialachán seo agus chun na críche sin amháin, agus sonraí inneachair níos ábhartha mar ábhar cruthúnais. Dá bhrí sin, is den bhunriachtanas é go gcumhdófaí na catagóirí sonraí sin go léir leis an Rialachán seo. Toisc nach ionann an méid a chuirtear isteach ar chearta bunúsacha sna cásanna iomchuí, ba cheart coimircí agus coinníollacha difriúla a fhorchur maidir le sonraí den sórt sin a fháil.

(35) Maidir le cásanna ina bhfuil garbhaol ann do bheatha, do shláine coirp nó do shábháilteacht duine, ba cheart déileáil leo mar chásanna éigeandála agus ba cheart teorainneacha ama níos giorra a cheadú ar an soláthraí seirbhíse agus ar an údarás forfheidhmiúcháin. I gcás ina bhfágfadh briseadh nó scriosadh bonneagair chriticiúil mar a shainmhínítear i dTreoir 2008/114/CE ón gComhairle ([19]) go mbeadh bagairt den sórt sin ann, lena n-áirítear trí dhochar tromchúiseach a dhéanamh do sholáthar soláthairtí bunúsacha don daonra nó d'fheidhmiú phríomhfheidhmeanna an Stáit, ba cheart caitheamh leis an gcás sin freisin mar chás éigeandála, i gcomhréir le dlí an Aontais.

(36) Nuair a eisítear Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird nó Ordú Caomhnaithe Eorpach, ba cheart go mbeadh údarás breithiúnach páirteach i gcónaí sa phróiseas a bhaineann le heisiúint an ordaithe nó sa phróiseas a bhaineann lena bhailíochtú. I bhfianaise go mbíonn sonraí tráchta cé is moite de shonraí a iarrtar chun an t-úsáideoir mar a shainmhínítear sa Rialachán seo a shainaithint, agus chun na críche sin amháin, agus sonraí inneachair níos íogaire, chun Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird a eisiúint nó a bhailíochtú chun na catagóirí sonraí sin a fháil, ní mór do bhreitheamh athbhreithniú a dhéanamh. Ós rud é nach bhfuil sonraí

([19]) Treoir 2008/114/CE ón gComhairle an 8 Nollaig 2008 maidir le bonneagair chriticiúla Eorpacha a shainaithint agus a ainmniú agus maidir le measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le cosaint na mbonneagar sin a fheabhsú (IO L 345, 23.12.2008, lch. 75).

suibscríobhaí agus sonraí a iarrtar chun an t-úsáideoir mar a shainmhínítear sa Rialachán seo a shainaithint chomh híogair céanna, féadfaidh ionchúisitheoir poiblí inniúil Ordú Eorpach chun sonraí den sórt sin a fháil a eisiúint nó a bhailíochtú freisin. I gcomhréir leis an gceart chun triail chóir a fháil, mar atá cosanta ag an gCairt agus ag an gCoinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, tá ar ionchúisitheoirí poiblí a bhfreagrachtaí a fheidhmiú go hoibiachtúil, agus cinneadh á dhéanamh acu maidir le Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird nó Ordú Caomhnaithe Eorpach a eisiúint nó a bhailíochtú ar bhonn na ngnéithe fíorasacha sa cháschomhad agus ar an mbonn sin amháin, agus an fhianaise inchoiritheach agus dhíchoiritheach uile á cur san áireamh.

(37) Chun cosaint iomlán na gceart bunúsach a áirithiú, ba cheart aon bhailíochtú ó na húdaráis eisiúna ar Orduithe Eorpacha chun Fianaise a Thabhairt ar Aird agus Ordaithe Caomhnaithe a fháil i bprionsabal sula n-eiseofar an t-ordú. Níor cheart eisceachtaí a dhéanamh ar an bprionsabal sin ach amháin i gcásanna éigeandála arna mbunú go bailí nuair a iarrtar sonraí suibscríobhaí nó sonraí arna n-iarraidh chun an t-úsáideoir mar a shainítear sa Rialachán seo é a shainaithint, agus chun na críche sin amháin, nó chun sonraí a chaomhnú, i gcás nach féidir réamhbhailíochtú a fháil ón údarás breithiúnach in am, go háirithe toisc nach féidir teacht ar an údarás bailíochtaithe chun bailíochtú a fháil agus go bhfuil an bhagairt ar tí tarlú agus go gcaithfear beart a dhéanamh láithreach dá bharr. Níor cheart eisceachtaí den sórt sin a dhéanamh, áfach, ach amháin i gcás ina bhféadfadh an t-údarás a eisíonn an t-ordú lena mbaineann ordú a eisiúint i gcás náisiúnta comhchosúil faoin dlí náisiúnta gan bailíochtú roimh ré.

(38) Níor cheart Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird a eisiúint ach amháin i gcás ina bhfuil sin riachtanach, comhréireach, leordhóthanach agus infheidhme maidir leis an gcás atá idir lámha. Ba cheart don údarás eisiúna cearta an duine atá faoi dhrochamhras nó an duine atá cúisithe a chur san áireamh in imeachtaí a bhaineann le cion coiriúil agus níor cheart dó Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird a eisiúint ach amháin más rud é go bhféadfaí an t-ordú sin a eisiúint faoi na coinníollacha céanna i gcás náisiúnta comhchosúil. Agus é á mheas cibé acu Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird a eisiúint nó gan é a eisiúint, ba cheart a chur san áireamh an bhfuil ordú den sórt sin teoranta don mhéid atá fíor-riachtanach chun an aidhm dhlisteanach a bhaint amach maidir le sonraí a fháil atá ábhartha agus riachtanach mar fhianaise i gcás aonair.

(39) I gcásanna ina n-eisítear Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird chun catagóirí éagsúla sonraí a fháil, ba cheart don údarás eisiúna a áirithiú go gcomhlíontar na coinníollacha agus na nósanna imeachta, amhail fógra a thabhairt don údarás forfheidhmiúcháin, maidir le gach ceann de na catagóirí sonraí sin faoi seach.

(40) I bhfianaise gur de chineál níos íogaire iad sonraí tráchta, cé is moite de shonraí a iarrtar chun an t-úsáideoir mar a shainmhínítear sa Rialachán seo a shainaithint, agus chun na críche sin amháin, agus sonraí inneachair, ba cheart idirdhealú a dhéanamh maidir le raon feidhme ábhartha an Rialacháin seo. Ba cheart go mbeadh sé indéanta Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird a eisiúint chun sonraí suibscríobhaí a fháil nó chun sonraí a fháil a iarrtar chun an t-úsáideoir a shainaithint, mar a shainmhínítear sa Rialachán seo, agus chun na críche sin amháin, i gcás aon chion coiriúil; de bhrí gur cheart go mbeadh Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird chun sonraí tráchta a fháil, seachas sonraí a iarrtar chun an t-úsáideoir mar a shainmhínítear sa Rialachán seo é a shainaithint, agus chun na críche sin amháin, nó chun sonraí inneachair a fháil, faoi réir ceanglas atá níos déine chun cineál níos íogaire na sonraí sin a léiriú. Ba cheart foráil a dhéanamh sa Rialachán seo maidir le tairseach i ndáil lena raon feidhme, lena gceadófaí cur chuige comhréireach, mar aon le roinnt coinníollacha agus coimircí *ex ante* agus *ex post* eile chun a áirithiú go n-urramófar an chomhréireacht agus cearta na ndaoine lena mbaineann. Ag an am céanna, níor cheart go gcuirfeadh tairseach den sórt sin teorainn le héifeachtacht an Rialacháin seo agus lena úsáid ag cleachtóirí. Má cheadaítear Orduithe Eorpacha chun Fianaise a Thabhairt ar Aird a eisiúint in imeachtaí coiriúla maidir le cionta a bhfuil pianbhreith choimeádta uasta 3 bliana ar a laghad ag gabháil leo amháin, déanfar raon feidhme an Rialacháin seo a theorannú do chionta níos tromchúisí, gan difear iomarcach a dhéanamh do na féidearthachtaí a bhaineann lena úsáid ag cleachtóirí. D'eisiafadh an teorannú sin ó raon feidhme an Rialacháin seo líon suntasach cionta a mheasann na Ballstáit nach bhfuil chomh tromchúiseach céanna a eisiamh óna raon feidhme, mar a léirítear i bpionós uasta níos ísle. Beidh sé de bhuntáiste ag an teorannú sin freisin go mbeidh sé infheidhme go héasca go hiarbhír.

(41) Tá cionta faoi leith ann agus de ghnáth is i bhfoirm leictreonach amháin a bheidh an fhianaise ar fáil ina leith, ar fianaise í atá an-ghearrshaolach de réir cineáil. Is amhlaidh atá i gcás cionta cibearbhainteacha, fiú na cionta nach bhféadfaí a mheas gur cionta tromchúiseacha iontu féin iad ach a d'fhéadfadh damáiste forleathan nó mór a dhéanamh, go háirithe cionta a bhfuil tionchar íseal acu ar bhonn aonair ach a bhfuil a líon ard agus a dhéanann damáiste ar bhonn foriomlán. I bhformhór na gcásanna ina ndearnadh an cion trí chóras faisnéise, dá gcuirfí an tairseach chéanna i bhfeidhm agus a chuirtear i bhfeidhm maidir le cineálacha eile cionta, ní bheadh aon bhaol pionóis ag baint leo den chuid is mó. Leis sin, tugtar údar le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo maidir le cionta den sórt sin freisin i gcás ina ngabhann pianbhreith choimeádta uasta níos lú ná 3 bliana leo. Maidir le cionta breise a bhaineann leis an sceimhlitheoireacht de réir bhrí Threoir (AE) 2017/541 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([20]) chomh maith le cionta a bhaineann le mí-úsáid ghnéasach agus teacht i dtír gnéasach ar

([20]) Treoir (AE) 2017/541 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac, agus lena n-ionadaítear Cinneadh Réime 2002/475/CGB ón gComhairle agus lena leasaítear Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle (IO L 88, 31.3.2017, lch. 6).

leanaí de réir bhrí Threoir 2011/93/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([21]), níor cheart an tairseach íosta d'uasphianbhreith choimeádta 3 bliana a cheangal orthu.

(42) Mar phrionsabal, ba cheart Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird a chur chuig an soláthraí seirbhíse, ag gníomhú dó mar rialaitheoir. Mar sin féin, in imthosca áirithe, is féidir leis a bheith an-dúshlánach a chinneadh cibé an bhfuil ról an rialaitheora nó ról an phróiseálaí ag soláthraí seirbhíse, go háirithe i gcás ina bhfuil roinnt soláthraithe seirbhíse rannpháirteach i bpróiseáil sonraí nó i gcás ina ndéanann soláthraithe seirbhíse na sonraí a phróiseáil thar ceann duine nádúrtha. Chun idirdhealú a dhéanamh idir róil an rialaitheora agus ról an phróiseálaí maidir le tacar áirithe sonraí, ní hamháin go bhfuil gá le heolas speisialaithe ar an gcomhthéacs dlíthiúil, ach d'fhéadfadh go mbeadh gá freisin le léiriú ar chreataí conarthacha atá an-chasta go minic lena bhforáiltear i gcás sonrach maidir le cúraimí agus róil éagsúla a leithdháileadh ar sholáthraithe seirbhíse éagsúla maidir le tacar áirithe sonraí. I gcás ina ndéanann soláthraithe seirbhíse sonraí a phróiseáil thar ceann duine nádúrtha, d'fhéadfadh sé a bheith deacair i gcásanna áirithe a chinneadh cé hé an rialaitheoir, fiú i gcás nach bhfuil ach soláthraí seirbhíse amháin i gceist. I gcás ina ndéanann soláthraí seirbhíse na sonraí lena mbaineann a stóráil nó a phróiseáil ar bhealach eile agus nach bhfuil aon soiléireacht ann maidir le cé hé an rialaitheoir, in ainneoin iarrachtaí réasúnacha ó thaobh an údaráis eisiúna de, ba cheart go bhféadfaí, dá bhrí sin, Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird a chur go díreach chuig an soláthraí seirbhíse sin. Thairis sin, i gcásanna áirithe, d'fhéadfadh sé dochar a dhéanamh don imscrúdú sa chás lena mbaineann dá gcuirfí an t-ordú díreach chuig an rialaitheoir, mar shampla toisc go bhfuil amhras faoin rialaitheoir nó toisc go bhfuil duine cúisithe nó ciontaithe ann nó go bhfuil comharthaí ann go bhféadfadh an rialaitheoir a bheith ag gníomhú chun leasa an duine is ábhar don imscrúdú. Sna cásanna sin freisin, ba cheart é a bheith indéanta Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird a chur go díreach chuig an soláthraí seirbhíse a phróiseálann na sonraí thar ceann an rialaitheora. Níor cheart dó sin cur isteach ar an gceart atá ag an údarás eisiúna chun ordú a thabhairt don soláthraí seirbhíse na sonraí a chaomhnú.

(43) I gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679, ba cheart don phróiseálaí a stórálann nó a phróiseálann na sonraí thar ceann an rialaitheora an rialaitheoir a chur ar an eolas faoi shonraí a thabhairt ar aird ach amháin má tá iarrtha ag an údarás eisiúna ar an soláthraí seirbhíse staonadh ón rialaitheoir a chur ar an eolas, chomh fada agus is gá agus is comhréireach, ionas nach gcuirfear bac ar na himeachtaí coiriúla ábhartha. Sa chás sin, ba cheart don údarás eisiúna na cúiseanna leis an moill maidir leis an rialaitheoir a chur ar an eolas a chur in iúl sa chás sin agus ba cheart freisin réasúnú gearr a chur leis an deimhniú a ghabhann leis a tarchuireadh chuig an seolaí.

(44) I gcás ina ndéantar na sonraí a stóráil nó a phróiseáil ar bhealach eile mar chuid de bhonneagar arna sholáthar ag soláthraí seirbhíse d'údarás poiblí, níor cheart go bhféadfaí Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird nó Ordú Caomhnaithe Eorpach a eisiúint ach amháin i gcás ina bhfuil an t-údarás poiblí dá bhfuil na sonraí á stóráil nó á bpróiseáil ar bhealach eile lonnaithe sa Stát eisiúna.

(45) I gcásanna ina ndéanann soláthraí seirbhíse na sonraí atá faoi chosaint phribhléid ghairimiúil faoi dhlí an Stáit eisiúna a stóráil nó a phróiseáil ar bhealach eile mar chuid de bhonneagar arna sholáthar do ghairmithe atá cumhdaithe ag pribhléid ghairmiúil ('gairmí faoi phribhléid ghairmiúil'), ina gcáil ghnó, níor cheart go bhféadfaí Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird a eisiúint ach amháin chun sonraí tráchta a fháil, seachas sonraí a iarrtar chun an t-úsáideoir mar a shainmhínítear sa Rialachán seo é a shainaithint, agus chun na críche sin amháin, nó chun sonraí inneachair a fháil i gcás ina bhfuil cónaí ar an ngairmí faoi phribhléid sa Stát eisiúna, i gcás ina bhféadfadh go ndéanfaí dochar don imscrúdú dá gcuirfí an t-ordú díreach chuig an ngairmí faoi phribhléid, nó i gcás inar tarscaoileadh na pribhléidí i gcomhréir leis an dlí is infheidhme.

(46) Is prionsabal bunúsach dlí san Aontas é an prionsabal *ne bis in idem*, arna aithint leis an gCairt agus arna fhorbairt ag cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Má tá forais ag an údarás eisiúna a chreidiúint go bhféadfadh imeachtaí coiriúla comhuaineacha a bheith ar siúl i mBallstát eile, rachaidh sé i gcomhairle le húdaráis an Bhallstáit sin i gcomhréir le Cinneadh Réime 2009/948/CGB ón gComhairle ([22]). I gcás ar bith, níl Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird ná Ordú Caomhnaithe Eorpach le heisiúint, i gcás ina bhfuil forais ag an údarás eisiúna a chreidiúint go mbeadh sé sin contrártha don phrionsabal *ne bis in idem*.

(47) Maidir le díolúintí agus pribhléidí, a d'fhéadfadh tagairt a dhéanamh do chatagóirí daoine, amhail taidhleoirí, nó caidrimh atá faoi chosaint shonrach, amhail pribhléid ghairmiúil dlíodóra nó ceart iriseoirí gan a bhfoinsí faisnéise a nochtadh, déantar tagairt dóibh in ionstraimí aitheantais fhrithpháirtigh eile amhail i dTreoir 2014/41/AE lena mbunaítear anEIO. Tá difríocht idir raon agus tionchar na ndíolúintí agus na bpribhléidí de réir an dlí náisiúnta is infheidhme ar cheart a chur san áireamh tráth a eisítear Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird nó Ordú Caomhnaithe Eorpach, ós rud é nár cheart go mbeadh an t-údarás eisiúna in ann an t-ordú a eisiúint ach amháin i gcás ina bhféadfaí é a eisiúint faoi na coinníollacha céanna i gcás náisiúnta comhchosúil. Níl sainmhíniú comhchoiteann ann ar cad is díolúine nó pribhléid ann i ndlí an Aontais. Dá bhrí sin, fágtar faoin dlí

([21]) Treoir 2011/93/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le mí-úsáid ghnéasach agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí agus pornagrafaíocht leanaí a chomhrac, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2004/68/CGB ón gComhairle (IO L 335, 17.12.2011, lch. 1).

([22]) Cinneadh Réime 2009/948/CGB ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le coinbhleachtaí i bhfeidhmiú dlínse in imeachtaí coiriúla a chosc agus a shocrú (IO L 328, 15.12.2009, lch. 42).

náisiúnta é sainmhíniú beacht a thabhairt ar na téarmaí sin, agus is féidir cosaintí a áireamh sa sainmhíniú a bhfuil feidhm acu, mar shampla, maidir le gairmeacha leighis agus dlí, lena n-áirítear nuair a úsáidtear ardáin speisialaithe sna gairmeacha sin. Is féidir rialacha maidir le cinneadh agus teorannú dliteanais choiriúil a bhaineann le saoirse an phreasa agus leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh i meáin eile a áireamh sa sainmhíniú beacht ar dhíolúintí agus ar phribhléidí.

(48) I gcás ina bhféachann an t-údarás eisiúna le sonraí tráchta a fháil, cé is moite de shonraí a iarrtar chun an t-úsáideoir mar a shainmhínítear sa Rialachán seo é a shainaithint, agus chun na críche sin amháin, nó chun sonraí inneachair a fháil, trí Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird a eisiúint agus má tá forais réasúnacha aige lena chreidiúint go bhfuil na sonraí a iarrtar faoi chosaint díolúintí nó pribhléidí arna ndeonú faoi dhlí an Stáit forfheidhmiúcháin, nó go bhfuil na sonraí sin sa Stát sin faoi réir rialacha maidir le dliteanas coiriúil a chinneadh agus a theorannú a bhaineann le saoirse an phreasa agus leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh i meáin eile, ba cheart go mbeadh an t-údarás eisiúna in ann soiléiriú a lorg sula n-eiseofar an tOrdú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird, lena n-áirítear trí dhul i gcomhairle le húdaráis inniúla an Stáit forfheidhmiúcháin, cibé acu go díreach nó trí Eurojust nó tríd an nGréasán Breithiúnach Eorpach.

(49) Ba cheart go bhféadfaí Ordú Caomhnaithe Eorpach a eisiúint maidir le haon chion coiriúil. Ba cheart don údarás eisiúna cearta an duine atá faoi dhrochamhras nó an duine atá cúisithe a chur san áireamh in imeachtaí a bhaineann le cion coiriúil agus níor cheart dó Ordú Caomhnaithe Eorpach a eisiúint ach amháin más rud é go bhféadfaí an t-ordú sin a eisiúint faoi na coinníollacha céanna i gcás náisiúnta comhchosúil agus i gcás ina bhfuil sé riachtanach, comhréireach, leordhóthanach agus infheidhme maidir leis an gcás atá idir lámha. Agus measúnú á dhéanamh maidir le cibé acu Ordú Caomhnaithe Eorpach a eisiúint nó gan é a eisiúint, ba cheart a chur san áireamh an bhfuil ordú den sórt sin teoranta don mhéid atá fíor-riachtanach chun an aidhm dhlisteanach a bhaint amach, eadhon cosc a chur ar shonraí a bhaint, a scriosadh nó a athrú, ar sonraí iad atá ábhartha agus riachtanach mar fhianaise i gcás aonair i gcásanna ina bhféadfadh sé níos mó ama a thógáil chun na sonraí sin a thabhairt ar aird.

(50) Ba cheart Orduithe Eorpacha chun Fianaise a Thabhairt ar Aird agus Orduithe Caomhnaithe Eorpacha a chur go díreach chuig an mbunaíocht ainmnithe nó chuig an ionadaí dlíthiúil arna ainmniú ag an soláthraí seirbhíse de bhun Threoir (AE) 2023/1544 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([23]). Go heisceachtúil, i gcásanna éigeandála mar a shainmhínítear sa Rialachán seo, i gcás nach bhfreagraíonn bunaíocht ainmnithe nó ionadaí dlíthiúil soláthraí seirbhíse don Deimhniú um Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird (EPOC) a ghabhann leis nó don Deimhniú um Ordú Caomhnaithe Eorpach (EPOC-PR) a ghabhann leis laistigh de na sprioc-amanna nó nár ainmníodh nó nár ceapadh é laistigh de na sprioc-amanna a leagtar amach i dTreoir (AE) 2023/1544 ba cheart go bhféadfaí an EPOC nó an EPOC-PR a chur chuig aon bhunaíocht nó ionadaí dlíthiúil eile de chuid an tsoláthraí seirbhíse san Aontas in éineacht le forfheidhmiú an ordaithe tosaigh i gcomhréir leis an Rialachán seo nó ina ionad sin. I bhfianaise na gcásanna féideartha éagsúla seo, úsáidtear an téarma ginearálta 'seolaí' i bhforálacha an Rialacháin seo.

(51) I bhfianaise gur de chineál níos íogaire é Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird chun sonraí tráchta a fháil, seachas sonraí a iarrtar chun an t-úsáideoir mar a shainmhínítear sa Rialachán seo é a shainaithint, agus chun na críche sin amháin, nó chun sonraí inneachair a fháil, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le sásra fógartha is infheidhme maidir le hOrduithe Eorpacha chun Fianaise a Thabhairt ar Aird chun na catagóirí sonraí sin a fháil. Ba cheart údarás forfheidhmiúcháin a bheith i gceist leis an sásra fógartha sin agus ba cheart an t-ordú (EPOC) a chur chuig an údarás sin an tráth céanna a chuirtear é chuig an seolaí. I gcás ina n-eisítear Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird, áfach, chun fianaise leictreonach a fháil in imeachtaí coiriúla a bhfuil naisc shubstaintiúla láidre aige leis an Stát eisiúna, níor cheart go mbeadh gá le fógra a thabhairt don údarás forfheidhmiúcháin. Ba cheart glacadh leis na naisc sin más rud é, tráth eisiúna an Ordaithe Eorpaigh chun Fianaise a Thabhairt ar Aird, go bhfuil forais réasúnta ag an údarás eisiúna a chreidiúint go ndearnadh an cion, go bhfuil sé á dhéanamh nó gur dócha go ndéanfar é sa Stát eisiúna, agus i gcás ina bhfuil cónaí ar an duine a bhfuil a chuid sonraí á n-iarraidh sa Stát eisiúna.

(52) Chun críocha an Rialacháin seo, ba cheart a mheas go ndearnadh cion sa Stát eisiúna, go bhfuil cion á dhéanamh sa Stát eisiúna nó gur dócha go ndéanfar é sa Stát eisiúna má mheastar amhlaidh i gcomhréir le dlí náisiúnta an Stáit eisiúna. I gcásanna áirithe, go háirithe i réimse na cibearchoireachta, is iondúil go mbíonn roinnt gnéithe fíorasacha, amhail áit chónaithe an íospartaigh, tábhachtach le breithniú agus cinneadh á dhéanamh faoin áit ina ndearnadh an cion. Mar shampla, is minic a mheastar coireanna bogearraí éirice a bheith déanta san áit ina bhfuil cónaí ar íospartach na coire sin, fiú nuair nach eol go cinnte suíomh beacht na háite ónar seoladh na bogearraí éirice. Ba cheart aon chinneadh maidir leis an áit ina ndearnadh an cion a bheith gan dochar do na rialacha maidir le dlínse ar na cionta ábhartha de bhun an dlí náisiúnta is infheidhme.

([23]) Treoir (AE) 2023/1544 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2023 lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir le bunaíochtaí ainmnithe a ainmniú agus ionadaithe dlíthiúla a cheapadh chun críche fianaise leictreonach a bhailiú in imeachtaí coiriúla (IO L 181).

(53) Is faoin údarás eisiúna atá sé a mheas, tráth eisiúna an Ordaithe Eorpaigh chun Fianaise a Thabhairt ar Aird chun sonraí tráchta a fháil, seachas i gcás sonraí a iarrtar chun an t-úsáideoir mar a shainmhínítear sa Rialachán seo é a shainaithint, agus chun na críche sin amháin, nó chun sonraí inneachair a fháil, agus ar bhonn an ábhair os a chomhair, an bhfuil forais réasúnacha ann lena chreidiúint go bhfuil cónaí sa Stát eisiúna ar an duine a bhfuil a chuid sonraí á n-iarraidh. I ndáil leis sin, d'fhéadfadh imthosca oibiachtúla éagsúla, a d'fhéadfadh a léiriú gur bhunaigh an duine lena mbaineann lárionad a leasanna i mBallstát ar leith nó a bhfuil sé ar intinn aige déanamh amhlaidh, a bheith ábhartha. Eascraíonn sé as an ngá atá le dlí an Aontais agus a chur i bhfeidhm go haonfhoirmeach agus as prionsabal an chomhionannais gur cheart léirmhíniú aonfhoirmeach a thabhairt ar an gcoincheap 'cónaí' sa chomhthéacs áirithe sin ar fud an Aontais. D'fhéadfadh forais réasúnacha a bheith ann lena chreidiúint go bhfuil cónaí ar dhuine i Stát eisiúna, go háirithe i gcás ina bhfuil duine cláraithe mar chónaitheoir i Stát eisiúna, mar a léirítear le cárta aitheantais a bheith ag duine nó le cead cónaithe nó trína bheith cláraithe i gclár cónaithe oifigiúil. In éagmais clárúcháin sa Stát eisiúna, d'fhéadfaí áit chónaithe a thaispeáint trí léiriú a bheith tugtha ag duine go bhfuil rún aige cur faoi sa Bhallstát sin nó go bhfuil naisc áirithe aige, tar éis tréimhse sheasta láithreachta sa Bhallstát sin, leis an Stát sin atá ar comhchéim leis na naisc sin a d'eascair as cónaí foirmiúil a bhunú sa Bhallstát sin. Chun a chinneadh an bhfuil naisc leordhóthanacha idir an duine lena mbaineann agus an Stát eisiúna, i gcás ar leith, as a n-eascraíonn forais réasúnacha lena chreidiúint go bhfuil cónaí ar an duine lena mbaineann sa Stát sin, d'fhéadfaí tosca oibiachtúla éagsúla a chur san áireamh arb iad is príomhthréithe de staid an duine sin, lena n-áirítear, go háirithe, fad, cineál agus coinníollacha láithreachta an duine sa Stát eisiúna nó na naisc theaghlaigh nó na naisc eacnamaíocha atá ag an duine sin leis an mBallstát sin. D'fhéadfadh feithicil chláraithe, cuntas bainc, an fíoras gur fhan an duine sa Stát eisiúna gan bhriseadh nó tosca oibiachtúla eile a bheith ábhartha chun a chinneadh go bhfuil forais réasúnacha ann lena chreidiúint go bhfuil cónaí ar an duine lena mbaineann sa Stát eisiúna. Ní mheasfar gur leor cuairt ghearr, fanacht saoire, lena n-áirítear i dteach saoire, nó fanacht dá shamhail sa Stát eisiúna gan aon nasc substaintiúil breise chun cónaí a bhunú sa Bhallstát sin. I gcásanna nach bhfuil forais réasúnacha ag an údarás eisiúna chun a chreidiúint go bhfuil cónaí ar an duine a bhfuil a chuid sonraí á lorg sa Stát eisiúna, tráth eisiúna an Ordaithe Eorpaigh chun sonraí tráchta a fháil, seachas sonraí a iarrtar chun an t-úsáideoir mar a shainmhínítear an Rialachán seo é a shainaithint, agus chun na críche sin amháin, nó chun sonraí inneachair a fháil, ba cheart don údarás eisiúna fógra a thabhairt don údarás forfheidhmiúcháin.

(54) Chun foráil a dhéanamh maidir le nós imeachta mear, ba cheart gurbh é an t-am a eisítear an tOrdú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird an t-am ábhartha chun a chinneadh an gá fógra a thabhairt don údarás forfheidhmiúcháin. Níor cheart tionchar ar an nós imeachta a bheith ag aon athrú eile ar an áit chónaithe ina dhiaidh sin. Ba cheart go mbeadh na daoine lena mbaineann in ann a gcearta a agairt chomh maith leis na rialacha maidir le cinneadh agus teorannú dliteanais choiriúil a bhaineann le saoirse an phreasa agus leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh i meáin eile, le linn na n-imeachtaí coiriúla ar fad, agus ba cheart go mbeadh an t-údarás forfheidhmiúcháin in ann foras diúltaithe a ardú i gcásanna eisceachtúla, i gcás ina bhfuil forais shubstaintiúla ann lena chreidiúint, ar bhonn fianaise shonrach agus oibiachtúil, go mbeadh sárú follasach ar cheart bunúsach ábhartha mar a leagtar amach in Airteagal 6 CAE agus sa Chairt i gceist le forghníomhú an ordaithe in imthosca sonracha an cháis. Ina theannta sin, ba cheart go bhféadfaí na forais sin a agairt le linn an nós imeachta um fhorfheidhmiú.

(55) Ba cheart Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird a tharchur trí EPOC, agus ba cheart Ordú Caomhnaithe Eorpach a tharchur trí EPOC-PR. Nuair is gá sin, ba cheart an EPOC nó an EPOC-PR a aistriú chuig teanga oifigiúil de chuid an Aontais a bhfuil glacadh ag an seolaí léi. I gcás nár shonraigh an soláthraí seirbhíse aon teanga, ba cheart an EPOC nó an EPOC-PR a aistriú go teanga oifigiúil de chuid an Bhallstáit ina bhfuil an bhunaíocht ainmnithe nó ionadaí dlíthiúil an tsoláthraí seirbhíse lonnaithe, nó go teanga oifigiúil eile ar dhearbhaigh an bhunaíocht ainmnithe nó ionadaí dlíthiúil an tsoláthraí seirbhíse go nglacfaidh sí nó sé léi. I gcás ina gceanglaítear fógra a thabhairt don údarás forfheidhmiúcháin de bhun an Rialacháin seo, ba cheart an EPOC atá le tarchur chuig an údarás sin a aistriú go teanga oifigiúil de chuid an Stáit forfheidhmiúcháin nó go teanga oifigiúil eile de chuid an Aontais lena nglacann an Stát sin. I ndáil leis sin, ba cheart a mholadh do gach Ballstát a shonrú, tráth ar bith, i ndearbhú i scríbhinn arna chur faoi bhráid an Choimisiúin, más rud é go nglacfadh siad le haistriúcháin EPOCanna agus EPOC-PRanna, agus an teanga oifigiúil nó teangacha oifigiúla de chuid an Aontais ina theannta sin, sa bhreis ar theanga oifigiúil nó ar theangacha oifigiúla an Bhallstáit sin. Ba cheart don Choimisiún na dearbhuithe sin a chur ar fáil do na Ballstáit uile agus don Ghréasán Breithiúnach Eorpach.

(56) I gcás inar eisíodh EPOC agus nach gceanglaítear fógra a thabhairt don údarás forfheidhmiúcháin faoin Rialachán seo, ba cheart don seolaí a áirithiú, ar an EPOC a fháil, go ndéanfar na sonraí a iarrtar a tharchur go díreach chuig an údarás eisiúna nó chuig na húdaráis forfheidhmithe dlí mar a léirítear san EPOC laistigh de 10 lá ar a dhéanaí tar éis an EPOC a fháil. I gcás ina gceanglaítear fógra a thabhairt don údarás forfheidhmiúcháin de bhun an Rialacháin seo, ar an EPOC a fháil, ba cheart don soláthraí seirbhíse gníomhú go gasta chun na sonraí a chaomhnú. I gcás nár ardaigh an t-údarás forfheidhmiúcháin aon fhorais diúltaithe de bhun an Rialacháin seo

laistigh de 10 lá tar éis an EPOC a fháil, ba cheart don seolaí a áirithiú go ndéanfar na sonraí a iarradh a tharchur go díreach chuig an údarás eisiúna nó chuig na húdaráis forfheidhmithe dlí mar a léirítear san EPOC ag deireadh na tréimhse 10 lá sin. I gcás ina ndeimhneoidh an t-údarás forfheidhmiúcháin roimh dheireadh na tréimhse 10 lá don údarás eisiúna agus don seolaí nach n-ardóidh sé aon fhorais diúltaithe, ba cheart don seolaí gníomhú a luaithe is féidir tar éis an daingnithe sin agus ag deireadh na tréimhse 10 lá sin ar a dhéanaí. Ba cheart don seolaí, agus, i gcás inarb infheidhme, don údarás forfheidhmiúcháin, cloí leis na teorainneacha ama níos giorra is infheidhme i gcásanna éigeandála mar a shainmhínítear sa Rialachán seo. Ba cheart don seolaí, agus, i gcás inarb infheidhme, don údarás forfheidhmiúcháin, an EPOC a fhorghníomhú a luaithe is féidir agus ar a dhéanaí laistigh de na sprioc-amanna a leagtar amach sa Rialachán seo, agus na spriocdhátaí nós imeachta agus spriocdhátaí eile arna sonrú ag an Stát eisiúna á gcur i gcuntas a mhéid is féidir.

(57) I gcás ina measann an seolaí, bunaithe ar an bhfaisnéis atá san EPOC nó san EPOC-PR amháin, go bhféadfadh forghníomhú an EPOC nó an EPOC-PR cur isteach ar dhíolúintí nó ar phribhléidí, nó ar rialacha maidir le dliteanas coiriúil a chinneadh nó a theorannú a bhaineann le saoirse an phreasa nó leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh i meáin eile, faoi dhlí an Stáit forfheidhmiúcháin, ba cheart don seolaí an méid sin a chur in iúl don údarás eisiúna agus don údarás forfheidhmiúcháin. Maidir le EPOCanna, i gcás nár tugadh aon fhógra don údarás forfheidhmiúcháin de bhun an Rialacháin seo, ba cheart don údarás eisiúna an fhaisnéis a fhaightear ón seolaí a chur i gcuntas, agus ba cheart dó cinneadh a dhéanamh, ar a thionscnamh féin nó ar iarraidh ón údarás forfheidhmiúcháin, an ndéanfar an tOrdú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird a tharraingt siar, a oiriúnú nó a choinneáil ar bun. I gcás inar tugadh fógra don údarás forfheidhmiúcháin de bhun an Rialacháin seo, ba cheart don údarás eisiúna an fhaisnéis a fuarthas ón seolaí a chur i gcuntas agus a chinneadh an ndéanfar an tOrdú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird a tharraingt siar, a oiriúnú nó a choinneáil ar bun. Ba cheart go bhféadfadh an t-údarás forfheidhmiúcháin na forais diúltaithe a leagtar amach sa Rialachán seo a ardú.

(58) Chun go bhfeadfaidh an seolaí aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna foirmiúla a bhaineann le EPOC nó EPOC-PR, is gá nós imeachta a leagan amach chun cumarsáid a dhéanamh idir an seolaí agus an t-údarás eisiúna, agus, i gcás inar tugadh fógra don údarás forfheidhmiúcháin de bhun an Rialacháin seo, idir an seolaí agus an t-údarás forfheidhmiúcháin, i gcásanna ina bhfuil an EPOC nó an EPOC-PR neamhiomlán nó ina bhfuil earráidí follasacha ann nó nach bhfuil dóthain faisnéise ann chun an t-ordú lena mbaineann a fhorghníomhú. Thairis sin, i gcás nach gcuirfidh an seolaí an fhaisnéis ar fáil ar bhealach uileghabhálach nó tráthúil ar aon chúis eile, mar shampla toisc go measann sé go bhfuil coinbhleacht ann le hoibleagáid faoi dhlí tríú tír, nó toisc go measann sé nár eisíodh an tOrdú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird nó an tOrdú Caomhnaithe Eorpach i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach sa Rialachán seo, ba cheart dó an t-údarás eisiúna a chur ar an eolas, agus, i gcás inar tugadh fógra don údarás forfheidhmiúcháin, an t-údarás forfheidhmiúcháin, agus na réasúnuithe a sholáthar gan an EPOC nó an EPOC-PR a fhorghníomhú go tráthúil. Dá bhrí sin, ba cheart go lamhálfaí leis an nós imeachta cumarsáide go ndéanfadh an t-údarás eisiúna an tOrdú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird nó an tOrdú Caomhnaithe Eorpach a cheartú nó a athbhreithniú go luath. Chun infhaighteacht na sonraí atá á n-iarraidh a ráthú, ba cheart don seolaí na sonraí sin a chaomhnú más féidir leis an seolaí na sonraí sin a shainaithint

(59) Níor cheart é a bheith d'oibleagáid ar an seolaí an tOrdú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird nó an tOrdú Caomhnaithe Eorpach a chomhlíonadh i gcás ina bhfuil sé dodhéanta *de facto* de bharr imthosca nach bhfuil inchurtha i leith an tseolaí nó, murab ionann iad, an soláthraí seirbhíse tráth a fuarthas an tOrdú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird nó an tOrdú Caomhnaithe Eorpach. Ba cheart glacadh leis go bhfuil sé dodhéanta *de facto* glacadh leis mura custaiméir de chuid an tsoláthraí seirbhíse é an duine a bhfuil a chuid sonraí á n-iarraidh nó mura féidir é a shainaithint amhlaidh fiú tar éis iarraidh ar fhaisnéis bhreise a fháil chuig an údarás eisiúna, nó más rud é gur scriosadh na sonraí go dleathach sula bhfuarthas an t-ordú lena mbaineann.

(60) Ar EPOC-PR a fháil, ba cheart don seolaí na sonraí iarrtha a chaomhnú go ceann 60 lá ar a mhéad mura ndeimhneoidh an t-údarás eisiúna gur eisíodh iarraidh ina dhiaidh sin ar thabhairt ar aird, agus sa chás sin ba cheart leanúint leis an gcaomhnú. Ba cheart go mbeadh an t-údarás eisiúna in ann síneadh 30 lá breise a chur le ré an chaomhnaithe i gcás inar gá chun gur féidir iarraidh ina dhiaidh sin a eisiúint, agus úsáid á baint as an bhfoirm a leagtar amach sa Rialachán seo. I gcás ina ndeimhneoidh an t-údarás eisiúna le linn na tréimhse caomhnúcháin gur eisíodh iarraidh ina dhiaidh sin ar thabhairt ar aird, ba cheart don seolaí na sonraí a chaomhnú chomh fada agus is gá chun na sonraí a thabhairt ar aird a luaithe a gheofar an iarraidh ina dhiaidh sin ar na sonraí a thabhairt ar aird. Ba cheart an dearbhú sin a sheoladh chuig an seolaí laistigh den sprioc-am ábhartha, i dteanga oifigiúil de chuid an Stáit forfheidhmiúcháin nó in aon teanga eile a nglacann an seolaí léi, ag baint úsáid as an bhfoirm a leagtar amach sa Rialachán seo. Chun cosc a chur ar an gcaomhnú a bheith á scor, ba cheart gur leor go n-eiseofaí an iarraidh ina dhiaidh sin ar thabhairt ar aird agus gur sheol an t-údarás eisiúna an deimhniú; níor cheart go mbeadh sé riachtanach tuilleadh foirmiúlachtaí riachtanacha a chur i gcrích maidir leis an tarchur, amhail aistriú doiciméad, ag an bpointe ama sin. I gcás nach mbíonn gá a thuilleadh leis an gcaomhnú, cuirfidh an t-údarás eisiúna na seolaithe ar an eolas gan moill mhíchuí agus cuirfear deireadh leis an oibleagáid maidir le caomhnú ar bhonn an Ordaithe Caomhnaithe Eorpaigh ábhartha.

(61) D'ainneoin phrionsabal na muiníne frithpháirtí, ba cheart go mbeadh an t-údarás forfheidhmiúcháin in ann forais a ardú chun Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird a dhiúltú, i gcás inar tugadh fógra don údarás forfheidhmiúcháin de bhun an Rialacháin seo, bunaithe ar liosta na bhforas diúltaithe dá bhforáiltear sa Rialachán seo. I gcás ina dtugtar fógra don údarás forfheidhmiúcháin, nó don fhorfheidhmiú, i gcomhréir leis an Rialachán seo, d'fhéadfadh an Stát forfheidhmiúcháin a fhoráil faoina dhlí náisiúnta go mb'fhéidir go mbeadh gá le rannpháirtíocht nós imeachta cúirte sa Stát forfheidhmiúcháin chun go bhforghníomhófaí Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird.

(62) I gcás ina dtugtar fógra don údarás forfheidhmiúcháin faoi Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird chun sonraí tráchta a fháil, seachas i gcás sonraí a iarrtar chun an t-úsáideoir a shainaithint, agus chun na críche sin amháin, mar a shainmhínítear sa Rialachán seo, nó chun sonraí inneachair a fháil, ba cheart an ceart a bheith aige measúnú a dhéanamh ar an bhfaisnéis a leagtar amach san ordú agus, i gcás inarb iomchuí, é a dhiúltú i gcás ina dtagann sé ar an gconclúid, bunaithe ar anailís éigeantach chuí ar an bhfaisnéis atá san ord sin agus i gcomhréir le rialacha infheidhme dhlí príomha an Aontais, go háirithe an Chairt, go bhféadfadh ceann amháin nó níos mó de na forais diúltaithe dá bhforáiltear sa Rialachán seo a tharraingt anuas. Chun neamhspleáchas na n-údarás breithiúnach a urramú, ní mór rogha áirithe a thabhairt do na húdaráis sin agus cinntí á ndéanamh acu maidir leis na forais diúltaithe.

(63) Ba cheart go bhféadfadh an t-údarás forfheidhmiúcháin, i gcás ina dtugtar fógra dó de bhun an Rialacháin seo, Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird a dhiúltú i gcás ina bhfuil na sonraí a iarrtar faoi chosaint díolúintí nó pribhléidí arna ndeonú faoi dhlí an Stáit forfheidhmiúcháin lena gcoisctear forghníomhú nó forfheidhmiú an Ordaithe Eorpaigh chun Fianaise a Thabhairt ar Aird, nó i gcás ina bhfuil na sonraí arna n-iarraidh cumhdaithe ag rialacha maidir le dliteanas coiriúil a chinneadh nó a theorannú a bhaineann le saoirse an phreasa nó leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh i meáin eile, lena gcoisctear forghníomhú nó forfheidhmiú an Ordaithe Eorpaigh chun Fianaise a Thabhairt ar Aird.

(64) Ba cheart don údarás forfheidhmiúcháin a bheith in ann ordú a dhiúltú, i gcásanna eisceachtúla, i gcás ina bhfuil forais shubstaintiúla ann lena chreidiúint, ar bhonn fianaise shonrach agus oibiachtúil, go mbeadh sárú follasach ar cheart bunúsach ábhartha mar a leagtar amach in Airteagal 6 CAE agus sa Chairt i gceist, in imthosca ar leith an cháis, le forghníomhú an Ordaithe Eorpaigh chun Fianaise a Thabhairt ar Aird. Go háirithe, agus measúnú á dhéanamh ar an bhforas diúltaithe sin, i gcás ina bhfuil fianaise nó ábhar ar fáil don údarás forfheidhmiúcháin amhail an fhianaise nó an t-ábhar a leagtar amach i dtogra réasúnaithe ó thrian de na Ballstáit, ó Pharlaimint na hEorpa nó ón gCoimisiún Eorpach, arna ghlacadh de bhun Airteagal 7(1) CAE, lena léirítear go bhfuil riosca soiléir ann, dá ndéanfaí an t-ordú a fhorghníomhú, go bhfuil sárú tromchúiseach ar an gceart bunúsach chun leighis éifeachtaigh agus chun trialach córa faoi Airteagal 47 den Chairt, mar gheall ar easnaimh shistéamacha nó ghinearálaithe a bhaineann le neamhspleáchas bhreithiúna an Stáit eisiúna, ba cheart don údarás forfheidhmiúcháin a chinneadh go sonrach agus go beacht, ag féachaint do staid phearsanta an duine lena mbaineann, agus do chineál an chiona a ndéantar na himeachtaí coiriúla ina leith, agus don chomhthéacs fíorasach atá mar bhonn leis an ordú, agus i bhfianaise na faisnéise arna soláthar ag an údarás eisiúna, an bhfuil forais shuntasacha ann lena chreidiúint go bhfuil baol ann go sárófar ceart duine chun trialach córa.

(65) Ba cheart go bhféadfadh an t-údarás forfheidhmiúcháin ordú a dhiúltú i gcás ina mbeadh forghníomhú an ordaithe sin contrártha do phrionsabal *ne bis in idem*.

(66) Ba cheart go bhféadfadh an t-údarás forfheidhmiúcháin, i gcás ina dtugtar fógra dó de bhun an Rialacháin seo, Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird a dhiúltú i gcás nach cion faoi dhlí an Stáit forfheidhmiúcháin é an t-iompar ar eisíodh an t-ordú ina leith, ach amháin má bhaineann sé le cion a liostaítear laistigh de na catagóirí cionta a leagtar amach in iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, mar atá léirithe ag an údarás eisiúna san EPOC, má tá sé inphionóis sa Stát eisiúna le pianbhreith choimeádta nó le hordú coinneála ar feadh uastréimhse 3 bliana ar a laghad.

(67) Ós rud é gur gné bhunriachtanach maidir le cearta cosanta sonraí agus cearta cosanta é an duine a bhfuil a chuid sonraí á n-iarraidh a chur ar an eolas, sa mhéid go gcumasaíonn sé athbhreithniú éifeachtach agus sásamh breithiúnach éifeachtach, i gcomhréir le hAirteagal 6 CAE agus leis an gCairt, ba cheart don údarás eisiúna an duine a bhfuil a chuid sonraí á n-iarraidh a chur ar an eolas, gan moill mhíchuí, faoi shonraí a thabhairt ar aird ar bhonn Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird. Mar sin féin, ba cheart don údarás eisiúna a bheith in ann, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, moill a chur ar an duine a bhfuil a chuid sonraí á lorg a chur ar an eolas nó srian a chur ar an duine a bhfuil a chuid sonraí á lorg a chur ar an eolas, nó gan an duine a bhfuil a sonraí á n-iarraidh a chur ar an eolas, a mhéid a chomhlíontar agus fad a chomhlíontar coinníollacha Threoir (AE) 2016/680, agus sa chás sin ba cheart don údarás eisiúna na cúiseanna leis an moill, leis an srian nó leis an easnamh a chur in iúl sa chás agus bonn cirt gearr a chur leis san EPOC. Ba cheart do na seolaithe agus, murab ionann iad, do na soláthraithe seirbhíse na bearta oibríochtúla agus teicniúla úrscothacha is gá chun rúndacht, sicréideacht agus sláine an EPOC nó an EPOC-PR a áirithiú mar aon le rúndacht, sicréideacht agus sláine na sonraí a thabharfar ar aird nó a chaomhnófar.

(68) Ba cheart go bhféadfadh soláthraí seirbhíse aisíocaíocht ar a chostais a éileamh chun freagra a thabhairt ar Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird nó ar Ordú Caomhnaithe Eorpach ón Stát eisiúna, má fhoráiltear don fhéidearthacht sin i ndlí náisiúnta an Stáit eisiúna d'orduithe intíre i gcásanna comhchosúla, i gcomhréir le dlí náisiúnta an Stáit sin. Ba cheart do na Ballstáit an Coimisiún a chur ar an eolas faoi na rialacha naisiúnta maidir le haisíocaíocht agus ba cheart don Choimisiún iad a chur ar fáil go poiblí. Déantar foráil sa Rialachán seo maidir le rialacha ar leithligh is infheidhme maidir le haisíoc costas a bhaineann leis an gcóras TF díláraithe.

(69) Gan dochar do na dlíthe náisiúnta lena bhforáiltear d'fhorchur pionós coiriúil, ba cheart do na Ballstáit na rialacha a leagan síos maidir leis na pionóis airgid is infheidhme maidir le sáruithe ar an Rialachán seo agus ba cheart dóibh gach beart is gá a ghlacadh chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh na pionóis airgid dá bhforáiltear ina ndlíthe náisiúnta éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Ba cheart do na Ballstáit, gan mhoill, fógra a thabhairt don Choimisiún faoi na rialacha sin agus na bearta sin agus ba cheart dóibh fógra a thabhairt dó, gan mhoill, faoi aon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear dóibh.

(70) Agus measúnú á dhéanamh sa chás aonair ar an bpionós airgid iomchuí, ba cheart do na húdaráis inniúla na himthosca ábhartha uile a chur i gcuntas, amhail cineál, tromchúis agus fad an tsáraithe, cibé acu d'aon ghnó nó trí fhaillí a rinneadh é, i dtaobh ar cuireadh freagracht ar an soláthraí seirbhíse as sáruithe comhchosúla roimhe sin agus láidreacht airgeadais an tsoláthraí seirbhíse atá faoi dhliteanas. In imthosca eisceachtúla, d'fhéadfadh an t-údarás forfheidhmiúcháin cinneadh a dhéanamh staonadh ó phionóis airgid a fhorchur mar thoradh ar an measúnú sin. I ndáil leis sin, tá aird ar leith le tabhairt ar mhicrifhiontair nach gcomhlíonann Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird nó Ordú Caomhnaithe Eorpach i gcás éigeandála mar gheall ar easpa acmhainní daonna lasmuigh de ghnáthuaireanta gnó, má tharchuirtear na sonraí gan moill mhíchuí.

(71) Gan dochar d'oibleagáidí cosanta sonraí, níor cheart soláthraithe seirbhíse a bheith faoi dhliteanas sna Ballstáit as dochar a rinneadh dá n-úsáideoirí nó dá dtríú páirtithe mar thoradh go heisiach ar EPOC nó EPOC-PR a chomhlíonadh de mheon macánta. Ba cheart gur ar an údarás eisiúna a bheadh an fhreagracht dlíthiúlacht an ordaithe lena mbaineann a áirithiú, go háirithe a riachtanas agus a chomhréireacht.

(72) I gcás nach gcomhlíonann an seolaí EPOC laistigh den spriocdháta nó EPOC-PR, gan cúiseanna a nglacann an t-údarás eisiúna leo a chur ar fáil, agus, más infheidhme, i gcás nár agair an t-údarás forfheidhmiúcháin aon cheann de na forais diúltaithe dá bhforáiltear sa Rialachán seo, ba cheart go mbeadh an t-údarás eisiúna in ann a iarraidh ar an údarás forfheidhmiúcháin an tOrdú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird nó an tOrdú Caomhnaithe Eorpach a fhorfheidhmiú. Chuige sin, ba cheart don údarás eisiúna an t-ordú lena mbaineann, an fhoirm ábhartha dá bhforáiltear sa Rialachán seo, mar atá comhlánaithe ag an seolaí, agus aon doiciméad ábhartha a aistriú chuig an údarás forfheidhmiúcháin. Ba cheart don údarás eisiúna an t-ordú lena mbaineann agus aon doiciméad atá le haistriú a aistriú go ceann de na teangacha a nglacann an Stát forfheidhmiúcháin leo agus ba cheart dó an seolaí a chur ar an eolas faoin aistriú. Ba cheart don Stát sin an t-ordú lena mbaineann a fhorfheidhmiú i gcomhréir lena dhlí náisiúnta.

(73) Leis an nós imeachta um fhorfheidhmiú, ba cheart don seolaí a bheith in ann forais i gcoinne an fhorfheidhmithe a agairt, bunaithe ar liosta de fhorais shonracha dá bhforáiltear sa Rialachán seo, lena n-áirítear nár eisigh nó nár bhailíochtaigh údarás inniúil an t-ordú lena mbaineann de réir mar a fhoráiltear sa Rialachán seo, nó i gcás nach mbaineann an t-ordú le sonraí atá á stóráil ag an soláthraí seirbhíse nó thar a cheann tráth a fhaightear an deimhniú ábhartha. Ba cheart go mbeadh an t-údarás forfheidhmiúcháin in ann diúltú aitheantas a thabhairt d'Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird nó d'Ordú Caomhnaithe Eorpach bunaithe ar na forais chéanna sin agus freisin, in imthosca eisceachtúla, mar gheall ar shárú follasach ar cheart bunúsach ábhartha mar a leagtar amach in Airteagal 6 CAE agus sa Chairt. Ba cheart don údarás forfheidhmiúcháin dul i gcomhairle leis an údarás eisiúna sula gcinnfidh sé gan an t-ordú a aithint nó gan é a fhorfheidhmiú, bunaithe ar na forais sin. I gcás nach gcomhlíonann an seolaí a oibleagáidí faoi Ordú Eorpach aitheanta chun Fianaise a Thabhairt ar Aird nó faoi Ordú Caomhnaithe Eorpach a bhfuil a in-fhorfheidhmitheacht deimhnithe ag an údarás forfheidhmiúcháin, ba cheart don údarás sin pionós airgid a fhorchur. Ba cheart an pionós sin a bheith comhréireach, go háirithe i bhfianaise imthosca sonracha amhail neamhchomhlíonadh leanúnach nó sistéamach.

(74) D'fhéadfadh comhlíonadh Ordaithe Eorpaigh chun Fianaise a Thabhairt ar Aird teacht salach ar oibleagáid faoin dlí is infheidhme i dtríú tír. Chun cúirtéis a áirithiú i leith leasanna ceannasacha tríú tíortha, chun an duine aonair lena mbaineann a chosaint agus chun aghaidh a thabhairt ar oibleagáidí coinbhleachta ar sholáthraithe seirbhíse, déantar foráil leis an Rialachán seo do shásra sonrach le haghaidh athbhreithniú breithiúnach i gcás ina gcuirfeadh comhlíonadh Ordaithe Eorpaigh chun Fianaise a Thabhairt ar Aird cosc ar sholáthraí seirbhíse oibleagáidí dlíthiúla a eascraíonn as dlí tríú tír a chomhlíonadh.

(75) I gcás ina measann seolaí go mbeadh sárú oibleagáide dlíthiúla a eascraíonn as dlí tríú tír i gceist le hOrdú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird i gcás sonrach, ba cheart dó an t-údarás eisiúna agus an t-údarás forfheidhmiúcháin a chur ar an eolas faoi na cúiseanna nár forghníomhaíodh an t-ordú trí agóid réasúnaithe, ag baint úsáid as an bhfoirm dá bhforáiltear sa Rialachán seo. Ba cheart don údarás eisiúna athbhreithniú a dhéanamh ar an Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird ar bhonn na hagóide réasúnaithe agus aon ionchuir arna soláthar ag an Stát forfheidhmiúcháin, agus na critéir chéanna a bheadh ar chúirt inniúil an Stáit eisiúna a leanúint á gcur i gcuntas. I gcás ina bhfuil sé ar intinn ag an údarás eisiúna seasamh leis an ordú, ba cheart dó athbhreithniú a iarraidh ar chúirt inniúil an Stáit eisiúna, mar atá fógartha ag an mBallstát ábhartha, agus ba cheart don Bhallstát sin athbhreithniú a dhéanamh ar an ordú.

(76) Nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh maidir le hoibleagáid chontrártha a bheith ann i gcúinsí sonracha an cháis atá á scrúdú, d'fhéadfadh an chúirt inniúil dul i dtuilleamaí saineolas seachtrach iomchuí nuair a theastaíonn sé, mar shampla maidir le léirmhíniú ar dhlí an tríú tír lena mbaineann. Chun na críche sin, d'fhéadfadh an chúirt inniúil, mar shampla, dul i gcomhairle le húdarás lárnach an tríú tír, agus Treoir (AE) 2016/680 á cur i gcuntas. Go háirithe, ba cheart go n-iarrfadh an Stát eisiúna faisnéis ar údarás inniúil an tríú tír i gcás ina mbaineann an choinbhleacht le cearta bunúsacha nó leasanna bunúsacha eile de chuid an tríú tír a bhaineann le slándáil agus cosaint náisiúnta.

(77) D'fhéadfaí saineolas maidir le léirmhíniú a chur ar fáil freisin trí thuairimí saineolacha i gcás fáil a bheith orthu. Ba cheart faisnéis agus cásdlí maidir le léirmhíniú ar dhlí tríú tír agus maidir le nósanna imeachta easaontachtaí dlíthe sna Ballstáit a chur ar fáil ar ardán lárnach amhail tionscadal SIRIUS nó an Gréasán Breithiúnach Eorpach, d'fhonn gur féidir sochar a bhaint as taithí agus saineolas a bailíodh maidir leis na ceisteanna céanna nó ceisteanna comhchosúla. Níor cheart go gcuirfeadh infhaighteacht faisnéise den sórt sin ar ardán lárnach cosc ar chomhairliúchán athnuaite leis an tríú tír i gcás inarb iomchuí.

(78) Agus measúnú á dhéanamh an ann d'oibleagáidí contrártha, ba cheart don chúirt inniúil a chinneadh an bhfuil dlí an tríú tír infheidhme agus, má tá, an dtoirmisctear nochtadh na sonraí lena mbaineann le dlí an tríú tír. I gcás ina suíonn an chúirt inniúil go gcuireann dlí an tríú tír toirmeasc ar nochtadh na sonraí lena mbaineann, ba cheart don chúirt sin a chinneadh cibé acu a sheasfaidh sí leis an Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird nó a chuirfidh sí i leataobh é, trí roinnt gnéithe a chur sa mheá atá ceaptha chun neart an naisc le ceachtar den dá dhlínse lena mbaineann a fhionnadh, na leasanna faoi seach maidir le nochtadh na sonraí a fháil nó nochtadh na sonraí a chosc, agus na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann don seolaí nó don soláthraí seirbhíse as an ordú a chomhlíonadh. Ba cheart tábhacht agus béim ar leith a thabhairt do chosaint na gceart bunúsach le dlí ábhartha an tríú tír agus leasanna bunúsacha eile, amhail leasanna slándála náisiúnta an tríú tír, chomh maith le méid an naisc idir an cás coiriúil agus ceachtar den dá dhlínse agus an measúnú á dhéanamh. I gcás ina gcinneann an chúirt an t-ordú a chur i leataobh, ba cheart di é sin a chur in iúl don údarás eisiúna agus don seolaí. Má chinneann an chúirt inniúil go bhfuiltear chun seasamh leis an ordú, ba cheart di é sin a chur in iúl don údarás eisiúna agus don seolaí, agus ba cheart don seolaí sin dul ar aghaidh le forghníomhú an ordaithe sin. Ba cheart don údarás eisiúna an t-údarás forfheidhmiúcháin a chur ar an eolas faoi thoradh an nós imeachta um athbhreithniú.

(79) Ba cheart na coinníollacha a leagtar amach sa Rialachán seo maidir le EPOC a fhorghníomhú a bheith infheidhme freisin i gcás oibleagáidí contrártha ag eascairt as dlí tríú tír. Dá bhrí sin, le linn an athbhreithnithe bhreithiúnaigh i gcás ina gcuirfeadh comhlíonadh Ordaithe Eorpaigh chun Fianaise a Thabhairt ar Aird cosc ar sholáthraithe seirbhíse oibleagáid dhlíthiúil a eascraíonn as dlí tríú tír a chomhlíonadh, ba cheart na sonraí atá á lorg faoin ordú sin a chaomhnú. Más rud é, tar éis an athbhreithnithe bhreithiúnaigh, go gcinneann an chúirt inniúil Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird a chur i leataobh, ba cheart go bhféadfaí Ordú Caomhnaithe Eorpach a eisiúint chun a lamháil don údarás eisiúna a iarraidh go dtabharfaí na sonraí ar aird ar bhealaí eile, amhail cúnamh dlíthiúil frithpháirteach.

(80) Is den bhunriachtanas é go mbeadh rochtain ag na daoine go léir a n-iarrtar a gcuid sonraí in imscrúduithe coiriúla ar leigheas éifeachtach dlíthiúil, i gcomhréir le hAirteagal 47 den Chairt. I gcomhréir leis an gceanglas sin agus gan dochar do leigheasanna dlíthiúla breise atá ar fáil i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, ba cheart go mbeadh an ceart chun leigheasanna éifeachtacha i gcoinne an ordaithe sin ag aon duine a raibh a chuid sonraí á n-iarraidh trí Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird. I gcás inar duine atá faoi dhrochamhras nó duine atá cúisithe an duine sin, ba cheart an ceart a bheith ag an duine sin chun leigheasanna éifeachtacha le linn na n-imeachtaí coiriúla ina bhfuil na sonraí á n-úsáid mar fhianaise. Ba cheart an ceart chun leigheasanna éifeachtacha a fheidhmiú os comhair cúirte sa Stát eisiúna i gcomhréir lena dhlí náisiúnta agus ba cheart go n-áireofaí ann an fhéidearthacht agóid a dhéanamh i gcoinne dhlíthiúlacht an bhirt, lena n-áirítear a riachtanas agus a chomhréireacht, gan dochar do ráthaíochtaí maidir le cearta bunúsacha sa Stát forfheidhmiúcháin, ná do leigheasanna breise eile i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. Níor cheart leis an Rialachán seo teorainn a chur leis na forais a d'fhéadfadh a bheith ann chun agóid a dhéanamh i gcoinne dlíthiúlacht ó thaobh ordú de. Ba cheart an ceart chun leigheasanna éifeachtacha dá bhforáiltear sa Rialachán seo a bheith gan dochar don cheart leigheasanna a lorg faoi Rialachán (AE) 2016/679 agus faoi Threoir (AE) 2016/680. Ba cheart faisnéis a sholáthar in am trátha faoi na féidearthachtaí faoin dlí náisiúnta maidir le leigheasanna a lorg agus ba cheart a áirithiú gur féidir iad a fheidhmiú go héifeachtach.

(81) Ba cheart bealaí iomchuí a fhorbairt chun a áirithiú gur féidir leis na páirtithe uile comhoibriú go héifeachtúil trí mhodhanna digiteacha, trí chóras dílárathe teicneolaíochta faisnéise (TF) lenar féidir malartú leictreonach gasta, díreach, idir-inoibritheach, inbhuanaithe, iontaofa agus slán a dhéanamh ar fhoirmeacha, ar shonraí agus ar fhaisnéis a bhaineann le cásanna.

(82) Chun gur féidir cumarsáid éifeachtúil shlán i scríbhinn a dhéanamh idir údaráis inniúla agus bunaíochtaí ainmnithe nó ionadaithe dlíthiúla soláthraithe seirbhíse faoin Rialachán seo, ba cheart modhanna leictreonacha rochtana ar na córais TF náisiúnta, cuid den chóras TF dílárathe, arna oibriú ag na Ballstáit, a chur ar fáil do na bunaíochtaí ainmnithe nó do na hionadaithe dlíthiúla sin.

(83) Ba cheart a bheith sa chóras TF dílárathe córais TF na mBallstát agus ghníomhaireachtaí agus chomhlachtaí an Aontais, agus pointí rochtana idir-inoibritheacha, trína bhfuil na córais TF sin idirnasctha. Ba cheart pointí rochtana an chórais TF dhílárathe a bheith bunaithe ar an gcóras e-CODEX, a bunaíodh le Rialachán (AE) 2022/850 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([24]).

(84) Soláthraithe seirbhíse a bhaineann úsáid as réitigh shaincheaptha TF chun faisnéis agus sonraí a bhaineann le hiarrataí ar fhianaise leictreonach a mhalartú, ba cheart modhanna uathoibrithe a sholáthar dóibh chun rochtain a fháil ar na córais TF dhílárathe trí bhíthin caighdeán coiteann malartaithe sonraí.

(85) De ghnáth, ba cheart gach cumarsáid i scríbhinn idir údaráis inniúla nó idir údaráis inniúla agus bunaíochtaí ainmnithe nó ionadaithe dlíthiúla a dhéanamh tríd an gcóras TF dílárathe. Níor cheart é a bheith indéanta modhanna malartacha a úsáid ach amháin i gcás nach féidir an córas TF dílárathe a úsáid, mar shampla mar gheall ar riachtanais fhóiréinseacha shonracha, toisc go gcuireann srianta ar chumas teicniúil bac ar líon na sonraí atá le haistriú, nó toisc nach mór aghaidh a thabhairt i gcás éigeandála ar bhunaíocht eile nach bhfuil nasctha leis an gcóras TF dílárathe. Sna cásanna sin, ba cheart an tarchur a dhéanamh ar na modhanna malartacha is iomchuí, agus an gá atá le malartú gasta, slán agus iontaofa faisnéise a áirithiú á chur i gcuntas.

(86) Chun a áirithiú go bhfuil taifead iomlán ar mhalartuithe i scríbhinn faoin Rialachán seo sa chóras TF dílárathe, ba cheart aon tarchur a dhéantar ar bhealaí malartacha a thaifeadadh sa chóras TF dílárathe gan moill mhíchuí.

(87) Ba cheart úsáid sásraí chun barántúlacht a áirithiú, dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([25]), a mheas

(88) Níor cheart go mbeadh soláthraithe seirbhíse, go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide, neamhchosanta ar chostais dhíréireacha i ndáil le bunú agus oibriú an chórais TF dhílárathe. Mar chuid de chruthú, de chothabháil agus d'fhorbairt an chur chun feidhme tagartha, tá an Coimisiún, dá bhrí sin, le comhéadan gréasánbhunaithe a chur ar fáil a chuirfidh ar chumas soláthraithe seirbhíse cumarsáid a dhéanamh go slán leis na húdaráis gan a bheith orthu a mbonneagar tiomnaithe féin a bhunú chun rochtain a fháil ar an gcóras TF dílárathe

(89) Ba cheart é a bheith indéanta ag na Ballstáit úsáid a bhaint as bogearraí arna bhforbairt ag an gCoimisiún, eadhon na bogearraí cur chun feidhme tagartha, seachas córas náisiúnta TF. Tá na bogearraí cur chun feidhme tagartha sin le bheith bunaithe ar shocrú modúlach, rud a chiallaíonn go ndéantar na bogearraí a phacáistiú agus a sheachadadh ar leithligh ó chomhpháirteanna an chórais e-CODEX is gá chun iad a nascadh leis an gcóras TF dílárathe. Leis an leagan amach sin, ba cheart go gcuirfí ar chumas na mBallstát an bonneagar cumarsáide breithiúnaí náisiúnta atá acu cheana féin a athúsáid nó a fheabhsú chun críche úsáide trasteorann.

(90) Ba cheart don Choimisiún a bheith freagrach as bogearraí cur chun feidhme tagartha a chruthú, a chothabháil agus a fhorbairt. Ba cheart don Choimisiún na bogearraí cur chun feidhme tagartha a dhearadh, a fhorbairt agus a chothabháil i gcomhréir leis na ceanglais agus na prionsabail cosanta sonraí a leagtar síos i Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([26]), Rialachán (AE) 2016/679, agus Treoir (AE) 2016/680, go háirithe prionsabail na cosanta sonraí trí dhearadh agus mar réamhshocrú chomh maith le hardleibhéal cibearshlándála. Tá sé tábhachtach go mbeidh bearta teicniúla iomchuí le háireamh sna bogearraí cur chun feidhme tagartha freisin agus beifear in ann na bearta eagraíochtúla is gá a dhéanamh chun leibhéal iomchuí slándála agus idir-inoibritheachta a áirithiú.

([24]) Rialachán (AE) 2022/850 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 maidir le córas ríomhairithe le haghaidh malartú leictreonach trasteorann sonraí i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair shibhialta agus choiriúla (an córas e-CODEX), agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726 (IO L 150, 1.6.2022, lch. 1).

([25]) Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE (IO L 257, 28.8.2014, lch. 73

([26]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

(91) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([27]).

(92) Maidir le malartuithe sonraí a dhéantar tríd an gcóras TF díláraithe nó a thaifeadtar sa chóras TF díláraithe, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann staidreamh a bhailiú chun a n-oibleagáidí faireacháin agus tuairiscithe a chomhlíonadh faoin Rialachán seo trína dtairseacha náisiúnta.

(93) Chun faireachán a dhéanamh ar aschur, torthaí agus tionchar an Rialacháin seo, ba cheart don Choimisiún tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú ar an mbliain féilire roimhe sin, bunaithe ar shonraí arna bhfáil ó na Ballstáit. Chun na críche sin, ba cheart do na Ballstáit staidreamh cuimsitheach a bhailiú agus a sholáthar don Choimisiún maidir le gnéithe éagsúla den Rialachán seo, de réir na gcineálacha sonraí a iarradh, na seolaithe agus cibé acu an cás éigeandála a bhí ann nó nach ea.

(94) D'éascódh úsáid foirmeacha réamhaistrithe agus caighdeánaithe comhar agus malartú faisnéise faoin Rialachán seo, rud a d'fhágfadh go bhféadfaí cumarsáid níos tapúla agus níos éifeachtaí a dhéanamh ar bhealach atá áisiúil don úsáideoir. Dhéanfadh foirmeacha den sórt sin na costais aistriúcháin a laghdú agus rannchuideodh siad le caighdeán ardcháilíochta cumarsáide. Ar an mbealach céanna, d'fhágfadh foirmeacha freagartha go bhféadfaí malartú caighdeánaithe faisnéise a dhéanamh, go háirithe nuair nach bhfuil soláthraithe seirbhíse ábalta comhlíonadh a dhéanamh toisc nach ann don chuntas úsáideora nó toisc nach bhfuil aon sonraí ar fáil. D'éascódh na foirmeacha dá bhforáiltear sa Rialachán seo bailiú staidrimh freisin.

(95) Chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar an ngá a d'fhéadfadh a bheith le feabhsuithe maidir le hinneachar na bhfoirmeacha EPOC agus EPOC-PR agus maidir leis na foirmeacha a bheidh le húsáid chun faisnéis a sholáthar maidir le dodhéantacht EPOC nó EPOC-PR a fhorghníomhú, chun eisiúint iarrata ar thabhairt ar aird tar éis Ordú Caomhnaithe Eorpach a dheimhniú agus chun síneadh a chur le caomhnú fianaise leictreonaí, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca le leasú na bhfoirmeacha dá bhforáiltear sa Rialachán seo. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr ([28]). Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

(96) Níor cheart go ndéanfadh an Rialachán seo difear d'ionstraimí, comhaontuithe agus socruithe de chuid an Aontais ná d'ionstraimí, comhaontuithe agus socruithe idirnáisiúnta eile maidir le bailiú fianaise a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo. Ba cheart d'údaráis na mBallstát an uirlis is oiriúnaí don chás atá idir lámha a roghnú. I gcásanna áirithe, b'fhéidir gurbh fhearr leo ionstraimí, comhaontuithe agus socruithe de chuid an Aontais agus ionstraimí, comhaontuithe agus socruithe idirnáisiúnta eile a úsáid agus sraith de chineálacha éagsúla beart imscrúdaitheach á hiarraidh acu nach bhfuil teoranta d'fhianaise leictreonach a thabhairt ar aird ó Bhallstát eile. Ba cheart do na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún 3 bliana ar a dhéanaí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo maidir leis na hionstraimí, na comhaontuithe agus na socruithe atá ann cheana agus dá dtagraítear sa Rialachán seo a leanfaidh d'fheidhm a bheith acu. Ba cheart do na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún freisin laistigh de 3 mhí tar éis aon chomhaontú nó socrú nua dá dtagraítear sa Rialachán seo a shíniú.

(97) I bhfianaise na bhforbairtí teicneolaíochta, d'fhéadfadh cineálacha nua uirlisí cumarsáide a bheith i réim laistigh de chúpla bliain, nó d'fhéadfadh bearnaí teacht chun cinn i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, foráil a dhéanamh maidir le meastóireacht ar a chur i bhfeidhm.

(98) Ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar an Rialachán seo agus ba cheart an mheastóireacht sin a bheith bunaithe ar chúig chritéar na héifeachtúlachta, na héifeachtachta, na hábharthachta, an chomhleanúnachais agus bhreisluach AE, agus ba cheart an mheastóireacht sin a bheith mar bhonn do mheasúnuithe tionchair ar bhearta a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo. Ba cheart measúnú ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus ar na torthaí a baineadh amach i dtaobh na gcuspóirí atá leis agus chomh maith leis sin, measúnú ar thionchar an Rialacháin seo ar chearta bunúsacha a bheith sa tuarascáil mheastóireachta. Ba cheart don Choimisiún faisnéis a bhailiú go rialta chun bonn eolais a chur faoin meastóireacht ar an Rialachán seo.

([27]) Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

([28]) IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

(99) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, is é sin feabhas a chur ar fháil agus ar áirithiú fianaise leictreonaí thar theorainneacha, a ghnóthú go leordhóthanach, agus, de bharr chineál trasteorann na fianaise, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 CAE. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta mar a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.

(100) I gcomhréir le hAirteagal 3 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, tá fógra tugtha ag Éirinn gur mian léi a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

(101) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(102) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 agus thug sé a thuairim uaidh an 6 Samhain 2019 ([29]),

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

ÁBHAR, RAON FEIDHME AGUS SAINMHÍNITHE

Airteagal 1

Ábhar

1. Leagtar síos leis an Rialachán seo na rialacha faoina bhféadfaidh údarás Ballstáit, in imeachtaí coiriúla, Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird nó Ordú Caomhnaithe Eorpach a eisiúint agus, ar an gcaoi sin, ordú a thabhairt do sholáthraí seirbhíse a thairgeann seirbhísí san Aontas agus atá bunaithe i mBallstát eile, nó, mura bhfuil sé bunaithe, a ndéanann ionadaí dlíthiúil i mBallstát eile ionadaíocht thar a cheann, fianaise leictreonach a thabhairt ar aird nó a chaomhnú beag beann ar an áit a bhfuil na sonraí.

Tá an Rialachán seo gan dochar do chumhachtaí na n-údarás náisiúnta aghaidh a thabhairt ar sholáthraithe seirbhíse atá bunaithe ar a gcríoch nó a bhfuil ionadaíocht á déanamh orthu ar a gcríoch chun a áirithiú go gcomhlíonann siad bearta náisiúnta atá cosúil leis na bearta náisiúnta dá dtagraítear sa chéad fhomhír.

2. Féadfaidh duine atá faoi dhrochamhras nó duine cúisithe, nó dlíodóir thar ceann an duine sin faoi chuimsiú na gceart cosanta is infheidhme i gcomhréir leis an dlí nós imeachta coiriúil náisiúnta, Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird nó Ordú Caomhnaithe Eorpach a eisiúint freisin.

3. Ní bheidh sé d'éifeacht ag an Rialachán seo go modhnófar an oibleagáid maidir le hurraim a thabhairt do na cearta bunúsacha agus do na prionsabail dhlíthiúla a chumhdaítear sa Chairt agus in Airteagal 6 CAE, ná aon oibleagáidí is infheidhme maidir le húdaráis forfheidhmithe dlí nó údaráis bhreithiúnacha ina leith sin. Tá feidhm ag an Rialachán seo gan dochar do phrionsabail bhunúsacha, go háirithe an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil, lena n-áirítear saoirse agus iolrachas na meán, meas ar an saol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh, cosaint sonraí pearsanta, chomh maith leis an gceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil.

Airteagal 2

Raon feidhme

1. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le soláthraithe seirbhíse a thairgeann seirbhísí san Aontas.

2. Ní fhéadfar Orduithe Eorpacha chun Fianaise a Thabhairt ar Aird ná Orduithe Caomhnaithe Eorpacha a eisiúint ach amháin faoi chuimsiú agus chun críocha imeachtaí coiriúla, agus chun pianbhreith choimeádta nó ordú coinneála 4 mhí ar a laghad a fhorghníomhú, tar éis imeachtaí coiriúla, arna fhorchur le cinneadh nár tugadh *in absentia*, i gcásanna inar éalaigh an duine a ciontaíodh ón gceartas. Féadfar na horduithe sin a eisiúint freisin in imeachtaí a bhaineann le cion coiriúil a bhféadfaí duine dlítheanach a chur faoi dhliteanas nó a phionósú ina leith sa Stát eisiúna.

3. Ní dhéanfar Orduithe Eorpacha chun Fianaise a Thabhairt ar Aird agus Orduithe Caomhnaithe Eorpacha a eisiúint ach amháin i gcás sonraí a bhaineann leis na seirbhísí dá dtagraítear in Airteagal 3, pointe (3), a thairgtear san Aontas.

4. Níl feidhm ag an Rialachán seo maidir le himeachtaí a thionscnaítear chun cúnamh dlíthiúil frithpháirteach a sholáthar do Bhallstát eile nó do thríú tír.

([29]) IO C 32, 31.1.2020, lch. 11.

Airteagal 3

Sainmhínithe

Chun críche an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird' cinneadh lena n-ordaítear fianaise leictreonach a thabhairt ar aird, arna eisiúint nó arna bhailíochtú ag údarás breithiúnach Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 4 (1), (2), (4) agus (5), agus a dhírítear chuig bunaíocht ainmnithe nó chuig ionadaí dlíthiúil de chuid soláthraí seirbhíse a thairgeann seirbhísí san Aontas, i gcás ina bhfuil an bhunaíocht ainmnithe nó an t-ionadaí dlíthiúil sin lonnaithe i mBallstát eile atá faoi cheangal ag an Rialachán seo;

(2) ciallaíonn 'Ordú Caomhnaithe Eorpach' cinneadh lena n-ordaítear fianaise leictreonach chun críocha an iarraidh ina dhiaidh sin ar thabhairt ar aird a chaomhnú, arna eisiúint nó arna bhailíochtú ag údarás breithiúnach Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 4(3), (4) agus (5), agus a dhírítear chuig bunaíocht ainmnithe nó chuig ionadaí dlíthiúil de chuid soláthraí seirbhíse a thairgeann seirbhísí san Aontas, i gcás ina bhfuil an bhunaíocht ainmnithe nó an t-ionadaí dlíthiúil sin lonnaithe i mBallstát eile atá faoi cheangal ag an Rialachán seo;

(3) ciallaíonn 'soláthraí seirbhíse' aon duine nádúrtha nó dlítheanach a sholáthraíonn ceann amháin nó níos mó de na catagóirí seirbhísí seo a leanas, cé is moite de sheirbhísí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 2(2), pointe (b), de Threoir 2006/123/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([30]):

(a) seirbhísí cumarsáide leictreonaí mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (4), de Threoir (AE) 2018/1972;

(b) seirbhísí ainmneacha fearainn idirlín agus seirbhísí uimhrithe IP, amhail sannadh seoladh IP, clárlann ainmneacha fearainn, cláraitheoir ainmneacha fearainn agus seirbhísí seachvótála a bhaineann le hainmneacha fearainn;

(c) seirbhísí eile na sochaí faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointe (b), de Threoir (AE) 2015/1535 a dhéanann an méid seo a leanas:

(i) a chuireann ar chumas a n-úsáideoirí cumarsáid a dhéanamh le chéile; nó

(ii) a fhágann gur féidir sonraí a stóráil nó a phróiseáil ar bhealach eile thar ceann na n-úsáideoirí dá gcuirtear an tseirbhís ar fáil, ar choinníoll go bhfuil stóráil sonraí mar chompháirt shainiúil den tseirbhís a sholáthraítear don úsáideoir;

(4) ciallaíonn ' a thairgeann seirbhísí san Aontas':

(a) daoine nádúrtha nó dlítheanacha i mBallstát a chumasú chun na seirbhísí a liostaítear i bpointe (3) a úsáid; agus

(b) nasc substaintiúil a bheith aige, atá bunaithe ar chritéir shonracha fhíorasacha, leis an mBallstát dá dtagraítear i bpointe (a); measfar nasc substaintiúil den sórt sin a bheith ann i gcás ina bhfuil bunaíocht ag an soláthraí seirbhíse i mBallstát, nó in éagmais bunaíocht den sórt sin, i gcás ina bhfuil líon suntasach úsáideoirí i mBallstát amháin nó níos mó, nó i gcás ina bhfuil gníomhaíochtaí á spriocdhíriú ar Bhallstát amháin nó níos mó;

(5) ciallaíonn 'bunaíocht' eintiteas a dhéanann gníomhaíocht eacnamaíoch a shaothrú go hiarbhír ar feadh tréimhse éiginnte trí bhonneagar cobhsaí óna ndéantar an gnó a bhaineann le seirbhísí a sholáthar nó óna ndéantar an gnó a bhainistiú;

(6) ciallaíonn 'bunaíocht ainmnithe' bunaíocht ag a bhfuil pearsantacht dhlítheanach arna hainmniú i scríbhinn ag soláthraí seirbhíse atá bunaithe i mBallstát atá rannpháirteach in ionstraim dlí dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de Threoir (AE) 2023/1544, chun na gcríoch dá dtagraítear in Airteagal 1(1), agus Airteagal 3(1) den Treoir sin;

(7) ciallaíonn 'ionadaí dlíthiúil' duine nádúrtha nó dlítheanach arna cheapadh i scríbhinn ag soláthraí seirbhíse nach bhfuil bunaithe i mBallstát atá rannpháirteach in ionstraim dlí dá dtagraítear in Airteagal 1(2), de Threoir (AE) 2023/1544, chun na gcríoch dá dtagraítear in Airteagal 1(1) agus Airteagal 3 (1) den Treoir sin;

(8) ciallaíonn 'fianaise leictreonach' sonraí suibscríobhaí, sonraí tráchta nó sonraí inneachair arna stóráil ag soláthraí seirbhíse, nó thar ceann soláthraí seirbhíse, i bhfoirm leictreonach, tráth a fhaightear Deimhniú um Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird (EPOC) nó Deimhniú um Ordú Caomhnaithe Eorpach (EPOC-PR);

([30]) Treoir 2006/123/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le seirbhísí sa mhargadh inmheánach (IO L 376, 27.12.2006, lch. 36).

(9) ciallaíonn 'sonraí suibscríobhaí' aon sonraí atá i seilbh soláthraí seirbhíse a bhaineann leis an suibscríbhinn dá sheirbhísí, i dtaobh an mhéid seo a leanas:

(a) céannacht an tsuibscríobhaí nó an chustaiméara amhail an t-ainm a soláthraíodh, dáta breithe, seoladh poist nó seoladh geografach, sonraí billeála agus íocaíochta, uimhir theileafóin, nó seoladh ríomhphoist;

(b) cineál na seirbhíse agus a fad ama, lena n-áirítear sonraí teicniúla agus sonraí lena sainaithnítear bearta teicniúla gaolmhara nó comhéadain a úsáideann an suibscríobhaí nó an custaiméir nó a chuirtear ar fáil don suibscríobhaí nó don chustaiméir tráth an chlárúcháin nó an ghníomhachtaithe tosaigh, agus sonraí a bhaineann le húsáid na seirbhíse a bhailíochtú, seachas pasfhocail nó modhanna fíordheimhnithe eile a úsáidtear in ionad pasfhocal a chuireann úsáideoir ar fáil, nó a cruthaíodh ar iarrataidh ó úsáideoir;

(10) ciallaíonn 'sonraí a iarrtar chun an t-úsáideoir a shainaithint, agus chun na críche sin amháin' seoltaí IP agus, i gcás inar gá, na bunphoirt ábhartha agus an stampa ama ábhartha, eadhon an dáta agus an t-am, nó coibhéisí teicniúla na n-aitheantóirí sin agus faisnéis ghaolmhar arna iarraidh sin ag údaráis forfheidhmithe dlí nó ag údaráis bhreithiúnacha chun an t-úsáideoir a shainaithint in imscrúdú coiriúil sonrach, agus chun na críche sin amháin;

(11) ciallaíonn 'sonraí tráchta' sonraí a bhaineann le soláthar seirbhíse a thairgeann soláthraí seirbhíse, ar sonraí iad a sholáthraíonn comhthéacs nó faisnéis bhreise faoin tseirbhís sin agus a ghineann nó a phróiseálann córas faisnéise de chuid an tsoláthraí seirbhíse, amhail foinse agus ceann scríbe teachtaireachta nó cineál eile idirghníomhaíochta, maidir le suíomh na feiste, dáta, am, fad, méid, bealach, formáid, an prótacal a úsáidtear agus an cineál comhbhrúite, agus meiteashonraí cumarsáide leictreonaí eile agus sonraí, seachas sonraí suibscríobhaí, a bhaineann le tosú agus foirceannadh seisiúin rochtana úsáideora ar sheirbhís, amhail dáta agus am na húsáide, an logáil isteach chuig an tseirbhís agus logáil amach ón tseirbhís;

(12) ciallaíonn 'sonraí inneachair' aon sonraí i bhformáid dhigiteach, amhail téacs, guth, físeáin, íomhánna agus fuaim, seachas sonraí suibscríobhaí nó sonraí tráchta;

(13) ciallaíonn 'córas faisnéise' córas faisnéise mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (a), de Threoir 2013/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([31]);

(14) ciallaíonn 'Stát eisiúna' an Ballstát ina n-eisítear an tOrdú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird nó an tOrdú Caomhnaithe Eorpach;

(15) ciallaíonn 'údarás eisiúna' an t-údarás inniúil sa Stát eisiúna, ar féidir leis, i gcomhréir le hAirteagal 4, Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird nó Ordú Caomhnaithe Eorpach a eisiúint;

(16) ciallaíonn 'Stát forfheidhmiúcháin' an Ballstát ina bhfuil an bhunaíocht ainmnithe bunaithe nó ina bhfuil cónaí ar an ionadaí dlíthiúil agus a ndéanann an t-údarás eisiúna an tOrdú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird agus an EPOC nó an tOrdú Caomhnaithe Eorpach agus an EPOC-PR a tharchur chuige lena fhógairt don údarás forfheidhmiúcháin nó lena fhorfheidhmiú i gcomhréir leis an Rialachán seo;

(17) ciallaíonn 'údarás forfheidhmiúcháin' an t-údarás sa Stát forfheidhmiúcháin atá inniúil, i gcomhréir le dlí náisiúnta an Stáit sin, chun Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird agus EPOC nó Ordú Caomhnaithe Eorpach agus EPOC-PR arna tharchur ag an údarás eisiúna le haghaidh fógra a thabhairt nó le haghaidh forfheidhmiú i gcomhréir leis an Rialachán seo a fháil;

(18) ciallaíonn 'cás éigeandála' staid ina bhfuil garbhaol ann do bheatha, do shláine fhisiciúil nó do shábháilteacht duine, nó do bhonneagar criticiúil, mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (a), de Threoir 2008/114/CE, i gcás ina mbeadh garbhaol ann do bheatha, do shláine fhisiciúil nó do shábháilteacht duine mar thoradh ar chur isteach nó scriosadh an bhonneagair chriticiúil sin, lena n-áirítear trí dhíobháil thromchúiseach a dhéanamh do sholáthar soláthairtí bunúsacha don daonra nó d'fheidhmiú chroífheidhmeanna an Stáit;

(19) ciallaíonn 'rialaitheoir' rialaitheoir mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (7), de Rialachán (AE) 2016/679;

(20) ciallaíonn 'próiseálaí' próiseálaí mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (8), de Rialachán (AE) 2016/679;

([31]) Treoir 2013/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Lúnasa 2013 maidir le hionsaithe ar chórais faisnéise agus lena n-ionadaítear Cinneadh Réime 2005/222/CGB ón gComhairle (IO L 218, 14.8.2013, lch. 8).

(21) ciallaíonn 'córas TF díláraithe' líonra córas TF agus pointí rochtana idir-inoibritheacha, a oibríonn faoi fhreagracht agus faoi bhainistiú aonair gach Ballstáit, gníomhaireachta nó comhlachta de chuid an Aontais, lena gcumasaítear malartú trasteorann faisnéise ar bhealach slán iontaofa.

CAIBIDIL II

ORDÚ EORPACH CHUN FIANAISE A THABHAIRT AR AIRD, ORDÚ CAOMHNAITHE EORPACH AGUS DEIMHNITHE

Airteagal 4

Údarás eisiúna

1. Féadfaidh na dreamanna seo a leanas Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird a eisiúint chun sonraí suibscríobhaí a fháil nó chun sonraí a fháil a iarrtar chun an t-úsáideoir a shainaithint, agus chun na críche sin amháin, mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (10):

(a) breitheamh, cúirt, breitheamh imscrúdaithe nó ionchúisitheoir poiblí atá inniúil sa chás lena mbaineann; nó

(b) aon údarás inniúil eile arna shainiú ag an Stát eisiúna atá, sa chás lena mbaineann, ag gníomhú ina cháil mar údarás imscrúdúcháin in imeachtaí coiriúla a bhfuil inniúlacht aige chun fianaise a bhailiú i gcomhréir leis an dlí náisiúnta; i gcás mar sin, déanfaidh breitheamh, cúirt, breitheamh imscrúdaithe nó ionchúisitheoir poiblí sa Stát eisiúna an tOrdú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird a bhailíochtú, tar éis scrúdú a dhéanamh ar a mhéid a chomhlíonann sé na coinníollacha a bhaineann le hOrdú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird a eisiúint faoin Rialachán seo.

2. Féadfaidh na daoine seo a leanas Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird chun sonraí tráchta a fháil, seachas sonraí a iarrtar chun an t-úsáideoir a shainaithint, agus chun na críche sin amháin, mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (10), nó chun sonraí inneachair a fháil, a eisiúint

(a) breitheamh, cúirt nó breitheamh imscrúdaithe atá inniúil sa chás lena mbaineann; nó

(b) aon údarás inniúil eile arna shainiú ag an Stát eisiúna atá, sa chás lena mbaineann, ag gníomhú ina cháil mar údarás imscrúdúcháin in imeachtaí coiriúla a bhfuil inniúlacht aige chun fianaise a bhailiú i gcomhréir leis an dlí náisiúnta; i gcás mar sin, déanfaidh breitheamh, cúirt nó breitheamh imscrúdaithe sa Stát eisiúna an tOrdú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird a bhailíochtú, tar éis scrúdú a dhéanamh ar a mhéid a chomhlíonann sé na coinníollacha a bhaineann le hOrdú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird a eisiúint faoin Rialachán seo.

3. Ní fhéadfaidh ach na dreamanna seo a leanas Ordú Caomhnaithe Eorpach le haghaidh sonraí aon chatagóir a eisiúint:

(a) breitheamh, cúirt, breitheamh imscrúdaithe nó ionchúisitheoir poiblí atá inniúil sa chás lena mbaineann; nó

(b) aon údarás inniúil eile arna shainiú ag an Stát eisiúna atá, sa chás lena mbaineann, ag gníomhú ina cháil mar údarás imscrúdúcháin in imeachtaí coiriúla a bhfuil inniúlacht aige chun fianaise a bhailiú i gcomhréir leis an dlí náisiúnta; i gcás mar sin, déanfaidh breitheamh, cúirt, breitheamh imscrúdaithe nó ionchúisitheoir poiblí sa Stát eisiúna an tOrdú Caomhnaithe Eorpach, tar éis scrúdú a dhéanamh ar a mhéid a chomhlíonann sé na coinníollacha a bhaineann le hOrdú Caomhnaithe Eorpach a eisiúint faoin Rialachán seo.

4. I gcás ina ndearna údarás breithiúnach Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird nó Ordú Caomhnaithe Eorpach a bhailíochtú de bhun mhír 1, pointe (b), mír 2, pointe (b) nó mír 3, pointe (b), féadfar breathnú ar an údarás sin freisin mar údarás eisiúna chun an EPOC agus an EPOC-PR a tharchur.

5. I gcás éigeandála arna bhunú go bailí, mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (18), féadfaidh na húdaráis inniúla dá dtagraítear i mír 1, pointe (b) agus i mír 3, pointe (b), den Airteagal seo Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird a eisiúint go heisceachtúil le haghaidh sonraí suibscríobhaí nó le haghaidh sonraí a iarrtar chun an t-úsáideoir a shainaithint, agus chun na críche sin amháin, mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (10), nó Ordú Caomhnaithe Eorpach gan an t-ordú lena mbaineann a bhailíochtú roimh ré, i gcás nach féidir bailíochtú a fháil in am agus i gcás ina bhféadfadh na húdaráis sin ordú a eisiúint i gcás intíre comhchosúil gan bailíochtú roimh ré. Iarrfaidh an t-údarás eisiúna bailíochtú *ex post* ar an ordú lena mbaineann gan moill mhíchuí, laistigh de 48 n-uair an chloig ar a dhéanaí. I gcás nach ndeonófar bailíochtú *ex post* den sórt sin ar an ordú lena mbaineann, déanfaidh an t-údarás eisiúna an t-ordú a tharraingt siar láithreach agus déanfaidh sé úsáid aon sonraí a fuarthas a scriosadh nó a shrianadh ar shlí eile.

6. Féadfaidh gach Ballstát údarás lárnach amháin nó níos mó a ainmniú le bheith freagrach as tarchur riaracháin EPOCanna agus EPOC-PRanna, Orduithe Eorpacha chun Fianaise a Thabhairt ar Aird agus Orduithe Caomhnaithe Eorpacha agus fógraí, agus as sonraí agus fógraí a fháil chomh maith le comhfhreagras oifigiúil eile a bhaineann le deimhnithe nó orduithe den sórt sin a tharchur.

Airteagal 5

Coinníollacha maidir le hOrdú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird a eisiúint

1. Ní fhéadfaidh údarás eisiúna Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird a eisiúint ach amháin nuair a chomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach san Airteagal seo.

2. Beidh Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird riachtanach agus comhréireach chun críoch na n-imeachtaí dá dtagraítear in Airteagal 2(3), agus cearta an duine atá faoi dhrochamhras nó an duine cúisithe á gcur i gcuntas, agus ní fhéadfar é a eisiúint ach amháin i gcás ina bhféadfaí ordú comhchosúil a eisiúint faoi na coinníollacha céanna i gcás baile comhchosúil.

3. Féadfar Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird chun sonraí suibscríobhaí a fháil nó chun sonraí a fháil a iarrtar chun an t-úsáideoir a shainaithint, mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (10), a eisiúint maidir le gach cion coiriúil agus maidir le forghníomhú pianbhreithe coimeádta nó ordaithe coinneála 4 mhí ar a laghad, tar éis imeachtaí coiriúla, arna fhorchur le cinneadh nár tugadh *in absentia*, i gcásanna inar éalaigh an duine a ciontaíodh ón gceartas.

4. Ní eiseofar Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird chun sonraí tráchta a fháil, seachas sonraí a iarrtar chun an t-úsáideoir a shainaithint, agus chun na críche sin amháin, mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (10), den Rialachán seo nó chun sonraí inneachair a fháil, ach amháin sna cásanna seo a leanas:

(a) i gcomhair cionta coiriúla atá inphiontóis sa Stát eisiúna le pianbhreith choimeádta d'uasmhéid 3 bliana ar a laghad; nó

(b) i gcomhair na gcionta seo a leanas, más amhlaidh go ndearnadh na cionta sin go hiomlán nó go páirteach trí chóras faisnéise,

(i) cionta mar a shainmhínítear iad in Airteagail 3 go 8 de Threoir (AE) 2019/713 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([32]);

(ii) cionta mar a shainmhínítear iad in Airteagail 3 go 7 de Threoir 2011/93/AE;

(iii) cionta mar a shainmhínítear iad in Airteagail 3 go 8 de Threoir 2013/40/AE;

(c) cionta coiriúla mar a shainmhínítear iad in Airteagail 3 go 12 agus 14 de Threoir (AE) 2017/541;

(d) chun pianbhreith choimeádta nó ordú coinneála 4 mhí ar a laghad a fhorghníomhú, tar éis imeachtaí coiriúla, arna bhforchur le cinneadh nár tugadh *in absentia*, i gcásanna inar éalaigh an duine a ciontaíodh ón gceartas, mar gheall ar chionta coiriúla dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) den mhír seo.

5. Beidh an fhaisnéis seo a leanas san áireamh in Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird:

(a) an t-údarás eisiúna agus, i gcás inarb infheidhme, an t-údarás bailíochtaithe;

(b) seolaí an Ordaithe Eorpaigh chun Fianaise a Thabhairt ar Aird amhail dá dtagraítear in Airteagal 7;

(c) an t-úsáideoir, ach amháin i gcás gurb é sainaithint an úsáideora an t-aon chuspóir atá leis an ordú, nó aon aitheantóir uathúil eile amhail ainm úsáideora, aitheantas logála isteach nó ainm cuntais chun na sonraí atá á n-iarraidh a chinneadh;

(d) catagóir na sonraí a iarradh mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointí (9) go (12);

(e) más infheidhme, achar ama na sonraí a bhfuiltear ag iarraidh fianaise a thabhairt ar aird ina leith:

(f) na forálacha is infheidhme de dhlí coiriúil an Stáit eisiúna;

(g) i gcásanna éigeandála mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (18), na cúiseanna a bhfuil údar cuí leo leis an éigeandáil;

(h) i gcásanna ina mbeidh an tOrdú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird dírithe go díreach ar an soláthraí seirbhís a stórálann nó a phróiseálann na sonraí ar bhealach eile na sonraí thar ceann an rialaitheora, deimhniú go ndéantar na coinníollacha a leagtar amach i mír 6 den Airteagal seo a chomhlíonadh;

(i) na forais lena chinneadh go gcomhlíonann an tOrdú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird na coinníollacha riachtanais agus comhréireachta faoi mhír 2 den Airteagal seo(.

(j) cur síos achomair ar an gcás:

([32]) Treoir (AE) 2019/713 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le calaois agus góchumadh modhanna íocaíochta neamhairgid a chomhrac agus lena n-ionadaítear Cinneadh Réime 2001/413/CGB ón gComhairle (IO L 123, 10.5.2019, lch. 18).

6. Díreofar Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird ar na soláthraithe seirbhíse atá ag gníomhú mar rialaitheoirí i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679.

Mar eisceacht, féadfar an tOrdú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird a dhíriú go díreach ar an soláthraí seirbhíse a stórálann nó a phróiseálann na sonraí ar bhealach eile na sonraí thar ceann an rialaitheora, sna cásanna seo a leanas:

(a) nach féidir an rialaitheoir a shainaithint in ainneoin iarrachtaí réasúnta arna ndéanamh ag an údarás eisiúna; nó

(b) go bhféadfaí dochar a dhéanamh don imscrúdú trí dhíriú ar an rialaitheoir.

7. I gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679, an próiseálaí a stórálann nó a phróiseálann na sonraí ar bhealach eile thar ceann an rialaitheora, cuirfidh sé an rialaitheoir ar an eolas faoi thabhairt ar aird na sonraí ach amháin má tá iarrtha ag an údarás eisiúna ar an soláthraí seirbhíse staonadh ón rialaitheoir a chur ar an eolas, chomh fada agus is gá agus is comhréireach, ionas nach gcuirfear bac ar na himeachtaí coiriúla ábhartha. Sa chás sin, cuirfidh an t-údarás eisiúna na cúiseanna leis an moill maidir leis an rialaitheoir a chur ar an eolas in iúl i gcomhad an cháis. Cuirfear réasúnú gearr isteach san EPOC freisin.

8. I gcás ina ndéantar na sonraí a stóráil nó a phróiseáil ar bhealach eile mar chuid den bhonneagar atá á chur ar fáil ag soláthraí seirbhíse a eisiúint d'údarás poiblí, ní fhéadfar Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird a eisiúint ach amháin i gcás ina bhfuil an t-údarás poiblí dá bhfuil na sonraí á stóráil nó á bpróiseáil ar bhealach eile lonnaithe sa Stát eisiúna.

9. I gcásanna ina ndéanann soláthraí seirbhíse na sonraí atá faoi chosaint phribhléid ghairmiúil faoi dhlí an Stáit eisiúna a stóráil nó a phróiseáil ar bhealach eile mar chuid de bhonneagar arna sholáthar do ghairmithe atá cumhdaithe ag pribhléid ghairmiúil ('gairmí faoi phribhléid'), ina gcáil ghnó, ní fhéadfar Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird a eisiúint chun sonraí trachta a fháil, cé is moite de na sonraí a iarradh chun an t-úsáideoir a shainaithint, agus chun na críche sin amháin, mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (10), nó chun sonraí inneachair a fháil, ach amháin sna cásanna seo a leanas:

(a) go bhfuil cónaí ar an ngairmí faoi phribhléid sa Stát eisiúna;

(b) go bhféadfaí dochar a dhéanamh don imscrúdú trí dhíriú ar an ngairmí faoi phribhléid; nó

(c) gur tarscaoileadh na pribhléidí i gcomhréir leis an dlí is infheidhme.

10. Má tá cúiseanna ag an údarás eisiúna lena chreidiúint maidir leis na sonraí trachta, cé is moite de na sonraí a iarradh chun an t-úsáideoir a shainaithint, agus chun na críche sin amháin, mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (10), nó maidir leis na sonraí inneachair a iarradh leis an Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird go bhfuil siad faoi chosaint ag díolúintí nó ag pribhléidí arna ndeonú faoi dhlí an Stáit forfheidhmiúcháin, nó go bhfuil na sonraí sin faoi réir rialacha sa Stát sin maidir le dliteanas coiriúil a chinneadh agus a theorannú a bhaineann le saoirse an phreasa nó leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh i meáin eile, féadfaidh an t-údarás eisiúna soiléiriú a lorg sula n-eiseofar an tOrdú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird, lena n-áirítear trí dhul i gcomhairle le húdaráis inniúla an Stáit forfheidhmiúcháin, go díreach nó trí Eurojust nó tríd an nGréasán Breithiúnach Eorpach.

Ní eiseoidh an t-údarás eisiúna Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird má chinneann sé maidir leis na sonraí trachta a iarradh, cé is moite de na sonraí a iarradh chun an t-úsáideoir a shainaithint, agus chun na críche sin amháin, mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (10), nó maidir leis na sonraí inneachair go bhfuil siad faoi chosaint ag díolúintí nó ag pribhléidí arna ndeonú faoi dhlí an Stáit forfheidhmiúcháin, nó go bhfuil na sonraí sin faoi réir rialacha sa Stát sin maidir le cinneadh agus teorannú dliteanais choiriúil a bhaineann le saoirse an phreasa agus leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh i meáin eile.

Airteagal 6

Coinníollacha maidir le hOrdú Caomhnaithe Eorpach a eisiúint

1. Ní fhéadfaidh údarás eisiúna Ordú Caomhnaithe Eorpach a eisiúint ach amháin i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach san Airteagal seo. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 5(8).

2. Beidh Ordú Caomhnaithe Eorpach riachtanach agus comhréireach chun cosc a chur ar bhaint, scriosadh nó athrú sonraí d'fhonn iarraidh a dhéanamh ina dhiaidh sin ar na sonraí sin a thabhairt ar aird trí chúnamh dlíthiúil frithpháirteach, trí Ordú Imscrúdaithe Eorpach (EIO) nó trí Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird, agus cearta an duine atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe á gcur san áireamh.

3. Féadfar Ordú Caomhnaithe Eorpach a eisiúint maidir le gach cion coiriúil, más rud é go bhféadfaí é a eisiúint faoi na coinníollacha céanna i gcás intíre comhchosúil, agus chun pianbhreith choimeádta nó ordú coinneála a fhorghníomhú ar feadh 4 mhí ar a laghad, tar éis imeachtaí coiriúla, arna bhforchur le cinneadh nár tugadh *in absentia*, i gcásanna inar éalaigh an duine a ciontaíodh ón gceartas.

4. Beidh an fhaisnéis seo a leanas san áireamh in Ordú Caomhnaithe Eorpach:

(a) an t-údarás eisiúna agus, nuair is infheidhme, an t-údarás bailíochtaithe;

(b) seolaí an Ordaithe Caomhnaithe Eorpaigh dá dtagraítear in Airteagal 7;

(c) an t-úsáideoir, ach amháin i gcás gurb é sainaithint an úsáideora an t-aon chuspóir atá leis an ordú, nó aon aitheantóir uathúil eile amhail ainm úsáideora, aitheantas logála isteach nó ainm cuntais chun na sonraí a bhfuil caomhnú á iarraidh ina leith a chinneadh;

(d) catagóir na sonraí a iarradh mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointí (9) go (12);

(e) más infheidhme, raon ama na sonraí a bhfuil caomhnú á iarraidh ina leith;

(f) na forálacha is infheidhme maidir le dlí coiriúil an Stáit eisiúna;

(g) na forais lena chinneadh go gcomhlíonann an tOrdú Caomhnaithe Eorpach na coinníollacha riachtanais agus comhréireachta faoi mhír 2 den Airteagal seo.

Airteagal 7

Seolaithe Orduithe Eorpacha chun Fianaise a Thabhairt ar Aird agus Orduithe Caomhnaithe Eorpacha

1. Díreofar Orduithe Eorpacha chun Fianaise a Thabhairt ar Aird agus Orduithe Caomhnaithe Eorpacha go díreach ar bhunaíocht ainmnithe nó ionadaí dlíthiúil de chuid an tsoláthraí seirbhíse lena mbaineann.

2. Mar eisceacht, i gcásanna éigeandála mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (18), i gcás nach bhfreagraíonn bunaíocht ainmnithe nó ionadaí dlíthiúil soláthraí seirbhíse do EPOC nó EPOC-PR laistigh de na sprioc-amanna, féadfar an EPOC nó an EPOC-PR sin a dhíriú ar aon bhunaíocht nó ionadaí dlíthiúil eile de chuid an tsoláthraí seirbhíse san Aontas.

Airteagal 8

Fógra a thabhairt don údarás forfheidhmiúcháin

1. I gcás ina n-eisítear Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird chun sonraí tráchta a fháil, cé is moite de na sonraí a iarradh chun an t-úsáideoir a shainaithint, agus chun na críche sin amháin, mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (10), nó chun sonraí inneachair a fháil, tabharfaidh an t-údarás eisiúna fógra don údarás forfheidhmiúcháin tríd an EPOC a tharchur chuig an údarás sin an tráth céanna a tharchuirfidh sé an EPOC chuig an seolaí i gcomhréir le hAirteagal 9(1) agus (2).

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 más rud é, tráth eisiúna an ordaithe, go bhfuil forais réasúnta ag an údarás eisiúna a chreidiúint:

(a) go ndearnadh an cion, go bhfuil sé á dhéanamh nó gur dócha go ndéanfar é sa Stát eisiúna; agus

(b) go bhfuil cónaí sa Stát eisiúna ar an duine a bhfuil a chuid sonraí á n-iarraidh.

3. Agus an EPOC á tharchur dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo chuig an údarás forfheidhmiúcháin, áireoidh an t-údarás eisiúna, i gcás inarb iomchuí, aon fhaisnéis bhreise a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil chun meastóireacht a dhéanamh ar an bhféidearthacht go n-ardófaí foras diúltaithe i gcomhréir le hAirteagal 12.

4. Beidh éifeacht fionraíochta ag an bhfógra don údarás forfheidhmiúcháin dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo ar oibleagáidí an tseolaí mar a leagtar amach in Airteagal 10(2), ach amháin i gcásanna éigeandála mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (18).

Airteagal 9

Deimhniú um Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird (EPOC) agus Deimhniú um Ordú Caomhnaithe Eorpach (EPOC-PR).

1. Déanfar Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird nó Ordú Caomhnaithe Eorpach a tharchur chuig an seolaí mar a shainmhínítear in Airteagal 7, trí EPOC nó trí EPOC-PR.

Comhlánóidh an t-údarás eisiúna nó, i gcás inarb infheidhme, an t-údarás bailíochtaithe an EPOC a leagtar amach in Iarscríbhinn I nó an EPOC-PR a leagtar amach in Iarscríbhinn II, síneoidh sé é agus deimhneoidh sé go bhfuil an t-inneachar atá ann cruinn agus ceart.

2. Beidh an fhaisnéis a liostaítear i bpointí (a) go (h) de mhír 5 d'Airteagal 5 in EPOC, lena n-áirítear faisnéis leordhóthanach chun gur féidir leis an seolaí an t-údarás eisiúna agus an t-údarás forfheidhmiúcháin a shainaithint agus teagmháil a dhéanamh leo, más gá.

I gcás ina gceanglaítear fógra a thabhairt don údarás forfheidhmiúcháin de bhun Airteagal 8, beidh san EPOC a tharchuirtear chuig an údarás sin an fhaisnéis a liostaítear in Airteagal 5(5), pointí (a) go (j).

3. Beidh an fhaisnéis a liostaítear in Airteagal 6(4), pointí (a) go (f) in EPOC-PR, lena n-áirítear faisnéis atá leordhóthanach chun gur féidir leis an seolaí an t-údarás eisiúna a shainaithint agus teagmháil a dhéanamh leis.

4. Nuair is gá sin, déanfar an EPOC nó an EPOC-PR a aistriú go teanga oifigiúil de chuid an Aontais a bhfuil glacadh ag an seolaí léi dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Threoir (AE) 2023/1544. I gcás nár shonraigh an soláthraí seirbhíse aon teanga, déanfar an EPOC nó an EPOC-PR a aistriú go teanga oifigiúil de chuid an Bhallstáit ina bhfuil bunaíocht ainmnithe nó ionadaí dlíthiúil an tsoláthraí seirbhíse lonnaithe.

I gcás ina gceanglaítear fógra a thabhairt don údarás forfheidhmiúcháin de bhun Airteagal 8, déanfar an EPOC atá le tarchur chuig an údarás sin a aistriú go teanga oifigiúil de chuid an Stáit forfheidhmiúcháin nó go teanga oifigiúil eile de chuid an Aontais lena nglacann an Stát sin.

Airteagal 10

EPOC a fhorghníomhú

1. Ar EPOC a fháil, gníomhóidh an seolaí go gasta chun na sonraí atá á n-iarraidh ag an EPOC a chaomhnú.

2. I gcás ina gceanglaítear fógra a thabhairt don údarás forfheidhmiúcháin de bhun Airteagal 8 agus nach bhfuil aon fhoras diúltaithe ardaithe ag an údarás sin i gcomhréir le hAirteagal 12 laistigh de 10 lá tar éis an EPOC a fháil, áiritheoidh an seolaí go ndéanfar na sonraí a iarradh a tharchur go díreach chuig an údarás eisiúna nó chuig na húdaráis forfheidhmithe dlí, mar a léirítear san EPOC, ag deireadh na tréimhse 10 lá sin. I gcás ina ndeimhneoidh an t-údarás forfheidhmiúcháin roimh dheireadh na tréimhse 10 lá sin don údarás eisiúna agus don seolaí nach n-ardóidh sé aon fhoras diúltaithe, gníomhóidh an seolaí a luaithe is féidir tar éis an daingnithe sin agus ag deireadh na tréimhse 10 lá sin ar a dhéanaí.

3. I gcás nach gceanglaítear fógra a thabhairt don údarás forfheidhmiúcháin de bhun Airteagal 8, áiritheoidh an seolaí, ar EPOC a fháil, go ndéanfar na sonraí a iarradh a tharchur go díreach chuig an údarás eisiúna nó na húdaráis forfheidhmithe dlí, mar a léirítear san EPOC, laistigh de 10 lá ar a dhéanaí tar éis an EPOC a fháil.

4. I gcásanna éigeandála, déanfaidh an seolaí na sonraí a iarradh a tharchur gan moill mhíchuí, laistigh de 8 n-uair an chloig, ar a dhéanaí, tar éis an EPOC a fháil. I gcás ina gceanglaítear fógra a thabhairt don údarás forfheidhmiúcháin de bhun Airteagal 8, má chinneann an t-údarás forfheidhmiúcháin foras diúltaithe a ardú i gcomhréir le hAirteagal 12(1), gan mhoill agus ar a dhéanaí laistigh de 96 uair an chloig tar éis dó an fógra a fháil, féadfaidh sé fógra a thabhairt don údarás eisiúna agus don seolaí go sé bhfuil i gcoinne úsáid na sonraí nó nach féidir na sonraí a úsáid ach amháin faoi choinníollacha a shonróidh sé. I gcás ina n-ardaíonn an t-údarás forfheidhmiúcháin foras diúltaithe, más rud é go bhfuil na sonraí tarchurtha cheana féin ag an seolaí chuig an údarás eisiúna, déanfaidh an t-údarás eisiúna úsáid na sonraí a scriosadh nó a shrianadh ar bhealach eile nó, i gcás ina bhfuil coinníollacha sonraithe ag an údarás forfheidhmiúcháin, comhlíonfaidh an t-údarás eisiúna na coinníollacha sin agus úsáid á baint aige as na sonraí.

5. I gcás ina measann an seolaí, bunaithe ar an bhfaisnéis atá san EPOC amháin, go bhféadfadh forghníomhú an EPOC cur isteach ar dhíolúintí nó ar phribhléidí, nó ar rialacha maidir le dliteanas coiriúil a chinneadh nó a theorannú a bhaineann le saoirse an phreasa nó leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh i meáin eile, faoi dhlí an Stáit forfheidhmiúcháin, cuirfidh an seolaí an méid sin in iúl don údarás eisiúna agus don údarás forfheidhmiúcháin, san fhoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn III.

I gcás nár tugadh fógra don údarás forfheidhmiúcháin de bhun Airteagal 8, cuirfidh an t-údarás eisiúna an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo san áireamh, agus cinnfidh sé, ar a thionscnamh féin nó ar iarraidh ón údarás forfheidhmiúcháin, an ndéanfar an tOrdú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird a tharraingt siar, a oiriúnú nó a chothabháil.

I gcás inar tugadh fógra don údarás forfheidhmiúcháin de bhun Airteagal 8, cuirfidh an t-údarás eisiúna an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo san áireamh, agus cinnfidh sé an ndéanfar an tOrdú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird a tharraingt siar, a oiriúnú nó a choinneáil. Féadfaidh an t-údarás forfheidhmiúcháin a chinneadh na forais diúltaithe a leagtar amach in Airteagal 12 a ardú.

6. I gcás nach féidir leis an seolaí a oibleagáid a chomhlíonadh maidir le tabhairt ar aird na sonraí a iarradh toisc go bhfuil an EPOC neamhiomlán, go bhfuil earráidí follasacha ann nó nach bhfuil dóthain faisnéise ann chun an EPOC a fhorghníomhú, déanfaidh an seolaí, gan moill mhíchuí, an t-údarás eisiúna agus, i gcás inar tugadh fógra don údarás forfheidhmiúcháin de bhun Airteagal 8, an t-údarás forfheidhmiúcháin dá dtagraítear san EPOC a chur ar an eolas, agus déanfaidh sé soiléiriú a lorg, ag úsáid na foirme a leagtar amach in Iarscríbhinn III. Ag an am céanna, cuirfidh an seolaí in iúl don údarás eisiúna an bhféadfaí na sonraí atá á n-iarraidh a shainaithint agus na sonraí sin a chaomhnú mar a leagtar amach i mír 9 den Airteagal seo.

Freagróidh an t-údarás eisiúna go gasta agus ar a dhéanaí laistigh de 5 lá tar éis dó an fhoirm a fháil. Áiritheoidh an seolaí gur féidir leis an soiléiriú riachtanach nó aon cheartú arna sholáthar ag an údarás eisiúna a fháil, ionas go gcomhlíonfaidh an seolaí a chuid oibleagáidí mar a leagtar amach i míreanna 1 go 4. Ní bheidh feidhm ag na hoibleagáidí a leagtar amach i míreanna 1 go 4 go dtí go gcuirfidh an t-údarás eisiúna nó an t-údarás forfheidhmiúcháin soiléiriú nó ceartúchán den sórt sin ar fáil.

7. I gcás nach féidir leis an seolaí a oibleagáid a chomhlíonadh maidir le tabhairt ar aird na sonraí a iarradh de bharr dodhéantacht *de facto* mar gheall ar chúinsí nach bhfuil inchurtha i leith an tseolaí, déanfaidh an seolaí, gan moill mhíchuí, an t-údarás eisiúna agus, i gcás inar tugadh fógra don údarás forfheidhmiúcháin de bhun Airteagal 8, an t-údarás forfheidhmiúcháin dá dtagraítear san EPOC a chur ar an eolas, agus míneoidh sé na cúiseanna atá le dodhéantacht *de facto* sin, san fhoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn III. I gcás ina gcinnfidh an t-údarás eisiúna gur ann do dhodhéantacht den sórt sin, cuirfidh sé in iúl don seolaí, agus, i gcás inar tugadh fógra don údarás forfheidhmiúcháin de bhun Airteagal 8, don údarás forfheidhmiúcháin nach gá an EPOC a fhorghníomhú a thuilleadh.

8. I ngach cás nach gcuireann an seolaí na sonraí a iarradh ar fáil, nach gcuireann sé na sonraí a iarradh ar fáil go huileghabhálach nó nach gcuireann sé na sonraí a iarradh ar fáil laistigh den sprioc-am sonraithe, ar chúiseanna seachas na cúiseanna dá dtagraítear i míreanna 5, 6 agus 7 den Airteagal seo, déanfaidh an seolaí, gan moill mhíchuí agus ar a dhéanaí laistigh de na sprioc-amanna a leagtar amach i míreanna 2, 3 agus 4 den Airteagal seo, na cúiseanna sin a chur in iúl don údarás eisiúna agus, i gcás inar tugadh fógra don údarás forfheidhmiúcháin de bhun Airteagal 8, don údarás forfheidhmiúcháin dá dtagraítear san EPOC, san fhoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn III. Déanfaidh an t-údarás eisiúna athbhreithniú ar an Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird i bhfianaise na faisnéise arna soláthar ag an seolaí agus, más gá, socróidh sé sprioc-am nua don seolaí chun na sonraí a thabhairt ar aird.

9. Caomhnófar na sonraí, a mhéid is féidir, go dtí go dtabharfar ar aird iad, is cuma cé acu a iarrtar nó nach n-iarrtar na sonraí a thabhairt ar aird ar deireadh ar bhonn Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird agus a EPOC nó trí bhealaí eile, amhail cúnamh dlíthiúil frithpháirteach, nó go dtí go dtarraingeofar siar an tOrdú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird.

I gcás nach bhfuil gá a thuilleadh leis na sonraí a thabhairt ar aird agus iad a chaomhnú, cuirfidh an t-údarás eisiúna agus, i gcás inarb infheidhme de bhun Airteagal 16(8), an t-údarás forfheidhmiúcháin é sin in iúl don seolaí gan moill mhíchuí.

Airteagal 11

EPOC-PR a fhorghníomhú

1. Ar EPOC-PR a fháil, caomhnóidh an seolaí na sonraí a iarradh, gan moill mhíchuí. Tiocfaidh deireadh leis an oibleagáid na sonraí a chaomhnú tar éis 60 lá, mura ndeimhneoidh an t-údarás eisiúna, trí úsáid a bhaint as an bhfoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn V, gur eisíodh iarraidh ina dhiaidh sin ar fhianaise a thabhairt ar aird. Le linn na tréimhse 60 lá sin, féadfaidh an t-údarás eisiúna, ag úsáid na foirme a leagtar amach in Iarscríbhinn VI, tréimhse bhreise 30 lá a chur le ré na hoibleagáide na sonraí a chaomhnú, i gcás inar gá chun gur féidir iarraidh a eisiúint ina dhiaidh sin ar fhianaise a thabhairt ar aird.

2. Más rud é, le linn na tréimhse caomhnúcháin a leagtar amach i mír 1, go ndeimhníonn an t-údarás eisiúna gur eisíodh iarraidh ina dhiaidh sin ar fhianaise a thabhairt ar aird, caomhnóidh an seolaí na sonraí a fhad is gá chun na sonraí a thabhairt ar aird a luaithe a gheofar an iarraidh ina dhiaidh sin ar na sonraí a thabhairt ar aird.

3. I gcás nach mbíonn gá a thuilleadh leis an gcaomhnú, cuirfidh an t-údarás eisiúna na seolaithe ar an eolas gan moill mhíchuí agus cuirfear deireadh leis an oibleagáid maidir le caomhnú ar bhonn an Ordaithe Caomhnaithe Eorpaigh ábhartha.

4. I gcás ina measann an seolaí, bunaithe ar an bhfaisnéis atá san EPOC-PR amháin, go bhféadfadh forghníomhú an EPOC-PR cur isteach ar dhíolúintí nó ar phribhléidí, nó ar rialacha maidir le dliteanas coiriúil a chinneadh nó a theorannú a bhaineann le saoirse an phreasa nó leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh i meáin eile, faoi dhlí an Stáit forfheidhmiúcháin, cuirfidh an seolaí an méid sin in iúl don údarás eisiúna agus don údarás forfheidhmiúcháin, san fhoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn III.

Cuirfidh an t-údarás eisiúna an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad fhomhír san áireamh, agus cinnfidh sé, ar a thionscnamh féin nó ar iarraidh ón údarás forfheidhmiúcháin, an ndéanfar an tOrdú Caomhnaithe Eorpach a tharraingt siar, a oiriúnú nó a chothabháil.

5. I gcás nach féidir leis an seolaí a oibleagáid a chomhlíonadh maidir leis na sonraí a iarradh a chaomhnú toisc go bhfuil an EPOC-PR neamhiomlán, go bhfuil earráidí follasacha ann nó nach bhfuil dóthain faisnéise ann chun an EPOC-PR a fhorghníomhú, déanfaidh an seolaí, gan moill mhíchuí, an t-údarás eisiúna dá dtagraítear san EPOC-PR a chur ar an eolas agus soiléiriú a lorg, ag úsáid na foirme a leagtar amach in Iarscríbhinn III.

Freagróidh an t-údarás eisiúna go gasta agus laistigh de 5 lá tar éis an fhoirm a fháil ar a dhéanaí. Áiritheoidh an seolaí gur féidir leis an soiléiriú is gá nó aon cheartú arna sholáthar ag an údarás eisiúna a fháil chun go gcomhlíonfaidh an seolaí a chuid oibleagáidí mar a leagtar amach i míreanna 1, 2 agus 3. In éagmais freagairt ón údarás eisiúna laistigh den tréimhse cúig lá, beidh an soláthraí seirbhíse díolmhaithe ó na hoibleagáidí a leagtar amach i míreanna 1 agus 2.

6. I gcás nach féidir leis an seolaí a oibleagáid a chomhlíonadh maidir le caomhnú na sonraí a iarradh de bharr dodhéantacht *de facto* mar gheall ar chúinsí nach bhfuil inchurtha i leith an tseolaí, cuirfidh an seolaí é sin in iúl don údarás eisiúna dá dtagraítear san EPOC-PR gan moill mhíchuí agus míneoidh sé na cúiseanna atá leis an dodhéantacht *de facto* sin, agus úsáid á baint aige as an bhfoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn III. I gcás ina gcinnfidh an t-údarás eisiúna gur ann don dodhéantacht sin, cuirfidh sé in iúl don seolaí nach gá an EPOC-PR a fhorghníomhú a thuilleadh.

7. I ngach cás nach gcaomhnaíonn an seolaí na sonraí a iarradh, ar chúiseanna seachas na cúiseanna dá dtagraítear i míreanna 4, 5 agus 6, cuirfidh an seolaí na cúiseanna sin in iúl don údarás eisiúna, gan moill mhíchuí, ag úsáid na foirme a leagtar amach in Iarscríbhinn III. Déanfaidh an t-údarás eisiúna athbhreithniú ar an Ordú Caomhnaithe Eorpach i bhfianaise an údair arna sholáthar ag an seolaí.

Airteagal 12

Forais le hOrduithe Eorpacha chun Fianaise a Thabhairt ar Aird a dhiúltú

1. I gcás ina bhfuil fógra tugtha ag an údarás eisiúna don údarás forfheidhmiúcháin de bhun Airteagal 8, agus gan dochar d'Airteagal 1(3), déanfaidh an t-údarás forfheidhmiúcháin, a luaithe is féidir ach ar a dhéanaí laistigh de 10 lá tar éis an fógra a fháil, nó, i gcásanna éigeandála, ar a dhéanaí laistigh de 96 uair an chloig tar éis fógra den sórt sin a fháil, measúnú ar an bhfaisnéis atá leagtha amach san ordú agus, i gcás inarb iomchuí, déanfaidh sé ceann amháin nó níos mó de na forais diúltaithe seo a leanas a ardú:

(a) go bhfuil na sonraí a iarradh faoi chosaint ag díolúintí nó pribhléidí arna ndeonú faoi dhlí an Stáit forfheidhmiúcháin lena gcuirtear cosc ar fhorghníomhú nó forfheidhmiú an ordaithe, nó go bhfuil na sonraí a iarradh cumhdaithe ag rialacha maidir le dliteanas coiriúil a bhaineann le saoirse an phreasa nó leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh i meáin eile a chinneadh nó a theorannú, ar rialacha iad lena gcuirtear cosc ar fhorghníomhú nó ar fhorfheidhmiú an ordaithe;

(b) i gcásanna eisceachtúla, go bhfuil forais shubstaintiúla ann lena chreidiúint, ar bhonn fianaise shonrach agus oibiachtúil, go mbeadh sárú follasach ar cheart bunúsach ábhartha mar a leagtar amach in Airteagal 6 CAE agus sa Chairt i gceist le forghníomhú an ordaithe i gcúinsí áirithe an cháis;

(c) go mbeadh forghníomhú an ordaithe in aghaidh an phrionsabail *ne bis in idem*;

(d) nach ionann an t-iompar ar ina leith a eisíodh an t-ordú agus cion faoi dhlí an Stáit forfheidhmiúcháin, murar rud é go mbaineann sé le cion a liostaítear laistigh de na catagóirí cionta a leagtar amach in Iarscríbhinn IV, mar atá léirithe ag an údarás eisiúna san EPOC é, más rud é gur cion inphionóis sa Stát eisiúna é le pianbhreith coimeádta nó le hordú coinneála ar feadh uastréimhse 3 bliana ar a laghad;

2. I gcás ina n-ardaíonn an t-údarás forfheidhmiúcháin foras diúltaithe de bhun mhír 1, cuirfidh sé é sin in iúl don seolaí agus don údarás eisiúna. Cuirfidh an seolaí stop le forghníomhú an Ordaithe Eorpaigh chun Fianaise a Thabhairt ar Aird agus ní aistreoidh sé na sonraí, agus déanfaidh an t-údarás eisiúna an t-ordú a tharraingt siar.

3. Sula gcinnfidh sé foras diúltaithe a ardú, rachaidh an t-údarás forfheidhmiúcháin ar tugadh fógra dó de bhun Airteagal 8 i dteagmháil leis an údarás eisiúna trí aon bhealach iomchuí, chun na bearta iomchuí a bheidh le déanamh a phlé. Ar an mbonn sin, féadfaidh an t-údarás eisiúna cinneadh a dhéanamh an tOrdú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird a oiriúnú nó a tharraingt siar. Más rud é nach dtiocfar ar réiteach tar éis an phlé sin, féadfaidh an t-údarás forfheidhmiúcháin ar tugadh fógra dó de bhun Airteagal 8 a chinneadh forais a ardú chun an tOrdú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird a dhiúltú agus an t-údarás eisiúna agus an seolaí a chur ar an eolas dá réir sin.

4. I gcás ina gcinnfidh an t-údarás forfheidhmiúcháin forais diúltaithe a ardú de bhun mhír 1, féadfaidh sé a léiriú an bhfuil sé ag cur i gcoinne aistriú na sonraí go léir a iarradh san Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird nó an féidir na sonraí a aistriú nó a úsáid i bpáirt amháin faoi choinníollacha arna sonrú ag an údarás forfheidhmiúcháin.

5. I gcás gur ag údarás an Stáit forfheidhmiúcháin a bhíonn an chumhacht an díolúine nó an phribhléid a tharscaoileadh, mar a leagtar amach i mír 1, pointe (a), den Airteagal seo, féadfaidh an t-údarás eisiúna a iarraidh ar an údarás forfheidhmiúcháin dá dtugtar fógra de bhun Airteagal 8 dul i dteagmháil le húdarás sin an Stáit forfheidhmiúcháin sin gan mhoill chun iarraidh air an chumhacht sin a fheidhmiú. I gcás gur ag údarás Ballstáit eile nó údarás tríú tír nó eagraíocht idirnáisiúnta a bhíonn an chumhacht an díolúine nó an phribhléid a tharscaoileadh, féadfaidh an t-údarás eisiúna a iarraidh ar an údarás lena mbaineann an chumhacht sin a fheidhmiú.

Airteagal 13

Faisnéis agus rúndacht an úsáideora

1. Déanfaidh an t-údarás eisiúna, gan moill mhíchuí, an duine a bhfuil a chuid sonraí á n-iarraidh a chur ar an eolas faoi shonraí a thabhairt ar aird ar bhonn Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird.

2. Féadfaidh an t-údarás eisiúna, i gcomhréir le dlí náisiúnta an Stáit eisiúna, moill nó bac a chur ar an duine a bhfuil a chuid sonraí á n-iarraidh a chur ar an eolas, nó a chinneadh gan é a chur ar an eolas in aon chor, a mhéid a chomhlíontar, agus fad a chomhlíontar, na coinníollacha in Airteagal 13(3) de Threoir (AE) 2016/680, agus sa chás sin cuirfidh an t-údarás eisiúna na cúiseanna leis an moill, an srian nó an neamhghníomh in iúl i gcomhad an cháis. Cuirfear réasúnú gearr isteach san EPOC freisin.

3. Agus an duine a bhfuil a chuid sonraí á n-iarraidh dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo á chur ar an eolas, cuirfidh an t-údarás eisiúna faisnéis faoi na leigheasanna atá ar fáil de bhun Airteagal 18 san áireamh.

4. Déanfaidh na seolaithe agus, murab ionann iad, na soláthraithe seirbhíse na bearta oibríochtúla agus teicniúla úrscothacha is gá chun rúndacht, sicréideacht agus sláine an EPOC nó an EPOC-PR a áirithiú mar aon le rúndacht, sicréideacht agus sláine na sonraí a thabharfar ar aird nó a chaomhnófar.

Airteagal 14

Aisíocaíocht costas

1. Féadfaidh an soláthraí seirbhíse aisíocaíocht ar a chostais a éileamh ar an Stát eisiúna, má dhéantar foráil maidir leis an bhféidearthacht sin i ndlí náisiúnta an Stáit eisiúna le haghaidh orduithe intíre i gcásanna comhchosúla, i gcomhréir le dlí náisiúnta an Stáit sin. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoi na rialacha naisiúnta maidir le haisíocaíocht agus cuirfidh an Coimisiún ar fáil go poiblí iad.

2. Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le haisíocaíocht costas an chórais TF dhíláraithe dá dtagraítear in Airteagal 25.

CAIBIDIL III

PIONÓIS AGUS FORFHEIDHMIÚ

Airteagal 15

Pionóis

1. Gan dochar do na dlíthe náisiúnta lena bhforáiltear do phionóis choiriúla a fhorchur, leagfaidh na Ballstáit síos rialacha maidir le pionóis airgid is infheidhme maidir le sáruithe ar Airteagail 10 agus 11 agus ar Airteagal 13(4)(), i gcomhréir le hAirteagal 16(10), agus glacfaidh siad gach beart is gá chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na pionóis airgid dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeifear in ann pionóis airgid a fhorchur dar luach suas le 2 % de láimhdeachas iomlán domhanda bliantúil an tsoláthraí seirbhíse sa bhliain airgeadais roimhe sin. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na rialacha sin agus na bearta sin gan mhoill agus tabharfaidh siad fógra dó, gan mhoill, faoi aon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear dóibh.

2. Gan dochar d'oibleagáidí cosanta sonraí, ní bheidh soláthraithe seirbhíse faoi dhliteanas sna Ballstáit maidir le dochar a rinneadh dá n-úsáideoirí nó dá dtríú páirtithe, ar dochar é atá mar thoradh ar chomhlíonadh EPOC nó EPOC-PR de mheon macánta agus mar thoradh air sin amháin.

Airteagal 16

Nós imeachta maidir le forfheidhmiú

1. I gcás nach gcomhlíonann an seolaí EPOC laistigh den spriocdháta nó nach gcomhlíonann sé EPOC-PR, gan cúiseanna a nglacann an t-údarás eisiúna leo a chur ar fáil, agus, más infheidhme, i gcás nár agair an t-údarás forfheidhmiúcháin aon cheann de na forais diúltaithe dá bhforáiltear in Airteagal 12, féadfaidh an t-údarás eisiúna a iarraidh ar an údarás forfheidhmiúcháin an tOrdú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird nó an tOrdú Caomhnaithe Eorpach a fhorfheidhmiú.

Chun críche an fhorfheidhmithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír, aistreoidh an t-údarás eisiúna an t-ordú lena mbaineann, an fhoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn III arna líonadh isteach ag an seolaí, agus aon doiciméad ábhartha i gcomhréir le hAirteagal 19. Aistreoidh an t-údarás eisiúna an t-ordú lena mbaineann agus aon doiciméad atá le haistriú go ceann de na teangacha a nglacann an Stát forfheidhmiúcháin leo agus cuirfidh sé an seolaí ar an eolas faoin aistriú.

2. Ar a fháil sin dó, déanfaidh an t-údarás forfheidhmiúcháin, gan foirmiúlachtaí breise, aitheantas a thabhairt don mhéid seo a leanas, agus déanfaidh sé na bearta is gá chun an méid seo a leanas a fhorfheidhmiú:

(a) Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird, ach amháin i gcás ina measfaidh an t-údarás forfheidhmiúcháin go bhfuil feidhm ag ceann de na forais dá bhforáiltear i mír 4; nó

(b) Ordú Caomhnaithe Eorpach, ach amháin i gcás ina measfaidh an t-údarás forfheidhmiúcháin go bhfuil feidhm ag ceann de na forais dá bhforáiltear i mír 5.

Glacfaidh an t-údarás forfheidhmiúcháin an cinneadh maidir le haitheantas a thabhairt don ordú lena mbaineann gan moill mhíchuí agus tráth nach déanaí ná 5 lá oibre tar éis dó an t-ordú sin a fháil.

3. Cuirfidh an t-údarás forfheidhmiúcháin ceangal foirmiúil ar an seolaí a n-oibleagáidí ábhartha a chomhlíonadh, agus cuirfidh sé an seolaí ar an eolas faoin méid seo a leanas:

(a) an fhéidearthacht agóid a dhéanamh i gcoinne fhorghníomhú an ordaithe lena mbaineann trí cheann amháin nó níos mó de na forais a liostaítear i mír 4, pointí (a) go (f), nó i mír 5, pointí (a) go (e) a agairt;

(b) na pionóis is infheidhme i gcás neamhchomhlíonta; agus

(c) an sprioc-am chun é a comhlíonadh nó chun agóid a dhéanamh ina choinne.

4. Ní fhéadfar forfheidhmiú an Ordaithe Eorpaigh chun Fianaise a Thabhairt ar Aird a dhiúltú ach amháin ar bhonn ceann amháin nó níos mó de na forais seo a leanas:

(a) nár eisigh nó nár bhailíochtaigh údarás eisiúna amhail dá bhforáiltear in Airteagal 4 an tOrdú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird;

(b) nár eisíodh an tOrdú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird maidir le cion dá bhforáiltear le hAirteagal 5(4);

(c) nach bhféadfadh an seolaí an EPOC a chomhlíonadh de bharr dodhéantacht *de facto* mar gheall ar chúinsí nach bhfuil inchurtha i leith an tseolaí, nó de bhrí go bhfuil earráidí follasacha san EPOC;

(d) nach mbaineann an tOrdú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird le sonraí a bhí á stóráil ag an soláthraí seirbhíse ná le sonraí a bhí á stóráil thar a cheann tráth a fhaightear an EPOC;

(e) nach gcumhdaítear leis an Rialachán seo an tseirbhís;

(f) go bhfuil na sonraí a iarradh faoi chosaint ag díolúintí nó pribhléidí arna ndeonú faoi dhlí an Stáit forfheidhmiúcháin, nó go bhfuil na sonraí a iarradh cumhdaithe ag rialacha maidir le cinneadh nó teorannú dliteanais choiriúil a bhaineann le saoirse an phreasa nó leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh i meáin eile, lena gcuirtear cosc ar fhorghníomhú nó ar fhorfheidhmiú an Ordaithe Eorpaigh chun Fianaise a Thabhairt ar Aird;

(g) i gcásanna eisceachtúla, bunaithe ar an bhfaisnéis atá san EPOC amháin, gur léir go bhfuil forais shubstaintiúla ann lena chreidiúint, ar bhonn fianaise shonrach agus oibiachtúil, go mbeadh sárú follasach ar cheart bunúsach ábhartha mar a leagtar amach in Airteagal 6 CAE agus sa Chairt i gceist le forghníomhú an Ordaithe Eorpaigh chun Fianaise a Thabhairt ar Aird, i gcúinsí áirithe an cháis.

5. Ní fhéadfar forghníomhú an Ordaithe Caomhnaithe Eorpaigh a dhiúltú ach amháin ar bhonn ceann amháin nó níos mó de na forais seo a leanas:

(a) nár eisigh nó nár bhailíochtaigh údarás eisiúna amhail dá bhforáiltear in Airteagal 4 an tOrdú Caomhnaithe Eorpach;

(b) nach bhféadfadh an seolaí an EPOC-PR a chomhlíonadh de bharr dodhéantacht *de facto* mar gheall ar chúinsí nach bhfuil inchurtha i leith an tseolaí, nó de bhrí go bhfuil earráidí follasacha san EPOC-PR;

(c) nach mbaineann an tOrdú Caomhnaithe Eorpach le sonraí a bhí á stóráil ag an soláthraí seirbhíse ná le sonraí a bhí á stóráil thar a cheann tráth an EPOC-PR a fháil;

(d) nach gcumhdaítear le raon an Rialacháin seo an tseirbhís;

(e) go bhfuil na sonraí a iarradh faoi chosaint ag díolúintí nó ag pribhléidí arna ndeonú faoi dhlí an Stáit forfheidhmiúcháin, nó go bhfuil na sonraí a iarradh cumhdaithe ag rialacha maidir le dliteanas coiriúil a chinneadh nó a theorannú a bhaineann le saoirse an phreasa nó leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh i meáin eile, lena gcuirtear cosc ar fhorghníomhú nó ar fhorfheidhmiú an Ordaithe Caomhnaithe Eorpaigh;

(f) i gcásanna eisceachtúla, bunaithe ar an bhfaisnéis atá san EPOC-PR amháin, gur léir go bhfuil forais shubstaintiúla ann lena chreidiúint, ar bhonn fianaise shonrach agus oibiachtúil, go mbeadh sárú follasach ar cheart bunúsach ábhartha mar a leagtar amach in Airteagal 6 CAE agus sa Chairt i gceist le forghníomhú an Ordaithe Caomhnaithe Eorpaigh i gcúinsí áirithe an cháis.

6. I gcás ina ndéanfaidh an seolaí dá dtagraítear i mír 3, pointe (a) agóid, cinnfidh an t-údarás forfheidhmiúcháin cibé acu a fhorfheidhmeofar nó nach bhforfheidhmeofar an tOrdú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird nó an tOrdú Caomhnaithe Eorpach ar bhonn aon fhaisnéise arna soláthar ag an seolaí agus, más gá, ar bhonn faisnéis fhorlíontach a fuarthas ón údarás eisiúna i gcomhréir le mír 7.

7. Sula gcinnfidh sé gan an tOrdú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird nó an tOrdú Caomhnaithe Eorpach a aithint nó gan iad a fhorfheidhmiú i gcomhréir le mír 2 nó mír 6, faoi seach, rachaidh an t-údarás forfheidhmiúcháin i gcomhairle leis an údarás eisiúna trí aon bhealach iomchuí. Más iomchuí, iarrfaidh sé tuilleadh faisnéise ar an údarás eisiúna. Tabharfaidh an t-údarás eisiúna freagra ar aon iarraidh den sórt sin laistigh de 5 lá oibre.

8. Cuirfidh an t-údarás forfheidhmiúcháin a chinntí uile in iúl láithreach don údarás eisiúna agus don seolaí.

9. Má fhaigheann an t-údarás forfheidhmiúcháin na sonraí atá á n-iarraidh le hOrdú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird ón seolaí, tarchuirfidh sé na sonraí sin chuig an údarás eisiúna gan moill mhíchuí.

10. I gcás nach gcomhlíonfaidh an seolaí a chuid oibleagáidí faoi Ordú Eorpach aitheanta chun Fianaise a Thabhairt ar Aird nó faoi Ordú Caomhnaithe Eorpach aitheanta a bhfuil a in-fhorfheidhmitheacht deimhnithe ag an údarás forfheidhmiúcháin, forchuirfidh an t-údarás sin pionós airgid i gcomhréir le hAirteagal 15. Beidh leigheas breithiúnach éifeachtach ar fáil in aghaidh cinneadh maidir le pionós airgid a fhorchur.

CAIBIDIL IV

COINBHLEACHTAÍ DLÍ AGUS LEIGHEASANNA

Airteagal 17

Nós imeachta maidir le hathbhreithniú i gcás coinbhleachtaí oibleagáidí

1. I gcás ina measann seolaí go mbeadh comhlíonadh Ordaithe Eorpaigh chun Fianaise a Thabhairt ar Aird i gcoinbhleacht le hoibleagáid faoi dhlí is infheidhme tríú tír, cuirfidh sé in iúl don údarás eisiúna agus don údarás forfheidhmiúcháin na cúiseanna atá aige gan an tOrdú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird a fhorghníomhú, i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 10(8) agus (9), ag úsáid na foirme a leagtar amach in Iarscríbhinn III ('an agóid réasúnaithe').

2. Beidh na sonraí ábhartha ar fad a bhaineann le dlí an tríú tír san áireamh san agóid réasúnaithe, chomh maith lena infheidhmeacht i dtaca leis an gcás i dtrácht agus cineál na coinbhleachta oibleagáide. Ní bheidh an agóid réasúnaithe bunaithe ar an méid seo a leanas:

(a) nach ann d'fhorálacha comhchosúla maidir leis na coinníollacha, na foirmiúlachtaí agus na nósanna imeachta chun ordú chun fianaise a thabhairt ar aird a eisiúint i ndlí infheidhme an tríú tír; nó

(b) an fíoras go bhfuil na sonraí stóráilte i dtríú tír.

Déanfar an agóid réasúnaithe a chomhdú tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis an dáta a fuair an seolaí an EPOC.

3. Déanfaidh an t-údarás eisiúna athbhreithniú ar an Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird ar bhonn na hagóide réasúnaithe agus aon ionchuir arna soláthar ag an Stát forfheidhmiúcháin. I gcás ina bhfuil sé ar intinn ag an údarás eisiúna seasamh leis an Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird, iarrfaidh sé athbhreithniú ó chúirt inniúil an Stáit eisiúna. Cuirfear forghníomhú an Ordaithe Eorpaigh chun Fianaise a Thabhairt ar Aird ar fionraí nó go mbeidh an nós imeachta athbhreithnithe curtha i gcrích.

4. Ar gcéad dul síos, déanfaidh an chúirt inniúil measúnú an bhfuil coinbhleacht ann maidir le hoibleagáidí, bunaithe ar scrúdú a dhéanamh:

(a) i dtaobh an bhfuil dlí an tríú tír infheidhme, bunaithe ar chúinsí sonracha an cháis i dtrácht; agus

(b) i dtaobh an dtoirmisctear nochtadh na sonraí lena mbaineann le dlí an tríú tír, más infheidhme amhail dá dtagraítear i bpointe (a), nuair a chuirtear i bhfeidhm é maidir le himthosca sonracha an cháis atá i gceist.

5. I gcás ina gcinnfidh an chúirt inniúil nach ann d'aon choinbhleacht ábhartha oibleagáidí de réir bhrí mhíreanna 1 agus 4, seasfaidh sí leis an Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird.

6. I gcás ina suífidh an chúirt inniúil, bunaithe ar an scrúdú de bhun mhír 4, pointe (b), go dtoirmeasctar nochtadh na sonraí lena mbaineann faoi dhlí an tríú tír, cinnfidh an chúirt inniúil an seasfar leis an Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird nó an gcuirfear deireadh leis. Bunófar an measúnú sin go háirithe ar bhonn na bhfachtóirí seo a leanas, agus urraim ar leith á tabhairt ar na fachtóirí dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b):

(a) an leas atá á chosaint ag dlí ábhartha an tríú tír, lena n-áirítear cearta bunúsacha chomh maith le leasanna bunúsacha eile lena gcoisctear nochtadh na sonraí, go háirithe leasanna slándála náisiúnta an tríú tír;

(b) méid an naisc idir an cás coiriúil ar eisíodh an tOrdú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird ina leith agus ceachtar den dá dhlínse, mar a léirítear *inter alia* le:

(i) suíomh, náisiúntacht agus áit chónaithe an duine a bhfuil a chuid sonraí á n-iarraidh nó suíomh, náisiúntacht agus áit chónaithe íospartach nó íospartaigh an chiona choiriúil atá i gceist;

(ii) an áit a ndearnadh an cion coiriúil i dtrácht;

(c) méid an naisc atá idir an soláthraí seirbhíse agus an tríú tír i dtrácht; sa chomhthéacs sin, ní leor suíomh stórála sonraí amháin chun nasc substaintiúil a bhunú;

(d) leasanna an Stáit imscrúdaithe, ar leasanna iad a bhaineann leis an bhfianaise lena mbaineann a fháil, bunaithe ar thromchúis an chiona agus ar an tábhacht a bhaineann le fianaise a fháil ar bhealach gasta;

(e) na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann don seolaí nó don soláthraí seirbhíse dá ndéanfaidís an tOrdú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird a chomhlíonadh, lena n-áirítear na pionóis a d'fhéadfadh a bheith ann.

7. Féadfaidh an chúirt inniúil faisnéis a iarraidh ar údarás inniúil an tríú tír, agus Treoir (AE) 2016/680 á cur san áireamh aici, go háirithe Caibidil V di, agus a mhéid nach gcuirtear bac ar na himeachtaí coiriúla ábhartha leis an iarraidh sin. Go háirithe, iarrfaidh an Stát eisiúna faisnéis ar údarás inniúil an tríú tír i gcás ina mbaineann an choinbhleacht oibleagáidí le cearta bunúsacha nó leasanna bunúsacha eile de chuid an tríú tír a bhaineann le slándáil agus cosaint náisiúnta.

8. Má chinneann an chúirt inniúil an tOrdú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird a chur i leataobh, cuirfidh sí é sin in iúl don údarás eisiúna agus don seolaí. Má chinneann an chúirt inniúil go seasfar leis an Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird, cuirfidh sí é sin in iúl don údarás eisiúna agus don seolaí, agus rachaidh an seolaí sin ar aghaidh le forghníomhú an Ordaithe Eorpaigh chun Fianaise a Thabhairt ar Aird.

9. Chun críocha na nósanna imeachta faoin Airteagal seo, déanfar na teorainneacha ama a ríomh i gcomhréir le dlí náisiúnta an údaráis eisiúna.

10. Cuirfidh an t-údarás eisiúna an t-údarás forfheidhmiúcháin ar an eolas faoi thoradh an nós imeachta um athbhreithniú.

Airteagal 18

Leigheasanna éifeachtacha

1. Gan dochar a do leigheasanna dlíthiúla breise atá ar fáil i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, beidh sé de cheart ag aon duine a raibh a chuid sonraí á n-iarraidh trí Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird, leigheasanna éifeachtacha a fháil in aghaidh an ordaithe sin. I gcás inar duine atá faoi dhrochamhras nó atá cúisithe an duine sin, beidh de cheart aige leigheasanna éifeachtacha a fháil le linn na n-imeachtaí coiriúla ina raibh na sonraí in úsáid. Beidh an ceart chun leigheasanna éifeachtacha dá dtagraítear sa mhír seo gan dochar don cheart leigheasanna a lorg faoi Rialachán (AE) 2016/679 agus faoi Threoir (AE) 2016/680.

2. Déanfar an ceart chun leigheasanna éifeachtacha a fheidhmiú os comhair cúirte sa Stát eisiúna i gcomhréir lena dhlí náisiúnta agus cuirfear san áireamh ann an fhéidearthacht agóid a dhéanamh i gcoinne dhlíthiúlacht an bhirt, lena n-áirítear a riachtanas agus a chomhréireacht, gan dochar do ráthaíochtaí maidir le cearta bunúsacha sa Stát forfheidhmiúcháin.

3. Chun críocha Airteagal 13(1), cuirfear faisnéis ar fáil in am trátha faoi na féidearthachtaí faoin dlí náisiúnta maidir le leigheasanna a lorg agus áiritheofar gur féidir iad a fheidhmiú go héifeachtach.

4. Beidh feidhm ag na teorainneacha ama céanna nó ag na coinníollacha céanna eile chun leigheasanna a lorg i gcásanna intíre comhchosúla chun críocha an Rialacháin seo agus ar bhealach a ráthaíonn gur féidir leis na daoine lena mbaineann a gceart chun na leigheasanna sin a fheidhmiú go héifeachtach.

5. Gan dochar do rialacha nós imeachta náisiúnta, áiritheoidh an Stát eisiúna agus aon Bhallstát eile ar tarchuireadh fianaise leictreonach chuige faoin Rialachán seo go n-urramófar cearta cosanta agus cothroime na n-imeachtaí agus measúnú á dhéanamh ar fhianaise a fhaightear tríd an Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird.

CAIBIDIL V

CÓRAS TF DÍLÁRAITHE

Airteagal 19

Cumarsáid dhigiteach shlán agus malartú sonraí slán idir údaráis inniúla agus soláthraithe seirbhíse agus idir údaráis inniúla

1. Is trí chóras TF díláraithe ('an córas TF díláraithe') atá slán agus iontaofa a dhéanfar cumarsáid i scríbhinn idir údaráis inniúla agus bunaíochtaí ainmnithe nó ionadaithe dlíthiúla faoin Rialachán seo, lena n-áirítear malartú na bhfoirmeacha dá bhforáiltear sa Rialachán seo agus na sonraí a iarradh faoi Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird nó faoi Ordú Caomhnaithe Eorpach.

2. Áiritheoidh gach Ballstát go dtabharfar rochtain ar an gcóras TF díláraithe do bhunaíochtaí ainmnithe nó d'ionadaithe dlíthiúla soláthraithe seirbhíse atá lonnaithe sa Bhallstát sin trína gcóras TF náisiúnta faoi seach.

3. Áiritheoidh soláthraithe seirbhíse gur féidir lena mbunaíochtaí ainmnithe nó lena n-ionadaithe dlíthiúla an córas TF díláraithe a úsáid tríd an gcóras TF náisiúnta faoi seach chun EPOCanna agus EPOC-PRanna a fháil, na sonraí a iarradh a sheoladh chuig an údarás eisiúna agus cumarsáid a dhéanamh ar aon bhealach eile leis an údarás eisiúna agus leis an údarás forfheidhmiúcháin, dá bhforáiltear sa Rialachán seo.

4. Is tríd an gcóras TF díláraithe a dhéanfar cumarsáid i scríbhinn idir údaráis inniúla faoin Rialachán seo, lena n-áirítear malartú foirmeacha dá bhforáiltear sa Rialachán seo, agus na sonraí a iarradh faoin nós imeachta um fhorfheidhmiú dá bhforáiltear in Airteagal 16, chomh maith le cumarsáid i scríbhinn le gníomhaireachtaí nó comhlachtaí inniúla de chuid an Aontais.

5. I gcás nach féidir cumarsáid leictreonach tríd an gcóras TF díláraithe a dhéanamh i gcomhréir le mír 1 nó mír 4 de bharr, mar shampla, cur isteach ar an gcóras TF díláraithe, cineál an ábhair a tarchuireadh, teorainneacha teicniúla, amhail méid na sonraí, srianta dlíthiúla a bhaineann le hinghlacthacht na sonraí a iarradh mar fhianaise nó le ceanglais fhóiréinseacha is infheidhme maidir leis na sonraí a iarradh, nó cúinsí eisceachtúla, déanfar an tarchur trí na modhanna malartacha is iomchuí, agus an gá atá le malartú faisnéise atá gasta, slán agus iontaofa a áirithiú á chur san áireamh, agus faoinar féidir leis an údarás forfheidhmiúcháin barántúlacht a bhunú.

6. I gcás ina ndéantar tarchur trí mhodhanna malartacha dá bhforáiltear i mír 5, déanfaidh tionscnóir an tarchuir an tarchur a thaifeadadh sa chóras TF díláraithe gan moill mhíchuí, lena n-áirítear, de réir mar is iomchuí, dáta agus am an tarchurtha, an seoltóir agus an faighteoir, ainm an chomhaid agus a mhéid.

Airteagal 20

Éifeachtaí dlíthiúla ríomhdhoiciméad

Ní dhiúltófar éifeacht dhlíthiúil a bheith ag doiciméid a tharchuirfear mar chuid de chumarsáid leictreonach agus ní mheasfar go bhfuil siad neamh-inghlactha i gcomhthéacs nósanna imeachta breithiúnacha trasteorann faoin Rialachán seo ar an bhforas amháin gur i bhfoirm leictreonach atá siad.

Airteagal 21

Sínithe agus séalaí leictreonacha

1. An creat dlíthiúil ginearálta le haghaidh úsáid seirbhísí iontaoibhe a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 910/2014, beidh feidhm aige maidir le cumarsáid leictreonach faoin Rialachán seo.

2. I gcás ina n-éilítear séala nó síniú i gcomhréir leis an Rialachán seo le doiciméad arna tharchur mar chuid den chumarsáid leictreonach faoi Airteagal 19(1) nó (4) den Rialachán seo, beidh ríomhshéala cáilithe nó ríomhshíniú cáilithe mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 sa doiciméad.

Airteagal 22

Bogearraí cur chun feidhme tagartha

1. Beidh an Coimisiún freagrach as bogearraí cur chun feidhme tagartha a chruthú, a chothabháil agus a fhorbairt, ar bogearraí iad a fhéadfaidh Ballstáit a chur i bhfeidhm mar a gcóras cúil seachas córas TF náisiúnta. Déanfar cruthú, cothabháil agus forbairt na mbogearraí cur chun feidhme tagartha a mhaoiniú le buiséad ginearálta an Aontais.

2. Déanfaidh an Coimisiún na bogearraí cur chun feidhme tagartha a sholáthar agus a chothabháil saor in aisce agus tacóidh sé leo saor in aisce.

Airteagal 23

Costas an chórais TF dhíláraithe

1. Seasfaidh gach Ballstát na costais a bhaineann le suiteáil, oibriú agus cothabháil phointí rochtana an chórais TF dhíláraithe as a bhfuil an Ballstát sin freagrach.

2. Seasfaidh gach Ballstát na costais a bhaineann lena gcórais TF náisiúnta ábhartha a bhunú agus a choigeartú chun iad a dhéanamh idir-inoibritheach leis na pointí rochtana, agus seasfaidh siad na costais a bhaineann leis na córais sin a riar, a fheidhmiú agus a chothabháil.

3. Is iad gníomhaireachtaí agus comhlachtaí an Aontais a bheidh freagrach as na costais a bhaineann le suiteáil, oibriú agus cothabháil na gcomhpháirteanna sin ina bhfuil an córas TF díláraithe atá faoina gcúram.

4. Seasfaidh gníomhaireachtaí agus comhlachtaí an Aontais na costais a bhaineann lena gcórais bainistithe cásanna a bhunú agus a choigeartú chun go mbeidh siad idir-inoibritheach leis na pointí rochtana, agus seasfaidh siad na costais a bhaineann leis na córais sin a riar, a oibriú agus a chothabháil.

5. Seasfaidh soláthraithe seirbhíse na costais uile is gá chun gur féidir leo an córas TF díláraithe a chomhtháthú go rathúil nó idirghníomhú leis ar bhealach eile.

Airteagal 24

Idirthréimhse

Sula dtiocfaidh an oibleagáid cumarsáid i scríbhinn a dhéanamh tríd an gcóras TF díláraithe dá dtagraítear in Airteagal 19 i bhfeidhm ('idirthréimhse'), déanfar an chumarsáid i scríbhinn idir údaráis inniúla agus bunaíochtaí ainmnithe nó ionadaithe dlíthiúla faoin Rialachán seo trí na modhanna malartacha is iomchuí, agus an gá atá le malartú gasta, slán agus iontaofa faisnéise a áirithiú á chur san áireamh. Sa chás go bhfuil ardáin thiomnaithe nó bealaí slána eile bunaithe ag soláthraithe seirbhíse, ag Ballstáit nó ag gníomhaireachtaí nó comhlachtaí de chuid an Aontais chun láimhseáil a dhéanamh ar iarrataí ar shonraí ó údaráis um fhorfheidhmiú an dlí nó ó údaráis bhreithiúnacha, féadfaidh údaráis eisiúna a roghnú freisin EPOC nó EPOC-PR a tharchur trí na bealaí sin chuig bunaíochtaí ainmnithe nó chuig ionadaithe dlíthiúla le linn na hidirthréimhse.

Airteagal 25

Gníomhartha cur chun feidhme

1. Glacfaidh an Coimisiún na gníomhartha cur chun feidhme is gá chun an córas TF díláraithe le haghaidh na cumarsáide a bhunú agus a úsáid chun críocha an Rialacháin seo, lena leagtar amach an méid seo a leanas:

(a) na sonraíochtaí teicniúla lena sainítear na modhanna cumarsáide trí mheán leictreonach chun críocha an chórais TF dhíláraithe;

(b) na sonraíochtaí teicniúla le haghaidh prótacail chumarsáide;

(c) na cuspóirí slándála faisnéise agus na bearta teicniúla ábhartha lena n-áirithítear íoschaighdeáin slándála faisnéise agus ardleibhéal cibearshlándála maidir le próiseáil agus cumarsáid faisnéise laistigh den chóras TF díláraithe;

(d) na híoschuspóirí infhaighteachta agus na ceanglais theicniúla ghaolmhara fhéideartha i ndáil leis na seirbhísí a sholáthraítear leis an gcóras TF díláraithe.

2. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 26.

3. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 faoin 18 Lúnasa 2025.

Airteagal 26

Nós imeachta coiste

1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

CAIBIDIL VI

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 27

Teangacha

Féadfaidh gach Ballstát a chinneadh, tráth ar bith, go nglacfaidh sé le haistriúcháin de EPOCanna agus EPOC-PRanna i dteanga oifigiúil amháin nó níos mó de chuid an Aontais mar aon lena dteanga oifigiúil nó lena dteangacha oifigiúla, agus cuirfidh sé an cinneadh sin in iúl i ndearbhú i scríbhinn arna chur faoi bhráid an Choimisiúin. Cuirfidh an Coimisiún na dearbhuithe ar fáil do na Ballstáit uile agus don Ghréasán Breithiúnach Eorpach.

Airteagal 28

Faireachán agus tuairisciú

1. Faoin 18 Lúnasa 2026, bunóidh an Coimisiún clár mionsonraithe chun faireachán a dhéanamh ar aschuir, ar thorthaí agus ar thionchair an Rialacháin seo. Leis an gclár faireacháin, leagfar amach na modhanna trína mbaileofar na sonraí chomh maith leis na tréimhsí ama ina ndéanfar sin. Sonrófar ann an ghníomhaíocht a dhéanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit le linn dóibh na sonraí a bhailiú agus a anailísiú.

2. In aon chás, ón 18 Lúnasa 2026, baileoidh na Ballstáit staidreamh cuimsitheach agus coimeádfaidh siad taifead de staidreamh den sórt sin. Déanfar na sonraí a bailíodh don bhliain féilire roimhe sin a chur chuig an gCoimisiún gach bliain faoin 31 Márta, agus beidh an méid seo a leanas san áireamh iontu:

(a) an líon EPOCanna agus EPOC-PRanna a eisíodh de réir na gcineálacha sonraí a iarradh, de réir na seolaithe agus de réir an cháis (cás éigeandála nó eile);

(b) an líon EPOCanna a eisíodh faoi mhaoluithe i gcás éigeandála;

(c) an líon EPOCanna agus EPOC-PRanna a comhlíonadh agus nár comhlíonadh de réir na gcineálacha sonraí a iarradh, de réir na seolaithe agus de réir an cháis (cás éigeandála nó eile);

(d) an líon fógraí chuig na húdaráis forfheidhmiúcháin de bhun Airteagal 8, agus líon na EPOCanna a diúltaíodh, de réir na gcineálacha sonraí a iarradh, de réir na seolaithe, de réir an cháis (cás éigeandála nó eile) agus de réir an fhorais leis an diúltú a ardaíodh;

(e) i gcás EPOCanna a comhlíonadh, an mheántréimhse idir an nóiméad a eisíodh an EPOC agus an nóiméad a fuarthas na sonraí a iarradh, de réir na gcineálacha sonraí a iarradh, de réir na seolaithe agus de réir an cháis (cás éigeandála nó eile);

(f) i gcás EPOC-PRanna a comhlíonadh, an mheántréimhse idir an nóiméad a eisíodh an EPOC-PR agus an nóiméad a eisíodh an iarraidh ina dhiaidh sin ar fhianaise a thabhairt ar aird, de réir na gcineálacha sonraí a iarradh agus de réir na seolaithe;

(g) an líon Orduithe Eorpacha chun Fianaise a Thabhairt ar Aird nó an líon Orduithe Caomhnaithe Eorpacha arna dtarchur chuig Stát forfheidhmiúcháin agus arna bhfáil aige lena bhforfheidhmiú de réir na gcineálacha sonraí a iarradh, de réir na seolaithe agus de réir an cháis (cás éigeandála nó eile) agus líon na n-orduithe den sórt sin a comhlíonadh;

(h) an líon leigheasanna dlíthiúla arna n-úsáid in aghaidh Orduithe Eorpacha chun Fianaise a Thabhairt ar Aird sa Stát eisiúna agus sa Stát forfheidhmiúcháin de réir chineál na sonraí a iarradh.

(i) an líon cásanna nár deonaíodh bailíochtú *ex post* ina leith i gcomhréir le hAirteagal 4(5);

(j) forléargas ar na costais a d'éiligh soláthraithe seirbhíse i ndáil le EPOCanna nó EPOC-PRanna a fhorghníomhú agus ar na costais a d'aisíoc na húdaráis eisiúna.

3. Ón 18 Lúnasa 2026, maidir leis na malartuithe sonraí a dhéanfar tríd an gcóras TF díláraithe de bhun Airteagal 19 (1), féadfar an staidreamh dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo a bhailiú ar bhonn ríomhchláraithe le tairseacha náisiúnta. Na bogearraí cur chun feidhme tagartha dá dtagraítear in Airteagal 22, beidh an trealamh teicniúil iomchuí acu chun an fheidhmiúlacht sin a sholáthar.

4. Féadfaidh soláthraithe seirbhíse staidreamh a bhailiú, taifead díobh a choimeád agus iad a fhoilsiú i gcomhréir leis na prionsabail maidir le cosaint sonraí atá ann cheana. Má bhailítear aon staidreamh den sórt sin don bhliain féilire roimhe sin, féadfar iad a chur chuig an gCoimisiún faoin 31 Márta agus féadfar na nithe seo a leanas a áireamh leo, a mhéid is féidir:

(a) an líon EPOCanna agus EPOC-PRanna a fuarthas de réir na gcineálacha sonraí a iarradh, de réir an Stáit eisiúna agus de réir an cháis (cás éigeandála nó eile);

(b) an líon EPOCanna agus EPOC-PRanna a comhlíonadh agus nár comhlíonadh de réir na gcineálacha sonraí a iarradh, de réir an Stáit eisiúna agus de réir an cháis (cás éigeandála nó eile);

(c) i gcás EPOCanna a comhlíonadh, an mheántréimhse a theastaíonn chun na sonraí a iarradh a chur ar fáil ón nóiméad a fuarthas an EPOC go dtí an nóiméad a soláthraíodh na sonraí, de réir na gcineálacha sonraí a iarradh, de réir an Stáit eisiúna agus de réir an cháis (cás éigeandála nó eile);

(d) i gcás EPOC-PRanna a comhlíonadh, an mheántréimhse idir an nóiméad a eisíodh an EPOC-PR agus an nóiméad a eisítear an iarraidh ina dhiaidh sin ar fhianaise a thabhairt ar aird, de réir na gcineálacha sonraí a iarradh agus de réir an Stáit eisiúna.

5. Ón 18 Lúnasa 2027, déanfaidh an Coimisiún, faoin 30 Meitheamh gach bliain, tuarascáil a fhoilsiú ina mbeidh na sonraí dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3 i bhfoirm thiomsaithe, arna bhforoinnt de réir an Bhallstáit agus chineál an tsoláthraí seirbhíse.

Airteagal 29

Leasuithe ar na deimhnithe agus ar na foirmeacha

Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 30 chun Iarscríbhinní I, II, III, V agus VI a leasú chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar an ngá a d'fhéadfadh a bheith le feabhsuithe maidir le hinneachar na bhfoirmeacha EPOC agus EPOC-PR agus na bhfoirmeacha a bheidh le húsáid chun faisnéis a sholáthar maidir le dodhéantacht EPOC nó EPOC-PR a fhorghníomhú, chun eisiúint iarrata ar fhianaise a thabhairt ar aird tar éis Ordú Caomhnaithe Eorpach a dheimhniú agus chun síneadh a chur le caomhnú fianaise leictreonaí.

Airteagal 30

An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 29 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón 18 Lúnasa 2026.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 29 a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 29 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 31

Fógraí a thabhairt don Choimisiún

1. Faoin 18 Lúnasa 2025, tabharfaidh gach Ballstát fógra don Choimisiún faoin méid seo a leanas:

(a) an t-údarás nó na húdaráis atá, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, inniúil i gcomhréir le hAirteagal 4 chun Orduithe Eorpacha chun Fianaise a Thabhairt ar Aird agus Orduithe Caomhnaithe Eorpacha, nó fógraí fúthu sin, a eisiúint, a bhailíochtú nó a tharchur;

(b) an t-údarás nó na húdaráis atá inniúil chun fógraí a fháil de bhun Airteagal 8 agus chun Orduithe Eorpacha chun Fianaise a Thabhairt ar Aird agus Orduithe Caomhnaithe Eorpacha a fhorfheidhmiú thar ceann Ballstát eile i gcomhréir le hAirteagal 16;

(c) an t-údarás nó na húdaráis atá inniúil chun déileáil le hagóidí réasúnaithe ó sheolaithe i gcomhréir le hAirteagal 17;

(d) na teangacha a nglactar leo, i gcomhréir le hAirteagal 27, chun fógra a thabhairt faoi EPOC, EPOC-PR, Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird nó Ordú Caomhnaithe Eorpach, i gcás forfheidhmithe, agus chun é a tharchur.

2. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis a fuarthas faoin Airteagal seo ar fáil don phobal, ar shuíomh gréasáin tiomnaithe nó ar shuíomh gréasáin an Ghréasáin Bhreithiúnaigh Eorpaigh in ábhair choiriúla dá dtagraítear in Airteagal 9 de Chinneadh 2008/976/CGB ón gComhairle ([33]).

Airteagal 32

An gaol le hionstraimí, comhaontuithe agus socruithe eile

1. Ní dhéanann an Rialachán seo difear d'ionstraimí, comhaontuithe agus socruithe de chuid an Aontais ná d'ionstraimí, comhaontuithe agus socruithe idirnáisiúnta eile maidir le bailiú fianaise a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo.

2. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoin 18 Lúnasa 2026 maidir le haon ionstraimí, comhaontuithe agus socruithe atá ann cheana dá dtagraítear i mír 1 a chuirfidh siad i bhfeidhm i gcónaí. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún laistigh de 3 mhí faoi aon chomhaontú nó socrú nua a síníodh dá dtagraítear i mír 1.

Airteagal 33

Measúnú

Faoin 18 Lúnasa 2029, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an Rialachán seo. Tarchuirfidh an Coimisiún tuarascáil mheastóireachta chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus chuig Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha. Mar chuid den tuarascáil mheastóireachta sin, beidh measúnú ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus ar na torthaí a baineadh amach i dtaobh na gcuspóirí atá leis mar aon le measúnú ar thionchar an Rialacháin seo ar na cearta bunúsacha. Déanfar an mheastóireacht i gcomhréir leis na treoirlínte an Choimisiúin maidir le reachtóireacht níos fearr. Soláthróidh na Ballstáit an fhaisnéis is gá don Choimisiún chun an tuarascáil mheastóireachta a ullmhú.

Airteagal 34

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

1. Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([33]) Cinneadh 2008/976/CGB ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir leis an nGréasán Breithiúnach Eorpach (IO L 348, 24.12.2008, lch. 130).

2. Beidh feidhm aige ón 18 Lúnasa 2026.

Maidir leis an oibleagáid atá ar na húdaráis inniúla agus soláthraithe seirbhíse úsáid a bhaint as an gcóras TF díláraithe a bhunaítear in Airteagal 19 le haghaidh cumarsáid i scríbhinn faoin Rialachán seo, áfach, beidh feidhm aici ó 1 bhliain tar éis ghlacadh na ngníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 25.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh in Strasbourg an 12 Iúil 2023.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*
R. METSOLA	P. NAVARRO RÍOS

IARSCRÍBHINN I

DEIMHNIÚ UM ORDÚ EORPACH CHUN FIANAISE A THABHAIRT AR AIRD (EPOC) MAIDIR LE FIANAISE LEICTREONACH A THABHAIRT AR AIRD

Faoi Rialachán (AE) 2023/1543 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), ní mór do sheolaí an Deimhnithe um Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird sin (EPOC) an EPOC sin a fhorghníomhú agus caithfidh sé na sonraí a iarradh a tharchur i gcomhréir leis na spriocdhátaí arna sonrú i gCuid C den EPOC sin chuig an údarás inniúil a luaitear faoi phointe (a) de Chuid L den EPOC sin.

I ngach cás, ní mór don seolaí, tar éis dó an EPOC a fháil, gníomhú go gasta chun na sonraí a iarradh a chaomhnú, ach amháin má fhágann an fhaisnéis atá san EPOC nach féidir leis na sonraí sin a aithint. Ní mór na sonraí a chaomhnú i gcónaí go dtí go dtabharfar na sonraí ar aird nó go dtí go léireoidh an t-údarás eisiúna nó, i gcás inarb infheidhme, an t-údarás forfheidhmiúcháin nach bhfuil gá a thuilleadh leis na sonraí a chaomhnú agus a thabhairt ar aird.

Ní mór don seolaí na bearta is gá a dhéanamh chun rúndacht agus sláine an EPOC agus na sonraí a thabharfar ar aird nó a chaomhnófar a áirithiú.

CUID A: Údarás eisiúna/bailíochtaithe

An Stát eisiúna: .....

An t-údarás eisiúna: .....

An t-údarás bailíochtaithe (i gcás inarb infheidhme): .....

NB: tá sonraí an údaráis eisiúna agus bailíochtaithe le soláthar ag an deireadh (Codanna I agus J) .....

Uimhir chomhaid an údaráis eisiúna: .....

Uimhir chomhaid an údaráis bailíochtaithe: .....

CUID B: Seolaí

An seolaí: .....

☐ Bunaíocht ainmnithe

☐ Ionadaí dlíthiúil

☐ Cuirtear an t-ordú seo ar fáil i gcás éigeandála don seolaí atá sonraithe toisc nár thug an bhunaíocht ainmnithe nó ionadaí dlíthiúil an tsoláthraí seirbhíse freagra ar an EPOC laistigh de na sprioc-amanna a leagtar amach in Airteagal 10 de Rialachán (AE) 2023/1543 nó nár ainmníodh nó nár ceapadh é laistigh de na sprioc-amanna a leagtar amach i dTreoir (AE) 2023/1544 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2])

Seoladh: .....

Uimh. Theileafóin/Uimh. Facs/Seoladh Ríomhphoist (más eol): .....

Teagmhálaí (más eol): .....

Uimhir chomhaid an tseolaí (más eol): .....

An soláthraí seirbhíse lena mbaineann (murab ionann é agus an seolaí): .....

Aon fhaisnéis ábhartha eile: .....

([1]) Rialachán (AE) 2023/1543 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2023 maidir le hOrduithe Eorpacha chun Fianaise a Thabhairt ar Aird agus Orduithe Caomhnaithe Eorpacha i gcomhair fianaise leictreonach in imeachtaí coiriúla agus forghníomhú pianbhreitheanna coimeádta tar éis imeachtaí coiriúla (IO L 191, 28.7.2023, lch. 118).

([2]) Treoir (AE) 2023/1544 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2023 lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir le bunaíochtaí ainmnithe a ainmniú agus ionadaithe dlíthiúla a cheapadh chun críche fianaise leictreonach a bhailiú in imeachtaí coiriúla (IO L 191, 28.7.2023, lch. 181).

CUID C: Spriocdhátaí (cuir tic leis an mbosca cuí agus comhlánaigh más gá)

Tar éis an EPOC a fháil, ní mór na sonraí arna n-iarraidh a thabhairt ar aird:

☐ a luaithe is féidir agus ar a dhéanaí laistigh de 10 lá (i gcás nach dtugtar fógra don údarás forfheidhmiúcháin)

☐ i gcás ina dtugtar fógra don údarás forfheidhmiúcháin: ag deireadh na tréimhse deich lá, i gcás nach bhfuil foras diúltaithe ardaithe ag an údarás forfheidhmiúcháin laistigh den tréimhse sin, nó tar éis don údarás forfheidhmiúcháin a dheimhniú sula mbeidh an tréimhse 10 lá istigh nach luafaidh sé foras le haghaidh diúltú, a luaithe is féidir agus ag deireadh na tréimhse 10 lá ar a dhéanaí

☐ gan moill mhíchuí agus, ar a dhéanaí, laistigh d'ocht n-uair an chloig i gcás éigeandála ina bhfuil an méid seo a leanas i gceist:

☐ garbhaol do bheatha, sláine coirp nó sábháilteacht duine

☐ garbhaol do bhonneagar criticiúil mar a shainmhínítear i bpointe (a) d'Airteagal 2 de Threoir 2008/114/CE ón gComhairle ([3]) é, i gcás ina mbeadh garbhaol ann do bheatha, sláine coirp nó sábháilteacht duine dá gcuirfí isteach ar an mbonneagar criticiúil sin nó dá scriosfaí é, lena n-áirítear trí dhochar tromchúiseach a dhéanamh do sholáthar soláthairtí bunúsacha don phobal nó d'fheidhmiú phríomhfheidhmeanna an Stáit.

Luaigh aon spriocdhátaí nós imeachta nó spriocdhátaí eile ar cheart iad a chur san áireamh chun an EPOC seo a fhorghníomhú: ....

Tabhair faisnéis bhreise i gcás inarb ábhartha: ....

CUID D: Gaol le hiarraidh a rinneadh roimhe seo ar fhianaise a thabhairt ar aird nó ar chaomhnú (cuir tic leis agus comhlánaigh más infheidhme agus má tá sé ar fáil)

☐ Caomhnaíodh na sonraí a iarradh go hiomlán nó go páirteach i gcomhréir le hiarraidh ar chaomhnú a rinneadh roimhe seo

arna heisiúint ag ..... (luaigh an t-údarás agus an uimhir chomhaid)

ar an .... (luaigh an dáta a eisíodh an iarraidh)

agus arna tarchur ar an ..... (luaigh an dáta a tarchuireadh an iarraidh)

chuig ..... (luaigh an soláthraí seirbhíse/an t-ionadaí dlíthiúil/an bhunaíocht ainmnithe/an t-údarás inniúil a ndearnadh an iarraidh a tharchur chuige nó chuici agus, má tá sí ar fáil, an uimhir chomhaid a thug an seolaí).

☐ Baineann na sonraí a iarradh le hiarraidh ar fhianaise a thabhairt ar aird a rinneadh roimhe seo

arna heisiúint ag ..... (luaigh an t-údarás agus an uimhir chomhaid)

ar an .... (luaigh an dáta a eisíodh an iarraidh)

agus arna tarchur ar an ..... (luaigh an dáta a tarchuireadh an iarraidh)

chuig ..... (luaigh an soláthraí seirbhíse/an t-ionadaí dlíthiúil/an bhunaíocht ainmnithe/an t-údarás inniúil a ndearnadh an iarraidh a tharchur chuige nó chuici agus, má tá sí ar fáil, an uimhir chomhaid a thug an seolaí).

Aon fhaisnéis ábhartha eile: ....

([3]) Treoir 2008/114/CE ón gComhairle an 8 Nollaig 2008 maidir le bonneagair chriticiúla Eorpacha a shainaithint agus a ainmniú agus maidir le measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le cosaint na mbonneagar sin a fheabhsú (IO L 345, 23.12.2008, lch. 75).

CUID E: Faisnéis chun tacú le sainaithint na sonraí a iarradh (comhlánaigh a mhéid atá an fhaisnéis sin ar eolas agus a bhfuil gá léi chun na sonraí a shainaithint)

Seoladh/seoltaí IP agus stampaí ama (an dáta agus an t-amchrios san áireamh): .....

Uimh. theileafóin: ....

Seoladh nó seoltaí ríomhphoist: ....

Uimhir nó uimhreacha IMEI: ....

Seoladh nó seoltaí MAC: ....

